



An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta



AN GHNÍOMHAIREACHT AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT

Tuarascáil Bhliantúil 2012

Eolas Fúinn

Is cuideachta an Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe cpt. atá faoi choimirce Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais. Cuireadh ar bun é faoin Acht um Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981 agus rinneadh a chorprú sa bhliain 1982. Is i seilbh Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe na hÉireann atá scaranna na cuideachta.

Is é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a cheapann Bord na Gníomhaireachta. Dáréag comhalta a bhíonn ar an mBord agus bíonn ionadaithe ina measc atá ina gcomhaltaí agus ina n-oifigigh údarais áitiúil, a bhaineann leis an earnáil tithíochta dheonach nó ar seirbhísigh poiblí sinsearach a iad.



Tuarascáil Bhliantúil 2012

Clár na nÁbhar

Bord na Stiúrthóirí	2
Tuairisc an Chathaoirligh	4
Tuairisc na Stiúrthóirí	12
Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorporáidigh	18
Ráiteas um Freagrachtaí na Stiúrthóirí	28
Tuairisc an Iniúcháir Neamhspleáigh do Chomhaltaí na Gníomhaireachta	
Airgeadais Tithíochta cpt	30
Ráiteas um beartais chuntasaíochta	32
Cuntas ioncaim agus caiteachais	36
Ráiteas faoi iomlán an ghnóthachain agus an chaillteanais aitheanta	37
Clár Comhardaithe	38
Ráiteas ar Shreabhadh airgid	39
Réiteach idir an sreabhadh airgid glan agus an ghluaiseacht i nglanfhiachas	40
Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad	41
Aguisín 1: Iarmhéid gan íoc ag údarás áitiúil agus ag comhlacht tithíochta ceadaithe (neamhiniúchta)	72
Aguisín 2: Iasachtaí arna dtabhairt ar airleacan ag údarás áitiúla agus comhlacht tithíochta ceadaithe (neamhiniúchta)	74
Aguisín 3: Iarmhéid gan íoc ar an leabhar iasachta ó thaobh ráta, cinéal agus téarma na hiasachta (neamhiniúchta)	75
Aguisín 4: Struchtúr Foirne na Gníomhaireachta	76

Bord na Stiúrthóirí



Michelle Norris
(Cathaoirleach)

Is léachtóir sinsearach í le Polasaí Sóisialta i UCD agus díríonn a hábhair spéise muinteoireachta agus taighde ar pholasáí tithíochta agus ar athbheochan uirbeach. Bhí baint aici le breis agus 20 tionscadal taighde ar na saincheisteanna sin, mar cheannaire nó mar rannpháirtí, le linn a gairme. Chuir sí breis agus 100 foilseachán amach ar thorthaí na dtionscadal sin. Sa bhliain 2011 cheap an Taoiseach í ina comhalta neamhspleách ar an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta



Colm Brophy

Is Comhairleoir é ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath ó 2008. Is comhalta Boird é de Bhord Fiontair Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus de Thurasóireacht Bhaile Átha Cliath Theas chomh maith. Is é Colm Bunaitheoir agus Bainisteoir Ginearálta T. E. Corporate Promotions – soláthraí speisialtóra seirbhísí bainistíochta imeachtaí.



Padraic Cafferty

Tá Padraic ina stiúrthóir bainistíochta le Datascan, ina Chathaoirleach Feidhmeannach le Northwood Technology Ltd, agus ina Dhílseánach le Lárionad Gnó Westpoint agus le Lárionad Gnó Sigmund, Glas Naíon, Baile Átha Cliath. Tá Padraic ina chomhalta le hInstitiúid Slándála na hÉireann faoi láthair agus is Iar-Uachtarán é ar Chumann Thionscal Slándála na hÉireann.



James Miley

Is Comhairleoir Gnó agus Stiúrthóir Cairte cáilithe é agus tá obair déanta aige i réimse leathan earnálacha idir chraolachán, chúnamh forbartha, polaitíocht agus gnó. Bhí sé ar dhuine de chomhbhunaitheoirí an láithreáin ghréasáin maoine myhome.ie, agus leis tá tuiscint ghrinn agus eolas beacht faighte aige ar mhargadh maoine na hÉireann. Chomh maith lena shaol oibre, bhí sé ina Chathaoirleach ar Concern Worldwide ó 2007 go 2010 agus tá sé ina stiúrthóir fós ann.



Michelle Murphy

Is í an Bainisteoir Réigiúnach í i Collins McNicholas Recruitment & HR Services Group, a chlúdaíonn iarthar na tíre. Tá céim M.Sc aici i mBainistiú Straitéiseach Acmhainní Daonna agus is Comhalta í den Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra.



Michael Murray

Tá céim honóracha san Eacnamaíocht ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath é agus d'fhóin sé i rólanna sinsearachta éagsúla sa bhaincéireacht i London agus i mBaile Átha Cliath ó 1977 go 2002. Chuaigh sé isteach sa Choimisiún Eorpach i 2004, áit a d'fhan sé go dtí 2010, agus is é a bhí freagrach as comhairle a chur ar an gCoimisinéir um an Margadh Inmheánach maidir le rialáil ar bhaincéireacht agus ar na margaí urrús. Tá Michael ag obair mar chomhairleoir faoi láthair ar raon saincheisteanna maidir le seirbhísí airgeadais.



John Hogan

Is Príomhoifigeach é sa Rannán Baincéireachta sa Roinn Airgeadais. D'oibrigh John sa Roinn Oideachais, sa Roinn Comhshaoil agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha roimhe seo.



Gerry Leahy

Tá sé ina ghníomhaire eastáit ó 1980 agus féachtar air mar shaineolaí i réimse na tithíochta nua ó thaobh díolacháin agus forbairtí. Bhí Gerry ina Stiúrthóir ar Horse Sport Ireland agus Eventing Ireland agus d'fhoilsigh Plean Straitéiseach ar Ardfeidhmíocht ar Cháiliú do na Cluichí Oilimpeacha i Spóirt na hEachaíochta.



Jackie Maguire

Tá sí ina bainisteoir ar Chomhairle Contae Liatroma ó Mheitheamh 2006; chuir sí tús lena gairm sa Rialtas Áitiúil le Comhairle Contae na Mí i 1981, agus fuair sí ardú céime mar Cheann Airgeadais i 2000 agus mar Stiúrthóir Seirbhísí i 2003. Tá Dioplóma i mBainistíocht Airgeadais agus Máistreacht in Airgeadas Tionscadail/Bainistíocht Fiontair aici.



Philip Nugent

Is Príomhoifigeach é sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus tá sé freagrach as Pleanáil agus as Polasaí Tithíochta & Airgeadais.



Mary Lee Rhodes

Is Ollamh Cúnta le Bainistíocht Phoiblí í i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Díríonn a cuid taighde ar chórais bainistíochta poiblí chasta agus ar an dinimic a bhaineann le feidhmíocht. Tá baint aici le taighde agus bainistíocht san earnáil neamhbhrabúis agus tá taithí aici ar bhainistíocht oibríochtaí agus teicneolaíocht baincéireachta ó JP Morgan, agus mar anailísí eacnamaíoch leis an Roinn Talmhaíochta i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Eolas Eile

Rúnaí

Tom Conroy, ACMA, CGMA

Oifig Chláraithe

46 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.

T +353 1 872 5722

F +353 1 872 5878

R cosec@hfa.ie

I www.hfa.ie

Iníúcháirí

KPMG

Cuntasóirí Cairte,
Gnóchlacht Iníúcháireachta Reachtuil,
1 Plás Mháistir an Chuain,
Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann,
Baile Átha Cliath 1.

Aturnaetha

McCann FitzGerald,
Cois Abhainn a hAon,
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2.



Tuairisc an Chathaoirligh

Is údar mór áthais dom Turarascáil Bhliantúil 2012 a chur i láthair, lena gclúdaítear an chéad bhliain iomlán de mhaoirseacht an Bhoird reatha ar an nGníomhaireacht. Tá sé ráite agam go bhfuil sé d'uaimhmhian agam, le linn dom a bheith i mo Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht, go leanfaimid ar aghaidh le bheith ag obair chun an tseirbhís is éifeachtúlaí agus is fearr luach is féidir a sholáthar do chustaiméirí reatha dár gcuid agus caidrimh, a bheidh tairbheach dúinn araon, a shaothrú le custaiméirí nua le cur ar a gcumas tithíocht a sholáthar do dhaoine aonair agus do theaghlaigh nach féidir leo tithíocht ón margadh a dhaingniú. Is údar áthais dom a thuairisciú sa Turarascáil Bhliantúil seo gur féidir linn dul chun cinn suntasach i leith an dá aidhm sin a léiriú.

Na Príomhnithe a Baineadh Amach


Is é príomhról na Gníomhaireachta iasachtaí a thabhairt d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (AHBanna – ar a dtugtar cumainn tithíochta freisin) le cur ar gcumas a bhfeidhmeanna faoi achtanna na dtithe a chomhlíonadh. Baineann na feidhmeanna seo go príomha le hiasachtaí tithíochta a sholáthar dóibh siúd nach féidir leo cóiríocht ón margadh a dhaingniú. Féachann an Gníomhaireacht leis na hiasachtaí seo a sholáthar ar na rátaí is ísle is féidir. I rith 2012, d'éirigh iontach maith leis an nGníomhaireacht ó thaobh a sainchúram a chomhlíonadh agus, i measc na nithe a bhain sinn amach, tá an méid seo a leanas ina chuid suntais ar leith.

- Ba é €70 milliún glansuim na n-iasachtaí a thug an Gníomhaireacht amach, de réir a cuid taifead, rud a d'fhág gur méadaíodh leabhar na n-iasachtaí go dtí €4.44 billiún.
- Tá €73 milliún sna cúlchistí anois, rud atá ann leis na rioscaí fadtéarmacha agus saoi a eascraíonn i bpunann iasachtaí na Gníomhaireachta a chlúdach, agus tá sé de bheartas fós ag an nGníomhaireacht a chinntiú go gclúdófar rioscaí dá leithéid go hiomlán. Déanann an Bord grinnmhonatóireacht ar bhainistíocht riosca agus ar thuilleamh na Gníomhaireachta, agus déantar coigeartuithe ina corrlaigh ó am go céile lena chinntiú gur leor na torthaí leis an leibhéal inmhianaithe cúlchistí a ghiniúint.



- Thuill an Ghníomhaireacht barrachas €15 milliún i mbliana, agus rátaí úis an-íseal agus iomaíocha á seachadadh ag an am céanna dár gcustaiméirí.
- Ar á dtorthaí i 2012 áfach, tá an Ghníomhaireacht i riocht díbhinn a íoc, leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá íocaíocht €20m ina fianaise ar chumas na Ghníomhaireachta sárluach a chur ar fáil dá custaiméirí agus scairshealbhóirí, agus ag am an céanna, cúlchistí a choinneáil ar leibhéal a bheith leordhóthaineach leis an nGníomhaireacht a chosaint ar na rioscaí atá de dhlúth is d'inneach ár ngnó.

Barrachas agus Cúlchistí 2008-2012




Iasachtú

Is é misean na Ghníomhaireachta airgead iasachta cost-éifeachtúil a fhoinsiú agus a sholáthar d'údaráis áitiúla agus do AHBanna san earnáil dheonach agus chomharthithíochta. Faoi láthair tugann an Ghníomhaireacht iasachtaí do 42 údarás áitiúil faoi éagsúlacht scéimeanna agus struchtúr. I 2012, b'fhiú €327 milliún oll-airleacain iasachta, b'fhiú €257 milliún aisíocaíochtaí agus fuascailtí san iomlán, ag fágáil gur €70 milliún an ghlansuim a tugadh ar airleacan don bhliain.


Tá leabhar iasachtaí na Ghníomhaireachta comhdhéanta, de chuid is mó de, díobh seo a leanas:

- Iasachtaí faoin Scéim Iasachta agus Fóirdheontais Chaipitil (€1,174 milliún), lena maoinítear soláthar na tithíochta sóisialta ag AHBanna;
- Airgeadas idirlinne agus éadail talún le haghaidh na tithíochta inacmhainne (€993 milliún) do lucht faighte iasachtaí tithíochta ar ioncam íseal;
- Tá €863 milliún fós amuigh ag údaráis áitiúla chun críocha a bhaineann le tithíocht faoi Alt 11 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, a raibh €337 milliún de do thionscadail bhonneagair maidir le huisce, dramhaíl agus an comhshaol;
- Iasachtaí ar rátaí seasta agus inathraithe don cheannach tí, a sholáthraíonn údaráis áitiúla do theaghlaigh ar ioncaim ísle agus ar mheánioncaim (€825 milliún); agus
- Iasachtaí Úinéireachta Roinnte (€528 milliún) – scéim ceannaigh/cíosa do lucht ceannaigh tí ar ioncam íseal.

Iarmhéid dlite ar iasachtaí a tugadh ar airleacan 2008-2012



Iasachtaí a Tugadh ar Airleacan trí Oll-iasachtaí/Glaniasachtaí 2008-2012



Tuigeann an Ghníomhaireacht an brú ó thaobh cúrsaí airgeadais a bhíonn ar an gcóras rialtais áitiúil agus ar go leor díobh siúd a bhain leas as iasachtaí ó údarais áitiúla le teach a cheannach. Tá sí ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus le húdarais áitiúla, chun a chinntiú go mbíonn an raon roghanna a leagtar amach faoi Chód Iompair an Bhainc Cheannais ar Riaráistí Morgáiste (lena n-áirítear athróg de chuid na n-údarás áitiúla den Phróiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste) ar fáil d'iasachtaithe anásta. Tá struchtúir iasachtaí chuí á bhforbairt aici freisin d'údarais áitiúla chun teacht níos fearr lena gcúinsí airgeadais. Is fiú a thabhairt faoi deara, in aineoinn gur tháinig struchtúir iasachtaí dá leithéid chun cinn agus in aineoinn na srianta ó thaobh cúrsaí airgeadais atá roimh údarais áitiúla, go bhfuil siad ar fad ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí go léir don Ghníomhaireacht.

Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Tá beartas tithíochta reatha an rialtais bunaithe ar an rogha, ar chothrom na féinne agus ar an gcothromas trasna tionachtaí agus ar a bheith ag cur torthaí ardchaighdeán ar fáil i bhfianaise na n-acmhainní a infheistíodh. Is é cuspóir an bheartais cumasú do gach teaghlach teacht ar thithíocht dhea-chaighdeán inacmhainne, a oireann do chúinsí an teaghlaigh agus ina rogha féin de phobal.

I bhfianaise an bhail atá ar chúrsaí eacnamaíochta na tíre faoi láthair, tá cinneadh déanta ag lucht déanta beartais go gcaithfear tacaí tithíochta an rialtais a dhíriú ar a bheith ag freastal ar na riachtanais tithíochta is géire agus tá ról lárnach le himirt ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe san obair ó thaobh tithíocht shóisialta ar cíos a chur ar fáil. Ó thaobh na Gníomhaireachta de, thug sin dúshlán dúinn a bhfáiltímid roimhe, is é sin, go gcuireann sé ar ár gcumas raon de réitigh nuálacha ó thaobh maoiniúcháin a thairiscint dár gcustaiméirí. Tá an Ghníomhaireacht i riocht maith le hairgeadas a sholáthar, le rannpháirtíocht lucht baincéireachta na hearnála príobháidí ag dul i méad, de réir agus nuair a thiocfaidh feabhas ar chúrsaí eacnamaíochta de réir a chéile.

Ba chosúil i dTuarascáil Bhliantúil na bliana anuraidh go dtiocfadh méadú ar an ngnó leis na AHBanna. Is údar áthais dom a rá gur fóraíodh an dearcadh dearfach sin ar chúrsaí. Cuireann na AHBanna isteach ar stádas mar Chomhlacht Deimhnithe lena measúnaítear a oiriúnaí is atá siad le hiasachtaí a thabhairt, trí scrúdú a dhéanamh ar a gcuid cuntas airgeadais le trí bliana anuas, agus trí shuíl a thabhairt ar a struchtúr rialachais chorparáidigh agus ar a gcuid pleananna airgeadais agus forbartha. As measc an 18 n-iarratas a fuarthas ar Stádas Deimhnithe, ceadáíodh 6 AHB agus diúltaíodh do 8 gceann, a bhfuil 4 chinn díobh fós ag leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas go n-éireoidh le hiarratas uathu.

Tá Coiste Creidmheasa na Gníomhaireachta comhdhéanta de chomhaltaí Boird agus de lucht na bainistíochta sinsearaí. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn na bliana agus, mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012, cheadaigh an Ghníomhaireacht iarratais ar iasachtaí ar luach €23 milliún san iomlán, ar tugadh €9 milliún de ar airleacan tráth scríofa na tuarascála seo. Táthar ag súil leis go leanfaidh an fás ar aghaidh ó thaobh leibhéil na n-iasachtaí sa réimse seo in 2013. Leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh le bheith ag idirghníomhú go minic le AHBanna le sraith na dtáirgí a tháirgeamaid a mhionathrú chun feabhais. Tá mionsonraí breise ar na hiarratais ar chreidmheas a rinne na AHBanna le fail ar leathanach 15 den Tuarascáil seo.

Rátaí Úis

Tá rátaí úis na Gníomhaireachta fós ar an gceann ab ísle atá ar fáil ar an margadh. Is é 2.75% an ráta reatha do lucht faighte iasachtaí tithíochta ó údaráis áitiúla. Bhain teaghlaigh tairbhe as ráta morgáiste blianachta ceannaigh tithe a ghin an Gníomhaireacht a bhí thart ar 1.5% faoi bhun na meánrátaí athraitheacha caighdeánacha ar an margadh, mar a bhí, 4.25 % ag deireadh 2012 . Beidh, mar a bhí roimhe, ar chinntí na Gníomhaireachta maidir le hathruithe ar an ráta úis sa todhchaí a eascraíonn as gluaiseachtaí ECB/EURIBOR, aird a thabhairt ar chostas a cuid airgid agus ar an riachtanas a costais a íoc as a cuid oibriúcháin.

I 2012, d'íoc údaráis áitiúla meánráta athraitheach 2.29% ar iasachtaí do thithíocht neamh-mhorgáiste agus chun críocha bainteach le tithíocht.

Bíonn an struchtúr ráta úis d'iasachtaí a dhéantar go díreach le AHBanna níos airde, rud a léiríonn na rioscaí níos airde a bhaineann le hiasachtaí a thabhairt don earnáil neamhspleách, neamhbhrabúsach; ach tá siad fós an-tarraingteach nuair a chuirtear iad i gcomparáid leis na rátaí úis atá ar fáil ón margadh.

Maoiniú

Tá struchtúr ráta athraithe ag formhór mór iasachtaí na Gníomhaireachta agus mar sin, ghin an Gníomhaireacht an maoiniú do na hiasachtaí seo go traidisiúnta trí Chlár páipéir [ECP] eurotráchtála státurraithe €6 billiún. Tar éis do rialtas na hÉireann tarraingt siar ó mhargáí airgid idirnáisiúnta, d'éirigh leis an nGníomhaireacht teacht ar fhoinsé mhalartach de mhaoiniú ar ráta comhlúthach in 2011 trí Chlár Tacaíochta Airgeadais iltaobhach an AE/IMF d'Éirinn. Tá an áis seo, a dtagtar uirthi trí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) a bheith ag baint úsáide as Clár Nótaí faoi Ráthaíocht na Gníomhaireachta, fós i bhfeidhm. Tá €4.5 billiún d'acmhainn ag an áis, ar mó é ná an tsuim a bheidh ag teastáil chun riachtanais athraitheacha na Gníomhaireachta ó thaobh maoinithe a chlúdach faoi láthair. Bhí suim €4.11 billiún tarraingte ag an nGníomhaireacht faoin gclár Nótaí faoi Ráthaíocht faoi dheireadh na bliana, ar maoiníodh €3.98 billiún de trí Chlár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF.

Chuir tionacht réasúnta gearr nótaí a eisíodh faoin gclár seo ar chumas na Gníomhaireachta rátaí úis an-iomaíocha a choinneáil dá gcustaiméirí agus soláthar árachaithe maoinithe acu.

Cé go bhféadfadh an tráth a fhillfidh an Gníomhaireacht ar a bheith ag fáil maoinithe go neamhspleách ar na margaí idirnáisiúnta a bheith níos déanaí ná an tráth a fhillfidh Éire

féin ar na margaí, tá an Gníomhaireacht réidh dá aineoinn sin lena clár ECP a athsheoladh chun éascú léi filleadh ar staid féinmhaoinithe. Is deacair an tionchar ar chostas cistí na Gníomhaireachta a mheas faoi láthair, ach tá an Bord sásta go bhfuil raon leordhóthaineach de roghanna maoinithe ar fáil di, rud a ligfidh dúinn leanúint ar aghaidh lenár misean a chomhlíonadh ó thaobh an ráta is fearr is féidir a sholáthar dár gcustaiméirí.

Baineann an Gníomhaireacht úsáid freisin as an gclár Nótaí faoi Ráthaíocht chun áis infheistíochta a chur ar fáil d'údaráis áitiúla dá mbarrachas airgid, agus rátaí úis iomaíocha á dtairiscint. I 2012, dhéileáil an Gníomhaireacht le 21 údarás áitiúil sa réimse seo dá gnó (24 i 2011). Tháinig laghdú 48% ar mheánláimhdeachas seachtainiúil infheistíochtaí go €89 milliún i 2012 (ó €173 milliún i 2011). Tharla an laghdú seo de thoradh an earnáil bhaincfeachta miondíola a bheith ag íoc rátaí níos airde ar thaiscí agus ag mealladh gnó na n-údarás áitiúil. Is foinse eile maoinithe don Gníomhaireacht í an áis i dteannta seirbhíse solúbtha agus cost-éifeachtúla a chur ar fáil dá gcustaiméirí.

Rialachas corparáideach agus pleanáil

Tá sé d'aidhm ag an nGníomhaireacht na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach. Cloíonn sé leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* a d'eisigh an Roinn Airgeadais. Leagan an Cód creat amach atá le glacadh ag comhlachtaí Stáit chun dea-chleachtas do rialachas corparáideach i gcomhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhtráchtála a bhaint amach. Faoi gCód cuireann an Gníomhaireacht tuarascálacha leath-bhlantúla ar fáil, in am, do na Ranna Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta. Tá eolas breise, ar ghá a nochtadh faoi Aguisín V den Chód, ar fáil le Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorparáidigh ar leathanach 18.

Tá Lámhleabhar ar Bheartais agus Nósanna Imeachta ag an nGníomhaireacht atá tagarmharcáilte de réir an chleachtais is fearr agus a ghníomhaíonn mar uirlis riachtanach é do bhainistíocht cheart agus chomhsheasmhach gnó na Gníomhaireachta. Déantar uasdátú bliantúil ar Phlean Corparáideach rollach cúig bliana na Gníomhaireachta, a fhoilsítear ar a láithreán gréasáin, agus cuirtear síos ar chlár gnó é go bhfaomhfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus an Bord ina dhiaidh sin é. Comhlíonann an Gníomhaireacht Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe (féach Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorparáidigh ar leathanach 18).

Tuairisc an Chathaoirligh (ar lean)

Leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh le bheith ag comhlíonadh larscríbhinn Rialachais Chorporáidigh na hÉireann arna heisiúint ag Stocmhalartán na hÉireann, atá glactha go deonach ag an nGníomhaireacht in 2011.

Chomh maith leis sin, déantar tuairisciú go rialta ar chuspóirí na Gníomhaireachta faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh agus foilsítear iad ar a láithreán gréasáin, www.hfa.ie.

Bainistíocht rioscaí

Faoi mar a forordaíodh leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, ghlac an Bord agus Coiste Bainistíochta Rioscaí foirmiúil, atá comhdhéanta de lucht na bainistíochta sinsearaí, creat beartais bhainistíochta rioscaí atá i bhfeidhm ó 2009 (maoirsiú á dhéanamh ag an gCoiste Iníúchóireachta air). Is mír sheasta í an mhonatóireacht ar rioscaí ar chlár gach cruinniú Boird. Cuireadh clabhsúr leis an oll-athbhreithniú is déanaí ar ár *mBeartas agus Creat Bainistíochta Rioscaí* i mí na Nollag 2011 tar éis athbhreithnithe neamhspleáigh ar chreat an bheartais lena chinntiú gur cuimsíodh gach riosca cuí. Cuireadh seo i ngníomh go hiomlán i 2012.

Tá an Ghníomhaireacht ag tabhairt aghaidh ar rioscaí a dteastaíonn coinneáil chúlchistí leordhóthanacha agus, nuair is cuí, forálacha sonracha uathu. Baineann *riosca boilscithe* go príomha le costas neamhréir fhadtéarmach idir iasachtaí innéacsaithe bainteach le hioncam agus úinéireacht roinnte níos sine agus na bannaí leagáide a mhaoinionn iad. Thabhaigh na hiasachtaí seo caillteanas €2.7 milliún i 2012 (2011: €2.0 milliún), agus leanfaidh an neamhréir seo go dtí 2015 (nuair a bheidh aisíoc na mbannaí dlite). Ina theannta, féadfaidh difríochtaí sa bhoilsciú laistigh den bhliain gnóthachain nó caillteanais a sholáthar. I 2012 sholáthraigh na difríochtaí seo gnóthachan caillteanas €0.7 milliún, i gcomparáid le gnóthachan €1.4 milliún in 2011. Ach ón méantréimhse go fad tréimhse áfach, ba chóir go mbeadh cothromas idir gluaiseachtaí inbhliana ar an iomlán.

Tá riosca substaintiúil ag an nGníomhaireacht i gcodanna dá punann – go príomha sna leabhair ráta seasta agus innéacsasctha – de thoradh athruithe struchtúracha i leibhéal rátaí úis ón Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta i 1998. Tá fiachas innéacsasctha agus ráta úis seasta fadtéarmach ag an nGníomhaireacht á maoiniú ag dhá bhanna a mbeidh deireadh leo i 2015 agus i 2018. Cruinníodh an fiachas seo chun scéimeanna tithíochta sonracha a mhaoiniú sna 1980idí. Is luach eisceachtúil a bhí ann ag an am agus isteach sna luath 1990idí. Ach bhrostaigh an titim struchtúrach ar rátaí úis ó lár na 1990idí

méadú substaintiúil i bhfuascailt iasachtaí. I dteannta leis an gceart a dheonaigh an rialtas chun iasachtaí rátaí seasta a réamhíoc gan pionós i 1989 (tar éis gur eisíodh na bannaí) is forbairt neamhréir shuntasach sa leabhar iasachta a bhí mar thoradh don Ghníomhaireacht.

Leanfaidh an neamhréir ráta seasta go dtí 2018, nuair a thagann eisiúint banna in aibíocht. Sna blianta 1986-89, rinne an Ghníomhaireacht airleacain ráta seasta bainteach le morgáistí, á maoiniú ag eisiúint banna ráta seasta an phuint Éireannaigh. D'fhág dolúbthacht choibhneasta cúinsí eisiúna sa timpeallacht réamh-euro go raibh neamhréir a d'eascair thar thréimhse ama idir méid na n-iasachtaí gan íoc agus na mbannaí a eisíodh. Chosain sé seo €4.8 milliún i 2012 (2011: €4.4 milliún) ar an nGníomhaireacht.

Tá an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas creidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó mhorgáistí roimh Bhealtaine 1986, sa mhéad go bhfuil iasachtaí bunúsacha le lucht faighte iasachtaí indibhidiúla ag údaráis áitiúla fós, a urraítear leis an mbunmhaoín mhorgáiste agus le hárachas um chosaint morgáiste. Tá comhthaobhacht ag údaráis áitiúla in aghaidh iasachtaí a tugadh roimh 27 Bealtaine 1986, i bhfoirm leasanna morgáiste ar mhaoín agus is nuair nach leor an chomhthaobhacht sin chun an fiachas a urscaoileadh go bhfuil an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas i leith aon chaillteanais lagaithe a éireoidh. Ceanglaítear ar iasachtaithe aonair árachas um chosaint morgáiste a bheith acu ar a gcuid réadmhaoine. Maidir le hiasachtaí tar éis Bealtaine 1986, i gcomhthéacs (a) údaráis áitiúla a bheith ina gcomhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus achtacháin eile, (b) a n-ioncaim nó a maoiniú a bheith mar urrús d'íocaíocht dlite don Ghníomhaireacht de na suimeanna go léir atá dlite ó údaráis áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht), (c) go gceadaíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gach iasacht airleachta d'údaráis áitiúla, agus (d) go dtuigeann an Bord go dtacaíonn Rialtas láir le húdaráis áitiúla agus iad ag freastal ar a n-oibleagáidí don Ghníomhaireacht; tá an Bord den tuairim nach n-eascraíonn aon riosca creidmheasa go substaintiúil ar iasachtaí a airleacadh go dtí údaráis áitiúla ar nó tar éis 27 Bealtaine 1986, agus nár taifeadadh aon fhorálacha caillteanais iasachta i leith na n-iasachtaí sin. I rith 2012, d'fhág an riosca creidmheasa a bhain le hiarmhéideanna ar iasachtaí níos sine bainteach le hioncam roimh Bhealtaine 1986 gur gá comhsholáthar sa bhreis de €0.33 milliún, an soláthar iomlán don ghné seo riosca á mhéadú go €1.41 milliún. Cé nár úsáideadh an soláthar a cuireadh ar fáil go dtí seo, d'fhéadfadh go mbeadh sé i gceist sa todhchaí

Déantar formhór iasachtaithe na Gníomhaireachta – blianachtaí 30 bliain den chuid is mó – a mhaoiniú trí áis na Nótaí faoi Ráthaíocht, á n-urrú ag Aire Airgeadais na hÉireann. Tá aibíocht ag nótaí faoin áis seo ó 1 lá go 3 mhí, agus formhór na nótaí san aibíocht dheireanach. Tá an Roinn Airgeadais tar éis iarraidh ar NTMA leanúint orthu ag cur maoiniú ráta comhlúthaigh ar fáil don Ghníomhaireacht tríd an gclár GN. Measann an Bord go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ann chun aon riosca leachtachta a eascroidh thar na chéad 12 mí eile a chlúdach ón dáta a cheadófar na ráitis airgeadais.

Faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002, tá cumhacht ag an nGníomhaireacht iasacht dhíreach a thabhairt go díreach do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (comhlachtaí tithíochta deonacha agus cumainn chomharthithíochta). Is aistriú bunúsach é an t-iasachtú díreach chuig comhlachtaí dá leithéid, ó oibríochtaí agus ó phróifíl riosca na Gníomhaireachta atá ann cheana. Go dtí seo, bhí neamhchosaint na Gníomhaireachta dírithe ar údarais áitiúla. Tugann iasachtú d'eintitis eile leibhéal riosca níos mó le fios agus éilíonn sé seo leibhéal éagsúil measúnaithe agus díchill chuí. Chun an riosca seo a mhaolú fostaíodh seirbhísí cuideachta measúnaithe airgeadais neamhspleách agus bunaíodh Coiste Creidmheasa chun na hiarratais uile a mheasúnú. Caithfidh AHBanna ar mian leo iasacht a fháil ón nGníomhaireacht measúnú airgeadais ginearálta a chur isteach chun stádas Comhlachta Deimhnithe a fháil. Ní féidir cur isteach ar airleacain iasachta go dtí go ndeimhnítear an stádas sin, agus déantar iad a mheasúnú ansin.


Is maith liom a chur in iúl go bhfuil ciste pinsin na Gníomhaireachta maoinithe go hiomlán amhail dheireadh na bliana 2012, i gcomhlíonadh Chaighdeán Mhaoinithe Bhord Pinsean na hÉireann.

Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá sé fós iontach tábhachtach ar fad don Ghníomhaireacht go dtabharfar sár-Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Rinneamar suirbhé ar ár gcustaiméirí, na húdarais áitiúla, le linn na bliana agus b'údar spreagaidh dúinn an t-aiseolas an-dearfach a fuarthas.

Chlúdaigh an suirbhé gach údarás áitiúil agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Bhí 21 cheist ann san iomlán – 18 gceist ilrogha agus 3 cheist oscailte lenar clúdaíodh ábhair cosúil le cumarsáid agus comhfhreagras, láithreáin gréasáin na Gníomhaireachta, agus aiseolas ar ár seimineár eolais. Fuarthas 88 suirbhé comhlánaithe, lenar clúdaíodh 42 údarás áitiúil. Iarradh ar 20 duine de phearsanra tithíochta na Roinne an suirbhé a chomhlánú freisin agus, fuarthas 8 bhfreagairt as a measc siúd.

Cumarsáid – % Sástacht Custaiméirí leis an GAT



Rinneadh dearbhuithe dearfacha maidir leis an tseirbhís a sholáthair an Ghníomhaireacht, chomh maith le roinnt moltaí úsáideacha a rinne na freagróirí chun ár seirbhís a fheabhsú.

Leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh le bheith ag díriú ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an tSeirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí, cosúil le:

Maidir le híocaíocht amach tráthúil *airleacan iasachta d'údarais áitiúla*, tá sprioc ag an nGníomhaireacht go ndéantar 95% d'iasachtaí a chur ar aghaidh laistigh de seacht lá tar éis an t-iarraitas a fháil. Tá an Ghníomhaireacht tar éis an sprioc seo a bhaint amach i 2012 le leibhéal comhlíontachta 93%.

Tomhaiseann *Comhlíonadh Lámhleabhar Polasaithe agus Nósanna Imeachta na Gníomhaireachta* ár gcloí le rialachas corparáideach struchtúrach agus iomchuí. Déantar tuairisciú ar chomhlíontacht faoi dhó sa bhliain agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú uirthi. Ba é ár sprioc sa réimse seo líon an tsáraithe ar nósanna imeachta agus ar pholasaithe a theorannú (seachas díobh siúd ag eascairt as asláithreachtaí foirne) go dtí níos lú ná deich. Tá áthas orm a thuairisciú gur bhaineamar ár sprioc amach, gan ann ach aon tuairisciú eisceachta amháin dá leithéid i 2012.

Tá *oiliúint agus forbairt foirne* tábhachtach d'éifeachtúlacht leanúnach na Gníomhaireachta. Níor baineadh ár sprioc amach ó thaobh caiteachas ar oiliúint, ar choibhéis 4% de chostais phárolla, a dhéanamh, ag éirí as laghduithe caiteachas riaracháin riachtanacha, a raibh toradh 3.9% i ndeireadh na bliana air do 2012 (2011: 2.6%).

Is tomhas tábhachtach faoi chomh maith agus a fheastalaíonn eagraíocht ar a custaiméirí é *déileáil le comhfhreagras ó fhoinsí seachtracha ar bhealach tráthúil*. Leanann an Ghníomhaireacht uirthi ag baint a sprioc amach chun freagra a thabhairt ar gach comhfhreagras a fhaightear ó fhoinsí seachtracha laistigh de sheachtain oibre amháin.

Tuairisc an Chathaoirligh (ar lean)

Déanann an Gníomhaireacht deimhin de, dlúthcheangal a choinneáil lena custaiméirí trí phléití agus léiriúcháin do chumainn ionadaíochta oifigigh de chuid údaráis áitiúil (bainisteoirí cathrach agus contae, ceannairí airgeadais agus cléirigh bhaile); cruinnithe duine ar dhuine le baill foirne ó údaráis áitiúla; agus rannpháirtíocht i gcoiste idirchaidrimh údaráis áitiúil/na Gníomhaireachta, cuimsithe de stiúrthóirí na Gníomhaireachta agus bainisteoirí contae agus cathrach. I rith na bliana, thionól an Gníomhaireacht sraith seimineár eolais réigiúnda do phearsanra de chuid údaráis áitiúil a riarann iasachtaí tithíochta. Ceaptar go coitianta gur bearta luachmhara iad seo, agus tá sé i gceist leanúint leo i gceann eatramh tréimhsiúla.

Saoráil Faisnéise

Bhí an Gníomhaireacht laistigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, ó 2002. Is féidir mionsonraí faoi rochtain ar thaifid na Gníomhaireachta agus faisnéis faoin nGníomhaireacht a fháil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta, www.hfa.ie. Is é an tUasal Tom Conroy an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise agus is é an tUasal Barry O'Leary athbhreithneoir inmheánach na Gníomhaireachta. Ní bhfuarthas ach aon iarratas amháin ar fhaisnéis i 2012.

Caomhnú fuinnimh

De réir an bheartais phoiblí reatha maidir le caomhnú fuinnimh, tá bearta caomhnaithe iomchuí glactha ag an nGníomhaireacht. Tuairiscím mar seo a leanas:

- tá rátáil BER de B1 ag oifigí na Gníomhaireachta;
- déanann an Gníomhaireacht athchúrsáil ar pháipéar & ar chairtchlár, ar threalamh leictreonach agus ar ghutháin phóca;
- ceannaíonn sí agus oibríonn sí freastalaithe, ríomhairí pearsanta agus printéirí a bhfuil rátáil fuinnimh acu; agus
- úsáideann 90% den fhoireann iompar poiblí don chomaitéireacht, agus téann 10% den fhoireann ar rothar chuig an obair agus abhaile arís, á spreagadh ag infhaighteach áiseanna cuí sa Gníomhaireacht.

Bord na Stiúrthóirí

Ceapadh Bord nua i 2012. Tá an-áthas orm gur tháinig na daoine seo a leanas ar an mBord in éineacht liom: Colm Brophy, Padraic Cafferty, John Hogan, Gerry Leahy, Jackie Maguire, Jim Miley, Michelle Murphy, Michael Murray, Philip Nugent agus Mary Lee Rhodes.

B'údar áthais dom aithne a chur ar gach duine de mo chuid có-chomhaltaí Boird agus gabhaim buíochas leo as ucht a gcuid fuinnimh, tiomantais agus dea-ghíumhair i rith na chéad bhliana seo againn in éineacht le chéile.

Tá Bord na Gníomhaireachta comhdhéanta de dhaoine aonair a thugann raon leathan agus fairsing taithí do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, agus iad roghnaithe as measc daoine i réimsí amhail beartas tithíochta, an earnáil tithíochta dheonach, na Ranna Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Airgeadais, agus luacháil tithíochta agus ba cheart go gcuimseodís don ghníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ollmhóra amach anseo.

Déanann an Bord na mórchinntí straitéiseacha, agus coinníonn sé aige féin an rialú lánéifeachtach ach san am céanna tugann sé don bhainistíocht feidhmiúcháin dóthain solúbthachta chun an gnó a reachtáil go héifeachtúil éifeachtach laistigh de fhrámaíocht lárnaithe tuairisceoireachta. Tugann gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách leis nó léi i leith na ngnóthaí ar fad a bpléann an Bord leo, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeán iompraíochta.

I mí Dheireadh Fómhair 2012, chuaigh Cathaoirleach agus Bainistíocht Shinsearach na Gníomhaireachta os comhair Chomh-Choiste an Oireachtais um Chomhshaoil, Iompar, Chultúr agus na Gaeltachta, chun ról agus freagrachtaí na Gníomhaireachta a leagan amach agus a dTuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2011 a phlé. Chuir an Coiste in iúl gur mhór aige obair na Gníomhaireachta agus thug siad ár staid dhaingean ó thaobh cúrsaí airgeadais faoi deara.

Riarachán agus foireann

Tá an Gníomhaireacht ar cheann den fhíorbheagán Gníomhaireachtaí Neamhthráchtála Stáit a fheidhmíonn gan tacaíocht státchiste, íocann an Gníomhaireacht as féin trí chion beag a thógáil óna hiasachtú. Cé gur comhlacht féinmhaoinithe i an Gníomhaireacht – mar a aithnítear i *dTuarascáil an Ghrúpa Speisialta ar Líon agus ar Chláir Chaiteachais sa tSeirbhís Phoiblí* (Tuarascáil Mhic Cárthaigh) – nach bhfaigheann leithdháileadh buiséid ón Státchiste, ina dhiaidh sin tá sé d'aidhm ag an mBord srian cúramach a choinneáil ar a costais riaracháin. Sa chás go mbíonn rogha éigin ag an nGníomhaireacht maidir le caiteachas, coinnímid costais oibriúcháin chomh híseal agus is féidir, le linn dúinn an leibhéal seirbhíse a éilítear a sheachadadh. Mar chéatadán den leabhar iasachta i ndeireadh na bliana, thit costais riaracháin ó 0.06% go 0.03% sa tréimhse ó 2002 go 2012, agus rinneadh coigilt chostais riaracháin 8.0% i 2012 thar an toradh iarbhrí i 2011.

Is ionann foireann na Gníomhaireachta agus coibhéis aon duine lánaimseartha déag. Is mór ag an nGníomhaireacht na cáilíochtaí solubhachta agus tiomantais a léiríonn an fhoireann, go háirithe ar na leathanta deacra seo, agus déanann sí iarracht, nuair is féidir, struchtúir chothromaíochta oibre is saoil, agus a thacaíonn le teaghlaigh, a chur i bhfeidhm. Ní íocann an Gníomhaireacht bónaís phá, ragobair nó pá préimhe.

Buíochas

Ní fhéadfadh an Gníomhaireacht, lena bunfhoireann bheag, feidhmiú go héifeachtach gan tiomantas, gairmiúlacht agus dianobair na foirne seo agus ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leo as a rannchuidiú i rith na bliana. Rud eile a bhí ina chuid bhuntábhachtach d'obair na Gníomhaireachta ab ea cuidiú agus comhoibriú a páirtithe leasmhara, lena n-áirítear NTMA, an Banc Ceannais, a hiniúcháirí, dlíodóirí, conraitheoirí IT agus baincéirí agus iad siúd go léir a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha. Gabhaimid buíochas as ucht a dtacaíochta, agus buíochas go háirithe leis na hAirí Comhshaoil, Airgeadais, Pobail & Rialtais Áitiúil agus Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe agus lena bhfoirne. Is ar ár gcustaiméirí, na húdaráis áitiúla agus AHBanna, a dhíríonn an Gníomhaireacht, agus is mór againn a gcúirtéis agus a n-éifeachtúlacht.

Chuaigh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, Ian d'Alton, ar scor ag deireadh mhí Feabhra 2012, agus é tar éis an Gníomhaireacht a threorú ó 2007 i leith. Tugadh aitheantas don rannchuidiú nach beag a thug Ian don Gníomhaireacht i dTuairisc an Chathaoirligh anuraidh agus ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leis arís as an tsársheirbhís a thug sé agus guím blianta fada sláinte agus sonais air.

I mí Mheáin Fómhair 2012, mhol an Bord don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go gceapfaí an tUasal Barry O'Leary mar Phríomhfheidhmeannach, tar éis comórtais oscailte. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis an moladh seo a cheadú, agus tá na mionsonraí deiridh den chonradh le haontú go luath.



An Dr Michelle Norris
Cathaoirleach

25 Aibreán 2013





Tuairisc na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuairisc bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 i láthair anseo.

1. Cúlra

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna í an Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt arna cur chun cinn ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981, agus corpraíodh í ar 8 Feabhra 1982. Is iad príomhchuspóirí na cuideachta:

- cistí a thabhairt ar airleacan d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe lena n-úsáid chun cuspóir ar bith arna údarú ag na hAchtanna do Thithe; agus
- cistí a fháil ar iasacht nó a chruinniú chun na gcríoch seo.

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe úinéir tairbhiúil scairchaipiteal eisithe uile na Gníomhaireachta. Ceapann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil na stiúrthóirí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2. Torthaí agus díbhinní

	2012 €'000	2011 €'000
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain	13,723	3,494
Cistí scairshealbhóirí ag tús na bliana	59,161	55,667
Cistí scairshealbhóirí ag deireadh na bliana	72,884	59,161



Tá na torthaí sásúil agus léirítear leo brabúis a gineadh de bharr beartais a cheadaigh na Stiúrthóirí i leith na gcorrlach, rud a dearadh lena chinntiú go mbeidh dóthain cúchistí ag an nGníomhaireacht chun na costais a sheasamh a mheastar a thiocfaidh de bharr de bharr mímhheaitseálacha idir maoiniúchán treoirnasctha ar ráta seasta agus rioscaí eile.

Molann na Stiúrthóirí go n-íocfaí díbhinn €20 million (2011: nialas). Toisc gur moladh seo tar éis dheireadh na bliana, níl sé léirithe sna ráitis airgeadais seo.

D'éirigh Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta, Ian d'Alton, as i rith na bliana. Mhol an Bord don Aire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, i mí Mheáin Fómhair 2012 go gceapfaí Barry O'Leary mar Phríomhoifigeach.

Tá léirmheas ar na rioscaí suntasacha don Gníomhaireacht ó thaobh cúrsaí airgeadais agus ar na bealaí suntasacha atá sí nochtaithe do rioscaí, i leith a cuid sócmhainní, dlíteanas agus ionstraimí airgeadais, leagtha amach in éineacht leis na cuspóirí agus beartais um bainistíocht rioscaí, a úsáideann an Gníomhaireacht i leith na rioscaí sin a bhainistiú, i Nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tugtar mionchuntas ar aon ionstraimí airgeadais a úsáidtear chun na rioscaí sin a mhaolú i Nótaí 15 a ghabhann leis na cuntais seo. Tugtar aghaidh i dTuairisc an Chathaoirligh ar na rioscaí suntasacha ó thaobh cúrsaí gnó a bhfuil an Gníomhaireacht nochtaithe dóibh agus ar phríomhtháscairí feidhmíochta.

3. Athbhreithniú ar fhorbairt an ghnó

(a) Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a cheadaíodh roimh 27 Bealtaine 1986)

Bunaíodh an Gníomhaireacht chun iasachtaí treoirnasctha a eisiúint d'údaráis áitiúla go dtabharfaidís siúd airgead ar iasacht ar bhonn gníomhaireachta do dhaoine aonair. San iomlán, tugadh €403 milliún ar airleacan d'údaráis áitiúla faoin scéim seo agus úsáideadh é chun 15,571 morgáiste a mhaoiniú. Ar 31 Nollaig 2012 ba ionann iasachtaí den sórt sin agus fuilleach €19.9 milliún a bhí gan íoc. Dlitear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as siocair na morgáistí sin a chur ar an nGníomhaireacht.

(b) Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a cheadaíodh tar éis 27 Bealtaine 1986)

Bhí an Gníomhaireacht ag eisiúint iasachtaí le héifeacht ó mhí na Bealtaine 1986 d'údaráis áitiúla d'fhonn deontais feabhsúcháin a mhaoiniú chomh maith le hiasachtaí in-chomhshóite agus blianachta a bheidh bainteach le hioncam. Faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 cuireadh le cumhachtaí na Gníomhaireachta údaráis áitiúla a mhaoiniú le haghaidh aon cheann dá bhfeidhmeanna faoi Achtanna na dTithe. Dá thoradh sin tá iasachtaí eisithe ag an nGníomhaireacht d'údaráis áitiúla chun na scéimeanna tithíochta comhúinéireachta agus deonacha a mhaoiniú.

Tuairisc na Stiúrthóirí (ar lean)

Coinníonn an t-údarás áitiúil cuid shuntasach de na cistí sin chun críocha ar nós talamh a cheannach. Tugann na húdaráis áitiúla an fuilleach ar iasacht d'iasachtaithe aonair agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe. Bíonn na húdaráis áitiúla freagrach as aon chaillteanais a d'fhéadfadh tarlú dá bharr. I gcomhthéacs

- (a) gur comhlachtaí reachtúla iad údaráis áitiúla faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus achtacháin eile,
- (b) gur ionann a n-ioncam nó a gcistí agus urrúis ó thaobh fócaíochta dlíte don Ghníomhaireacht gach méid a bhíonn i gceist atá dlíte ag údaráis áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht),
- (c) gurb é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a cheadaíonn gach iasacht a thugtar d'údarás áitiúla, agus
- (d) tuisceant an Bhoird go dtacaíonn Rialtas láir le húdaráis áitiúla ina n-oibleagáidí don Ghníomhaireacht a bhaint amach; is é tuairim an Bhoird nach n-eascaíonn aon riosca go substaintiúil ar iasachtaí a airleacadh d'údarás áitiúla ar nó tar éis 27 Bealtaine 1986 agus níl aon fhorálacha caillteanais iasachta taifeadta i leith na n-iasachtaí sin.

Tar éis iasachtaí nua €327.4 milliún a airleacan sa bhliain reatha, mar a bhí an 31 Nollaig 2012 b'ionann iasachtaí den sort sin agus iarmhéideanna €4.41 billiún a bhí gan íoc (2011: €4.34 billiún).

Féachann an Ghníomhaireacht le bheith ag obair leis na údaráis áitiúla le struchtúir chúil iasachtaí a fhorbairt dóibh gur fearr a bheidh siad ag teacht le cúinsí airgeadais na n-údarás féin. Maidir leis seo, féadfaidh an Ghníomhaireacht téarmaí sínte a sholáthar le haghaidh iasachtaí, nó tréimhsí saor ó ús nó ath-idirbheartaíocht eile a thairiscint de réir mar is cuí.

Mar a bhí cúrsaí ag 1 Iúil 2012, athraíodh €162 milliún d'iasachtaí éadála talún ó iasachtaí ar a n-íocfaí ús amháin go hiasachtaí gnáthbhlianachta, a bheadh le híoc ar ais thar thréimhse 25 bliain. Mar a bhí cúrsaí ag 1 Eanáir 2013, aistríodh €54 milliún eile d'iasachtaí éadála talún ó iasachtaí ar a n-íocfaí ús amháin go hiasachtaí bhlianachta.

I rith 2012, rinne an Ghníomhaireacht ath-idirbheartaíocht i leith €33 milliún d'iasachtaí nach raibh bainteach le tithíocht. Go dtí seo in 2013, tá an Ghníomhaireacht tar éis aontú go ndéanfaí ath-idirbheartaíocht i leith €68 milliún eile d'iasachtaí. Tá an ath-idirbheartaíocht sin tarlaithe i gcomhthéacs an €4.4 billiún d'iasachtaí a tugadh air airleacan d'údarás áitiúla faoi mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012 agus mar sin, is ionann é sin agus 4.4% de ghníomhaíochtaí a bheith ina gníomhaíocht ath-idirbheartaíochta i 2012, agus 2.7% go dtí seo in 2013.

Níor lagaíodh ná níor dí-aithníodh sócmhainní bunaidh na n-iasachtaí de bharr na hath-idirbheartaíochta seo. Scoireann an Ghníomhaireacht de bheith ag meas go bhfuil ath-idirbheartaíocht déanta i leith na n-iasachtaí seo nuair a bheidh 1 bhliain d'aisíocaíochtaí sceidealaithe suas chun dáta, dulta in éag tar éis na hath-idirbheartaíochta. Maidir leis seo, measann an Ghníomhaireacht go ndearnadh ath-idirbheartaíocht i leith luach €195 milliún d'iasachtaí (2011: €0 milliún) i 2012 agus gur aithníodh €2.0 milliún (2011: €0 milliún) d'ioncam úis ar na sócmhainní sin.

(c) Iasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe

Faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002, cumasaítear an Ghníomhaireacht chun iasacht dhíreach a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (AHBanna), lena n-áirítear comhlachtaí tithíochta deonacha agus cumainn chomharthithíochtaí.

Faoi Thionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, faigheann an Roinn sin, trí údaráis áitiúla, aonaid tithíochta cuí ar leas ó AHBanna, a thugtar ar cíós do thionóntaí tithíochta sóisialta atá ainmnithe ag údaráis áitiúla. Ceannaíonn nó tógann na comhlachtaí réadmhaoin agus maoinítear sin trí airgeadas i bhfoirm iasachtaí a thiomsaíonn an AHB (ón nGníomhaireacht nó ón earnáil phríobháideach). Maoineoidh ioncam a gheobhaidh na AHBanna ó léas, a thógann an Roinn sin amach ar feadh tréimhse chomh fada le 30 bliain, aisíocaíocht iasacht na Gníomhaireachta.



Tugann an t-iasachtú díreach chuig comhlachtaí dá leithéid leibhéal rioscaí níos airde le tuiscint ná an t-iasachtú chuig údarais áitiúla, agus éilíonn sé seo leibhéal difriúil measúnaithe agus díchill chuí. Fostaíodh seirbhísí cuideachta measúnaithe airgeadais neamhspleáiche leis an riosca seo a mhaolú, agus bunaíodh Coiste Creidmheasa leis na hiarratais uile a mheasúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar lucht faighte iasachtaí ar bhonn leanúnach. Bíonn ar AHBanna ar mian leo iasacht a fháil ón nGníomhaireacht measúnú airgeadais ginearálta a chur isteach chun stádas Comhlachta Deimhnithe a fháil. Ní féidir cur isteach ar airleacain iasachtaí go mbíonn an stádas sin deimhnithe agus máistir-aontú iasachta sínithe agus is féidir leo ansin iarratais a dhéanamh ar airleacain le haghaidh iasachtaí.

Mar a bhí ag 31 Nollaig 2012, fuarthas ocht n-iarratas déag ar stádas Comhlachta Deimhnithe ó chomhlachtaí dá leithéid.

D'éirigh le sé AHBanna –

1. Cumann Tithíochta Dheonach Circle,
2. Cumann Tithíochta Clúid,
3. Cumann Tithíochta Clanmil Ireland,
4. Iontaobhas Tithíochta Oaklee Teo,
5. Iontaobhas Iveagh, agus
6. Cumann Tithíochta Túath.

Níor éirigh le hochtar, agus tá ceathair chinn díobh fós ag leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas go n-éireoidh le hiarratas uathu.

Tá ocht n-iarratas ar iasachtaí lena mbaineann luach €22.57 milliún san iomlán, ceadaithe ag Coiste Creidmheasa na Gníomhaireachta, mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012, agus tá €8.75 milliún den tsuim sin tugtha ar airleacan. Táthar ag súil leis go leanfaidh an fás ar aghaidh ó thaobh leibhéal na n-iasachtaí sa réimse seo in 2013. Leanann an Gníomhaireacht ar aghaidh le bheith ag idirghníomhú go minic le AHBanna le sraith na dtáirgí a tháirgeamaid a mhionathrú chun feabhais.

4. Gnóthas Leantach

Leagtar amach gníomhaíochtaí gnó na Gníomhaireachta, mar aon leis na tosca ar dócha go dtiocfaidh siad i bhfeidhm ar fhorbairt, ar fheidhmíocht agus ar sheasamh na Gníomhaireachta sa todhchaí, i dTuairisc an Chathaoirligh ar leathanaigh 4 go dtí 12 agus sa chuid ar 'Rochtain ar Mhaoiniú agus Gnóthas Leantach' laistigh den chuid ar Bhonn Ullmhúcháin den Ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta. Anuas air sin, tugtar cuntas mionsonraithe

i Nóta 15 atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais ar aidhmeanna na Gníomhaireachta maidir le bainistíocht riosca airgeadais; mionsonraí dá n-ionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaíthe; agus a nochtadh do rioscaí creidmheasa, rioscaí leachtachta agus rioscaí margaidh.

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú. Agus measúnú á dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, chuir Bord na Stiúrthóirí san áireamh na rioscaí suntasacha agus éiginnteachtaí atá ag dul i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht faoi láthair, go háirithe maidir leis an deacracht a bhaineann le rochtain ar chistí.

Tugtar de chumhacht don Gníomhaireacht faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 agus faoi alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002 a iarraidh ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) tabhairt faoi iasachtaí a fháil agus fiachas a bhainistiú thar ceann na Gníomhaireachta. Faoi réir na dtéarmaí i gcomhaontú foirmeálta idir an NTMA agus an Gníomhaireacht, is í an Gníomhaireacht a shocraíonn an beartas ginearálta faoina dtarlaíonn maoiniúcháin a dhéanann an NTMA in éineacht leis na ionstraimí fiachais cuí. Is i gcomhar go dlúth le NTMA, agus ar chomhairle NTMA, a oibríonn an Gníomhaireacht maidir lena clár oibre i ndáil le páipéar eurothrachtála [ECP] agus Nótaí faoi Ráthaíocht [GN]. Bhí luach €3.98 billiún GNannna ceannaithe ag NTMA mar a bhí an 31 Nollaig 2012 (2011: €3.8bn).

Bhí rochtain na hÉireann ar mhargaí fiachais flaithiúnais srianta i gcónaí le linn na bliana agus bhí tionchar suntasach aige seo ar an rochtain a bheadh ag an nGníomhaireacht i rith na bliana ar mhaoiniú tríd an gclár ECP atá dírithe ar an margadh agus ní raibh eisithe ach €18 milliún de mhaoiniú ECP ag 31 Nollaig 2012. Ba é €317 milliún iomlán an mhaoinithe ECP a tarraingíodh síos le linn na bliana, agus meántionacht 38 lá ag baint leis. Cé go bhféadfadh an tráth a fhillfidh an Gníomhaireacht ar a bheith ag fáil maoinithe go neamhspleách ar na margaí idirnáisiúnta a bheith níos déanaí ná an tráth a fhillfidh Éire féin ar na margaí, tá an Gníomhaireacht réidh dá aineoinn sin lena clár ECP a athsheoladh chun éascú léi filleadh ar staid féinmhaoinithe. Is deacair an tionchar ar chostas cistí na Gníomhaireachta a mheas faoi láthair, ach tá an Bord sásta go bhfuil an teacht ar chlár GN sásúil ó thaobh a riachtanais le haghaidh maoinithe, rud a ligfidh dúinn leanúint ar aghaidh lenár misean a chomhlíonadh ó thaobh an ráta is fearr is féidir a sholáthar dár gcustaiméirí.

Tuairisc na Stiúrthóirí (ar lean)

Mar a bhí an 31 Nollaig 2012 cuireadh €18.0 milliún de mhaoiniú na Gníomhaireachta ar fáil faoin gclár ECP (2011: €nialas). Tá an Roinn Airgeadais tar éis seasamh leachtachta agus maoinithe na Gníomhaireachta a bhreithniú don 12 mí atá romhainn agus d'iarr ar an NTMA leanúint orthu ag cur maoiniú GN ar fáil don Ghníomhaireacht. Aontaíodh go gcuirfear maoiniú ar rátaí comhlúthacha ar fáil tríd an gclár cúnamh airgid, ina thráinsí, agus tréimhse aibíochta 3 mhí i gceist le gach ceann. Tagann na nótaí GN faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais in Éirinn.

Bhí athbhreithniú ar phleananna gnó agus ar phleananna maoinithe na Gníomhaireachta i gceist mar chuid de mheasúnú na Stiúrthóirí ar oiriúnacht na ráiteas airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ag cur cumas leanúnach na Gníomhaireachta san áireamh chun rochtain a fháil ar leachtacht agus ar mhaoiniú trí rannpháirtíocht na hÉireann i gClár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF ('An Clár') tríd an gclár GN.

Tá rochtain na hÉireann ar mhaoiniú trí Chlár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF ('An Clár') bunaithe ar an tuiscint go gcomhlíonfaidh sí coinníollacha an Chláir. Luann an Litir Rúin, dar dáta an 29 Samhain 2012, ón Roinn Airgeadais le déanaí go bhfuil Éire tiomanta go daingean i gcónaí don Chlár rud a léirítear leis an bhfeidhmíocht láidir ó thaobh mar atá bearta comhaontaithe an chreata beartais á gcur i ngníomh.

Tá na Stiúrthóirí sásta, i bhfianaise iarratas na Roinne Airgeadais ar NTMA, go mbeidh teacht ag an nGníomhaireacht ar mhaoiniú leordhóthanach go ceann 12 mí eile; agus, ar an mbonn seo, gur cuí i gcónaí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, go leanfaidh an Ghníomhaireacht i mbun gnó chomh fada agus is féidir a thuair.

5. Stiúrthóirí

Tá achoimre ar gach Stiúrthóir dá ceapadh le linn na bliana le fáil ar leathanach 19. D'éirigh na Stiúrthóirí seo a leanas as an mBord nuair a tháinig deireadh lena dtéarma oifige ag deireadh mhí na Nollag 2011:

John Bolger, Julia Carmichael, Clodagh Henahan, An tAth. Patrick Cogan, Patrick Doyle, Michael Hayes, Áine Stapleton agus Eddie Wade

Níl aon leasanna i scaireanna nó i mbintiúir na Gníomhaireachta ag na Stiúrthóirí nó ag an Rúnaí.

6. Conarthaí

Ní raibh aon chonradh ná socrú leis an nGníomhaireacht i rith na bliana a raibh leas ábhartha ag Stiúrthóir de chuid na Gníomhaireachta ann agus a bhí suntasach i ndáil le gnó na Gníomhaireachta.

7. Imeachtaí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha ó dheireadh na bliana a d'fhágfadh go gcaithfí na ráitis airgeadais a mhionathrú nó nóta a chur leo.

8. An tAcht Toghcháin, 1997

Níor thug an Ghníomhaireacht aon síntiúis pholaitíochta i rith na bliana.

9. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála)

Tá dlite ar an nGníomhaireacht ceanglais Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall i leith Idirbhearta Tráchtála), 2012 a chomhlíonadh, rialacháin lenar tugadh éifeacht do Threoir Uimh. 2011/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2011 agus dá réamhtheachta, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála), 2002.

Taispeánann athbhreithniú a rinneadh ar na híocaíochtaí go léir i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012 nach ndearnadh aon íocaíochtaí déanacha i rith 2012 faoin Acht thuas.

10. Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad forálacha alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 maidir leis na leabhair chuntais trí phearsanra cuntasaíochta a fhostú a bhfuil saineolas cuí acu agus trí leordhóthain acmhainní a sholáthar d'fheidhm an airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais na cuideachta ag a hoifig chláraithe.

11. Rialachas corparáideach

De réir mar a d'éiligh Cód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe, a ghlac an Ghníomhaireacht go deonach, d'ullmhaigh na Stiúrthóirí 'Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorporáidigh', atá leagtha amach ar Leathanaigh 18 go 27 agus ar chuid de thuairisc na Stiúrthóirí é chun críocha na hIonstraime Reachtúla 450/2009 de chuid Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46) 2009.

12. Priomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Tá na Stiúrthóirí tar éis na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht a mheas. Maidir leis seo, tá na Stiúrthóirí tagtha ar an gconclúid go bhféadfadh an Ghníomhaireacht a bheith nochtaithe do rioscaí ó thaobh cúrsaí creidmheasa, leachtachta agus ón margadh mar gheall ar an úsáid a bhaineann sí as ionstaimí airgeadais. Tá cuspóirí, beartais agus nósanna imeachta na Gníomhaireachta maidir leis na rioscaí seo a thomhas agus bhainistiú leagtha amach i Nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

13. Iniúcháirí

De réir Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, leanfaidh na hiniúcháirí, KPMG, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh le bheith in oifig.

Thar cheann an Bhoird,



An Dr Michelle Norris
Cathaoirleach

4 Aibreán 2013



Philip Nugent
Stiúrthóir

4 Aibreán 2013



Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

Tá na Stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil agus tacaíonn siad le Prionsabail an Dea-Rialachais agus leis an gCód Dea-Chleachtais (“Cód Rialachais Chorpáidigh na Ríochta Aontaithe”), ar tugadh an Comhchód air roimhe seo. Eisíodh an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais, i mí Mheitheamh 2009 agus comhlíonann an Ghníomhaireacht an cód sin.

Tugann na Stiúrthóirí ar aird gur eisíodh Cód uasdátaithe um Rialachas Corparáideach na Ríochta Aontaithe ag deireadh mhí Mheáin Fómhair 2012, agus go bhfuil éifeacht leis ó thús mhí Eanáir 2013. Tuigean na Stiúrthóirí go bhfuil feidhm fós leis an gcoincheap ‘comhlíon nó mínigh’ sa Chód uasdátaithe. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an mBord ar a cuid oibleagáidí faoi láthair faoin reachtaíocht nua lena n-áireofar ceanglais bhreise ar an mBord agus ar Choistí Iniúcháireachta maidir le comhsheasmhacht agus oiriúnacht cúrsaí a nochtadh, chomh maith le halt ar leith don Choiste Iniúcháireachta sa tuarascáil bhliantúil.

Cur i bhFeidhm Prionsabal agus Forálacha Chód Rialachais Chorpáidigh na Ríochta Aontaithe

Míníonn an t-eolas seo a leanas an chaoi a gcuireann an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt, prionsabail agus forálacha Chód na Ríochta Aontaithe, larscríbhinn na hÉireann agus an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* i bhfeidhm.



Bord na Stiúrthóirí

Cruinnithe freastail ar a socraíodh don Bhord don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012, dáta ceapacháin agus fad seirbhíse go dtí 31 Nollaig 2012:

Comhaltaí	Ceird	Dáta ceapacháin	Fad Seirbhíse go dtí 31 Noll 2012	Cruinnithe a reáchtáladh ó ceapadh iad	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu ó ceapadh iad
Michelle Norris (Cathaoirleach)	Léachtóir Sinsearach	22/02/2012	10 mí	7	6
Colm Brophy	Comhairleoir	13/03/2012	9 mí	7	7
Padraic Cafferty	Príomhfheidhmeannach Datascan	21/03/2012	9 mí	6	6
John Hogan	Státseirbhíseach	22/02/2012	10 mí	7	7
Gerry Leahy	Gníomhaire Réadmhaoine	30/04/2012	8 mí	4	3
Jackie Maguire	Bainisteoir Contae	07/03/2002	10 mbliana 9 mí	5	5
James Miley	Sainchomhairleoir Gnó	30/04/2012	8 mí	4	4
Michelle Murphy	Bainisteoir Réigiúnach Acmhainní Daonna	30/04/2012	8 mí	4	4
Michael Murray	Sainchomhairleoir Seirbhísí Airgeadais	13/03/2012	9 mí	7	7
Philip Nugent	Státseirbhíseach	07/04/2008	4 bliana 8 mí	7	5
Mary Lee Rhodes	Léachtóir	21/03/2012	9 mí	6	3

Tháinig an Bord le chéile seacht n-uair i 2012 agus bíonn sé freagrach as an nGníomhaireacht a bhainistiú.

Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorporáidigh (ar lean)

Bíonn ról an Chathaoirligh agus ról an Phríomh-fheidhmeannaigh scartha ó chéile. Ar 31 Nollaig 2012, bhí Bord na Stiúrthóirí comhdhéanta d'aon Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin déag agus ní raibh aon Stiúrthóir feidhmiúcháin ann. Ceapann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana, ach amháin sa chás gur cuí leis an Aire Stiúrthóir a athcheapadh ar feadh an darna téarma. Meastar go mbíonn na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin go léir neamhspleách ar an mbainistíocht, mar a phléitear tuilleadh ar leathanach 25.

Tá Bord na Gníomhaireachta comhdhéanta de dhaoine aonair a thugann raon leathan agus fairsing taithí do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, agus iad roghnaithe as measc daoine i réimsí amhail beartas tithíochta, an earnáil tithíochta dheonach, réimse na luachála tithíochta, agus na Ranna Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Airgeadais agus ba cheart go gcumasóidís don Gníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ollmhóra amach anseo. (Scileanna, saineolas, taithí srl. Bhord na Stiúrthóirí ar leathanach 2 agus 3)

Déanann an Bord na mórchinntí straitéiseacha, agus coinníonn sé aige féin an rialú lánéifeachtach ach san am céanna tugann sé don bhainistíocht feidhmiúcháin dóthain solúbthachta chun an gnó a reachtáil go héifeachtúil éifeachtach laistigh de fhrámaíocht lárnaíthe tuairisceoireachta. Tá sceideal foirmiúil ábhair a bhaineann leis an nGníomhaireacht agus a treo sa todhchaí coinnithe aige féin ag an mBord le cinntí a dhéanamh ina leith, lena n-áirítear gnóthachtálacha agus diúscairtí ollmhóra, comhaltas an bhoird, ceapachán agus aistriú Rúnaí na Cuideachta, buiséid caiteachais agus beartais bhainistiú riosca. Tugann gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách leis nó léi i leith na ngnóthaí a bpléann an Bord leo, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeán iompraíochta.

Is féidir le gach comhalta den Bhord teacht ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta, a bhíonn freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla na Gníomhaireachta ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis na Stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh Stiúrthóirí Aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh, más gá, ar chostas na Gníomhaireachta.

Dhearbhaigh na hiniúcháirí a neamhspleáchas leanúnach mar iniúcháirí don Gníomhaireacht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012. Tá próiseas i bhfeidhm trína ndéanann an Bord athbhreithniú, laistigh de pharaiméadair chomhaontaithe, ar aon seirbhísí nach seirbhísí iniúcháireacha iad a dtugann na hiniúcháirí fúthu, agus ar tháillí gaolmhara. Cinntítear leis sin go gcosnaítear oibiachtúlacht agus neamhspleáchas na n-iniúcháirí.

Tá struchtúr éifeachtach de choistí curtha ar bun ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh lena n-áirítear:

Coiste Iniúcháireachta

Cruinnithe a socraíodh don Choiste Iniúcháireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

Comhaltaí	Cruinnithe a reáchtáladh ó ceapadh iad	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu ó ceapadh iad
Colm Brophy	4	2
Padraic Cafferty	4	3
Gerry Leahy	2	1
Jackie Maguire	3	3
James Miley	2	2
Michael Murray	4	4

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huaire i mbliana agus feidhmíonn sé faoi théarmaí tagartha foirmiúla. Faoin *gCód Cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit*, féadfaidh an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ghnóthaí a bhaineann le cúrsaí airgeadais na Gníomhaireachta. Soláthraíonn an Coiste Iniúchta nasc idir an bord agus na hiniúcháirí seachtracha agus táthar neamhspleách ar bhainistíocht na Gníomhaireachta.

Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bliantúla agus ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasáíochta, ar chostas cistí agus ar rátaí úis a gearradh, agus tá sé freagrach as moltaí a dhéanamh i ndáil le ceapadh agus táillí na n-iniúcháirí seachtracha, as athbhreithniú agus ceadú an phlean iniúcháireachta inmheánaigh, faoina dtomhaistear feidhmíocht an phlean agus maoirsiú a dhéanamh ar Chreat Oibre Bhainistiú Riosca na Gníomhaireachta agus tuairiscítear chuig an mBord ina leith. Bíonn cruinniú ag na hiniúcháirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na

hiniúchóireachta bliantúla ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.

Malartaítear ról Chathaoirleach an Choiste Iníúchóireachta ar bhonn róta idir comhaltaí an Choiste.

Comhlíontar freagrachtaí an Choiste Iníúchóireachta trína chruinnithe agus trí thuairiscí a fháil ón mbainistíocht, ón gCoiste Bainistíochta Rioscaí (ina bhfuil an Príomhfheidhmeannach, Ceann an Chisteáin agus Rúnaí na Cuideachta/an Rialtóir Airgeadais), comhairleoirí seachtracha agus na hiniúcháirí seachtracha agus inmheánacha.

Déanann an Coiste Bainistíochta Rioscaí maoirseacht ar rioscaí agus tugann sé tuairisc don choiste agus don Bhord ar bhonn rialta. Cheadaigh an Bord athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas ag a chruinniú i nDeireadh Fómhair 2012.

Coiste Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí seo a leanas ina gcomhaltaí den Choiste Airgeadais: Michelle Norris (Cathaoirleach), John Hogan, Michael Murray, Philip Nugent agus Mary Lee Rhodes.

Cumhachtaítear an Coiste Airgeadais thar cheann na Gníomhaireachta le hairgead a fháil ar iasacht agus a chruinniú agus chun aon áiseanna ceadaithe a chur i ngníomh, a úsáid agus a fheidhmiú. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá ceadaithe ag na Stiúrthóirí. Níor tháinig aon chúinsí chun cinn i rith 2012 a d'fhág gur ghá cruinniú den Choiste Airgeadais a thionól.

Coiste um Luach Saothair

Is comhaltaí den Choiste um Luach Saothair na Stiúrthóirí seo a leanas: Michelle Norris (Cathaoirleach), Jackie Maguire agus Philip Nugent.

Fágann Téarmaí Tagartha an Choiste um Luach Saothair go bhfuil sé i dteideal moltaí a dhéanamh maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh lena mbreithniú ag an mBord, faoi réir cheadú a fháil ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Leagtar amach díolaíochtaí i Nóta 6 de na ráitis airgeadais de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2012. Níor eascair aon chúinsí i rith 2012 a thug gur ghá cruinniú den Choiste um Luach Saothair a thionól.

Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird

Cruinnithe a socraíodh don Choiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012:

Comhaltaí	Cruinnithe a Reáchtáladh ó ceapadh iad	Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu ó ceapadh iad
Colm Brophy	1	0
John Hogan	1	1
Jim Miley	1	1
Michelle Murphy	1	1

Tháinig an Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird le chéile uair amháin i rith na bliana. Bunaíodh an Coiste in 2008, le meastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird agus ar fheidhmíocht a Choistí agus a Stiúrthóirí indibhidiúla. Tuairiscíonn an Coiste seo don Bhord agus don Chathaoirleach go bliantúil maidir lena chinntí. Malartaítear ról Chathaoirleach an Choiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird ar bhonn róta idir comhaltaí an Choiste.

Déanann an Coiste athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhoird agus ar fheidhmíocht a Choistí agus déanann breithmheas freisin ar gach comhalta de Bhord na Stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuil a ról agus a gculpóirí á gcomhlíonadh go leordhóthanach acu. Tugann sé faoi athbhreithniú bliantúil ar neamhspleáchas gach Stiúrthóra freisin, lena n-áirítear na coinbhleachtaí leasa atá acu i ndáiríre, a d'fhéadfadh a bheith acu nó a fheictear a bheith acu agus na ceangail atá orthu ó thaobh ama de.

Athcheapadh Jackie Maguire ar an mBord i 2012, agus í ceaptha i 2002 i dtosach. Is faide ná naoi mbliana fad a seirbhíse ar an mBord agus foráiltear leis an gComhchód go mbíonn míniú le tabhairt do scairshealbhóirí maidir lena neamhspleáchas leanúnach. Measann an Bord nach bhfuil ceist ar bith ann faoi ionracas agus neamhspleáchas Jackie Maguire, Uas. Tá sí neamhspleách ar an nGníomhaireacht ó thaobh cúrsaí airgeadais agus tá tiomantais tráchtála eile nach beag aici. Tá taithí cuimsitheach aici ar an tionscal uathúil ina bhfeidhmíonn an Gníomhaireacht. Bhí a cuid taithí agus peirspictíochta fadtéarmaí fíorluachmhar don Bhord. Is é dearcadh an Bhoird nach dtagann tréimhse is faide ná naoi bliana a bheith caite aici ar an mBord salach ar a cuid neamhspleáchais.

Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorporáidigh (ar lean)

Mhol an Coiste freisin go gcuirfí nósanna imeachta i bhfeidhm a chinnteodh go dtabharfaí oiliúint leordhóthanach do Stiúrthóirí ar chóras feidhmithe na Gníomhaireachta, ag cur nádúr teicniúil an ghnó san áireamh.

An Coiste Creidmheasa

Comhaltaí	Cruinnithe a Reáchtáladh ó ceapadh iad	Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu ó ceapadh iad
Michelle Norris	7	7
Colm Brophy	7	7
Tom Conroy	7	7
Jackie Maguire	6	3
Michael Murray	7	7
Barry O'Leary	7	7

Tá Coiste Creidmheasa na Gníomhaireachta comhdhéanta de chomhaltaí Boird agus an Bhainistíocht. Bunaíodh an Coiste sa bhliain 2009 chun rioscaí creidmheasa a choimeád laistigh de theorainneacha an Bhoird agus chun tuairisciú maidir le hacmhainneacht chreidmheasa chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (AHBanna) ar mian leo iarratas a dhéanamh go gceadófaí iasacht dóibh. Ina theannta sin, cinntíonn an Coiste go mbíonn gach iasacht a airleactar do AHBanna laistigh de dhréachtbheartas Creidmheasa ceadaithe na Gníomhaireachta agus go mbíonn an cháipéisíocht ábhartha go léir in ord sula dtéitear ar aghaidh chun airgead dá leithéid a thabhairt ar airleacan do AHBanna. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá ceadaithe ag na Stiúrthóirí. Tháinig an Coiste Creidmheasa le chéile 7 n-uaire i rith na bliana.

Ionduchtú agus Forbairt Ghairmiúil

Tá próiseas ionduchtaithe ann do Stiúrthóirí nua. Athraíonn a mbíonn i gceist leis ó thaobh Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Maidir leis an dara grúpa, tá an t-ionduchtú deartha le Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin a chur ar an eolas faoin nGníomhaireacht agus a cuid oibriúcháin, agus cuimsíonn soláthar ábhair faisnéise iomchuí, lena n-áirítear mionsonraí de phleananna oibríochtúla agus straitéiseacha na Cuideachta, mar aon le clár cruinnithe leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le lucht na bainistíochta sinsearaí.

Luach saothair na Stiúrthóirí

Cinneann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí. Ní bhíonn luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht. Tugann an tábla thíos mionsonraí na dtáillí go léir a íocadh le Stiúrthóirí i rith na bliana.

Comhaltaí	Táillí 2012 €	Táillí 2011 €
Michelle Norris	–*	–
Colm Brophy	6,181	–
Padraic Cafferty	6,013	–
John Hogan	–	–
Gerry Leahy	5,172	–
Jackie Maguire	–	–
James Miley	5,172	–
Michelle Murphy	5,172	–
Michael Murray	6,181	–
Philip Nugent	–	–
Mary Lee Rhodes	–	–
John Bolger	–	9,975
Julia Carmichael	–	7,695
Fr Pat Cogan	–	7,695
Ian d'Alton	–	–
Patrick Doyle	–	7,695
Michael Hayes	–	7,695
Clodagh Henahan	–	–
Áine Stapleton	–	–
Anthony Vesey	–	–
Eddie Wade	–	7,695
Iomlán	33,891	48,450

* Fabhraíodh €2,591 i 2012 le hóc do Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath mar chúiteamh in uaireanta oibre a chaill Michealle Norris mar gheall ar am a chaith sí i mbun a cuid dualgas mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht.

Tá mionsonraí ar luach saothair an Stiúrthóra Fheidhmiúcháin/an Phríomhfheidhmeannaigh i Nóta 6 do na ráitis airgeadais. Cúitíodh costais iomlána €5,146 (2011:€ 9,889) do Stiúrthóirí i rith 2012, ar chostais taistil agus chothabhála.

Caidreamh le scairshealbhóirí

Coinníonn na Stiúrthóirí agus an Bhainistíocht dialóg leanúnach ar bun le scairshealbhóirí na Gníomhaireachta maidir le ceistanna straitéiseacha. Teastaíonn ceadú ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus/nó ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leith gnóthaí sainithe áirithe agus coinnítear cumarsáid leanúnach ar bun leis na hAirí, trína Ranna, maidir leis na cúrsaí seo.

Rialú inmheánach

Bítear ag glacadh le agus ag bainistiú raon rioscaí mar chuid de ghnó na Gníomhaireachta agus ciallaíonn a mbíonn i gceist leis na rioscaí sin go bhféadfadh rudaí tarlú a d'fhágfadh go dtiocfadh caillteanais gan choinne. Ar aon dul le hAlt 8 den *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, ag a chruinniú an 4 Nollaig 2009, thug Bord na Gníomhaireachta a chead go nglacfaí Creat Bainistíochta Rioscaí agus go gceapfaí coiste ar a mbeadh an Príomhfheidhmeannach, Ceann an Chisteáin agus Rúnaí na Cuideachta mar an comhlacht arna ainmniú chun rioscaí a bhainistiú agus chun bheith freagrach as rioscaí sa Ghníomhaireacht. Déanann Coiste Iniúchóireachta an Bhoird maoirseacht ar rioscaí agus tá siad ina mbuanmhír ar chlár oibre gach cruinniú den Bhord.

Tá próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha a bhíonn roimh an Ghníomhaireacht a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Bhí an próiseas seo i bhfeidhm don bhliain atá faoi athbhreithniú agus chomh fada leis an dáta a ceadáíodh an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais, agus déanann an Bord an próiseas a athbhreithniú go rialta, agus tagann sé leis an treoir.

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach; agus go áirithe, d'athbhreithnigh agus d'uasdátaigh an Bord an próiseas, chun na rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an ngnó a aithint agus a mheas, mar aon leis na beartais agus na nósanna imeachta trína ndéantar na rioscaí sin a bhainistiú. Neartaíodh é seo de bharr go ndeachthas le Cód Eitice, a cheadaigh an Bord, lena soláthraítear treoir phraiticiúil don fhoireann go léir. Lena chois sin, tá beartais tacaíochta ag an nGníomhaireacht agus nósanna imeachta ann do na fostaithe chun gníomhaíochtaí, a mbeifí in amhras gur gníomhaíochtaí calaoiseacha iad, a thuairisciú agus a réiteach.

Is gnóthas airgeadais í an Ghníomhaireacht, agus mar sin, na bunrioscaí a bhaineann leis an ngnó, baineann siad go bunúsach le cúrsaí airgeadais (.i. rioscaí ó thaobh creidmheasa, leachtachta agus an mhargaidh) agus le cúrsaí cistíochta. Tugtar níos mó sonraí ar na rioscaí sin i Nóta 15. D'fhorbair an Ghníomhaireacht próiseas bainistíochta rioscaí lena n-áirítear athbhreithnithe ráithiúla ar a punann iasachtaí agus airleacan, chomh maith le hathbhreithniú bliantúil ar rioscaí a bhaineann le cúrsaí cistíochta, rud a fhágann go mbíonn sí ann ann na rioscaí seo a bhainistiú. Tá an Ghníomhaireacht ag tabhairt Beartais Chreidmheasa chun críche faoi láthair maidir le hiasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (AHBanna).

Baineann riosca iarmharach go príomha le hiasachtaí ar rátaí seasta agus treoirnasctha, agus le gluaiseachtaí an ráta bhoilscithe. Déileáiltear leis seo trí bheartas um chúlchistí agus chorrlaigh. Déanann an Ghníomhaireacht athbhreithniú cuimsitheach ar rioscaí go bliantúil, athbhreithniú a cheadaíonn an Bord agus a dhéanann cuid de bheartas na Gníomhaireachta um rátaí úis agus chúlchistí i gcomhair blianta ina dhiaidh. Cuirtear an Bord ar an eolas ar bhonn ráithiúil maidir le dálaí nua agus déantar gníomhartha ceartaitheacha más gá.

Maidir le hiasachtaí a thugann an Ghníomhaireacht d'údaráis áitiúla, dlítear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as siocair morgáistí a tugadh roimh Bealtaine 1986 a chur ar an nGníomhaireacht má urraíodh iad leis an mbunmhaoín atá faoi mhorgáiste agus le hárachas cosanta morgáiste. As suim €19.9 milliún de na hiasachtaí a tugadh roimh mhí na Bealtaine 1986 agus a bhí fós amuigh ag 31 Nollaig 2012 (2011: €20.2 milliún), níl ach €11.3 milliún (2011: €11.6 milliún) díobh sin fós dlite do na húdaráis áitiúla ó na hiasachtaithe bunúsacha. Tá bearna an €8.6 milliún (2011: €8.6 milliún) tagtha chun cinn toisc nach gceanglaítear ar na húdaráis áitiúla iomlán na suimeanna airgid a fhaigheann siad i ndáil le fuascailtí agus aisíocaíochtaí a chur ar ais chuig an nGníomhaireacht, faoi mar a cheadaítear faoi théarmaí na háise iasachta. Dar leis an mBord nach dtagann aon riosca creidmheasa chun cinn d'iarmhéid seo.

Coinníonn an t-údarás áitiúil comhthaobhacht i gcoinne fuilleach €11.3 milliún na n-iasachtaí a tugadh ar airleacan roimh 27 Bealtaine 1986 i bhfoirm leasanna morgáistí ar mhaoín agus ní bhíonn an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas i leith aon chaillteanais de bharr lagú a d'fhéadfadh teacht chun cinn, ach amháin sa chás nach leor an chomhthaobhacht sin leis an bhfiachas a scaoileadh. Ceanglaítear ar iasachtaithe aonair árachas um chosaint morgáiste a bheith acu ar a gcuid réadmhaoine.

Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorparáidigh (ar lean)

Meastar nach fiú le háireamh é riosca na haisíocaíochta maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986 os rud é gur le húdaráis áitiúla atá an gaol dlíthiúil, agus ní bhraitheann an riosca ar athruithe ar phraghsanna tithe ná ar athruithe eacnamaíocha eile. I gcomhthéacs:

- (a) gur comhlachtaí reachtúla iad údaráis áitiúla faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus achtacháin eile,
- (b) gur ionann a n-ioncam nó a gcistí agus urrús ó thaobh íocaíochta dlíthe don Ghníomhaireacht maidir le gach méid a bhíonn i gceist ó údaráis áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an Ghníomhaireacht),
- (c) gurbh é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a cheadaíonn gach iasacht dar dtugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla agus
- (d) gurb é tuairim Bhord na Ghníomhaireachta go dtacaíonn Rialtas láir le húdaráis áitiúla freastal ar a n-oibleagáidí don Ghníomhaireacht, tá an Bord den tuairim nach n-eascraíonn aon riosca creidmheasa go substaintiúil ar iasachtaí a airleacadh d'údaráis áitiúla ar nó tar éis an 27 Bealtaine 1986 agus ní thaifeadtar aon soláthar caillteanais iasachta i leith na n-iasachtaí seo.

Mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012, tar éis ath-idirbheartaíocht a bheith déanta i leith téarmaí iasachtaí áirithe, bhí gach údarás áitiúil suas chun dáta maidir lena gcuid aisíocaíochtaí sceidealaithe sa phunann seo.

Chuir an Ghníomhaireacht tús le hiasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (AHBanna) i 2012, rud ab ionann agus aistriú bunúsach ó oibríochtaí agus ó phróifíl rioscaí reatha na Ghníomhaireachta. Go dtí seo, bhí neamhchosaint na Ghníomhaireachta dírithe ar údaráis áitiúla. Tugann an t-iasachtú d'eintitis eile leibhéal rioscaí níos mó le fios agus éilíonn sé seo leibhéal éagsúil measúnaithe agus díchill chuí. Chun an riosca seo a mhaolú fostaíodh seirbhísí gnólachta measúnaithe airgeadais neamhspleách agus bunaíodh Coiste Creidmheasa chun na hiarratais uile a mheasúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar lucht faighte iasachtaí ar bhonn leanúnach. Caithfidh AHBanna ar mian leo iasacht a fháil ón nGníomhaireacht measúnú airgeadais ginearálta a chur isteach chun stádas Comhlachta Deimhnithe a fháil. Ní féidir iarratais a chur isteach ar airleacain le haghaidh iasachtaí go dtí go ndeimhnítear an stádas sin, agus measúnófar na hiarratais ina dhiaidh sin ar bhealach cosúil leis seo.

Bíonn tionchar ag a rátáil chreidmheasa, i measc nithe eile, ar an rochtain a bhíonn ag an nGníomhaireacht ar iasachtaí airgid agus ar chostas na n-iasachtaí sin. Is é an toradh a bhíonn ar íosghrádú ar rátáil go gcruthaítear riosca go bhféadfadh infheisteoirí seachtracha iarracht a dhéanamh an nochtadh creidmheasa a laghdú chuig an aonán ráthaíochta fiachais – Éire – agus dá réir sin chuig an nGníomhaireacht. Tharla íosghrádú rátálacha in Éirinn, agus dá réir ar an nGníomhaireacht, le linn 2010 agus 2011 agus chuir sin teorainn ar rochtain na Ghníomhaireachta ar mhargáí caipitil ó thaobh candam agus tréimhse an mhaoinithe ECP araon, agus ní raibh eisithe ach €18 milliún de mhaoiniú ECP ag 31 Nollaig 2012. Ba é €317 milliún iomlán an mhaoinithe ECP a tarraingíodh síos le linn na bliana, agus meántionacht 38 lá ag baint leis. Úsáideadh socruithe maoinithe eile ón NTMA faoin gclár um Nótaí faoi Ráthaíocht.

Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord thar cheann na Bainisteoireachta freisin maidir le hathruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach, a théann i bhfeidhm ar rioscaí. Soláthraítear faisnéis ráithiúil don Bhord. Sa chás go n-aithnítear réimsí infheabhsaithe sa chóras, breithníonn an Bord na moltaí arna ndéanamh ag mBainisteoireacht agus ag an gCoiste Iníúcháireachta.

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as córas um rialú inmheánach a choinneáil ar bun a sholáthraíonn deimhniú réasúnta i dtaobh oibriúcháin éifeachtach éifeachtúil, i dtaobh an rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus go bhfuil dlíthe agus rialacháin á gcomhlíonadh. Sa chomhthéacs seo, tugann na Stiúrthóirí aird ar na nithe a oireann, dar leo, do ghnó na Ghníomhaireachta, d'ábharthacht na rioscaí airgeadais a bhíonn de dhlúth agus d'inneach an ghnó, agus do na costais agus na sochair choibhneasta i dtaca le sainrialtuithe a chur i ngníomh.

Dearadh córas um rialú inmheánach na Ghníomhaireachta chun deimhniú réasúnta, ach ní deimhniú absalóideach, a sholáthar in aghaidh an riosca go dtarlódh earráidí ábhartha, calaois nó caillteanais. Is féidir go mbeadh duine in ann teacht timpeall ar rialuithe inmheánacha, nó iad a shárú. Anuas air sin, mar gheall ar athrú ar chúinsí, d'fhéadfadh go mbeadh athrú ar éifeachtúlacht chórais rialaithe inmheánaigh le himeacht aimsire agus féachann lucht bainistíochta na Ghníomhaireachta leis na córais rialaithe inmheánacha a leasú in am trátha de réir mar a thagann athrú ar chúrsaí an ghnó lena mbaineann.

Is féidir leis an nGníomhaireacht teacht ar an chlár €4,500 milliún de Nótaí faoi Ráthaíocht chun críocha maoiniúcháin tar éis na srianta a bhí uirthi ó thaobh a bheith a teacht ar mhargadh na nótaí páipéir eurothráchtála (ECP). Tá teorainn reachtúil €10 billiún le cumas iasachtaithe na Gníomhaireachta. Clúdaíonn na háiseanna seo gníomhaíocht a mheastar a tharlóidh amach anseo.

Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag na Stiúrthóirí lena ngabhann sainfhreagracht as an rialú inmheánach le haghaidh gach comhchuid de ghnó na Gníomhaireachta agus déanann an Príomhfheidhmeannach é sin a admháil go foirmiúil uair sa bhliain, i dteannta leis an bhfreagracht ghaolmhar as athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar éifeachtacht rialú inmheánach den sórt sin.

Is iad seo a leanas atá comhchodanna buntábhachtacha an chórais um rialú inmheánach:

- (a) struchtúr eagraíochta atá sainmhínithe go soiléir agus lena ndéantar dualgaí agus teorainneacha údarais a idirdhealú óna chéile go cuí;
- (b) rialuithe airgeadais inmheánacha a gcuirtear síos orthu i Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta atá ceadaithe ag an mBord;
- (c) teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainmhínithe go soiléir le haghaidh caiteachais airgeadais lena n-áirítear cúrsaí soláthair agus caiteachas caipitil;
- (d) buiséid bhliantúla (agus bealaí chun torthaí iarbhrí a chur i gcomparáid le buiséid i rith na bliana) agus pleananna fadtéarmacha don Gníomhaireacht ina sonraítear príomhrioscaí agus deiseanna;
- (e) cuntais bhainistíochta mhíosúla a ullmhaítear agus a gcuirtear i láthair an Bhoird;
- (f) déanann iniúcháir inmheánach athbhreithniú ar chórais agus ar rialuithe buntábhachtacha airgeadais;
- (g) pléann Coiste Iniúcháireachta le ceisteanna suntasacha a tharraingítear anuas in iniúcháireacht inmheánach nó sheachtrach, agus

(h) ullmhú agus eisiúint tuairiscí airgeadais, an Tuarascáil Bhliantúil san áireamh, á mbainistiú ag an Rannóg Airgeadais faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúcháireachta. Déantar próiseas tuairisceoireachta airgeadais a rialú trí úsáid polasaithe cuntasóireachta doiciméadaithe. Tacaíonn an Bhainistíocht Shinsearach leis an bpróiseas, chomh maith le agus comhairleoirí gairmiúla, mar shampla achtúire, a bhfuil dualgas agus freagracht orthu eolas a chur ar fáil de réir na mbeartas aontaithe lena n-áirítear tabhairt chun críche agus réiteach na faisnéise airgeadais i gcórais phróiseála. Cuirtear taca lena cháilíocht trí shocruithe maidir le hidirdhealú idir dualgaí chun seiceáil neamhspleách ar iomláine na dtuairiscí airgeadais a éascú. Tá an fhaisnéis airgeadais don bhliain faoi réir ag athbhreithniú de chuid na Bainistíochta Sinsearaí. Déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil freisin sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird í d'fhonn a fhaomhadh.

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach don bhliain airgeadais agus chomh fada leis an dáta a ceadáíodh na ráitis, agus bhreithnigh siad na príomhrioscaí gnó agus an timpeallacht um rialú.

Freagracht agus Iniúcháireacht

Cuntais agus Freagrachtaí Stiúrthóirí

Dar leis na Stiúrthóirí, tá an Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 ag teacht le Prionsabail Chód na Ríochta Aontaithe a éilíonn cur i láthair 'measúnú sothuigthe cothrom ar riocht agus ar ionchais na Cuideachta'. Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar Thuarascáil Bhliantúil 2012 agus creideann siad go gcuireann sé measúnú cothrom intuigthe i láthair ar riocht agus ionchais na Gníomhaireachta.

Ráiteas um Chomhlíonadh an Chóid

Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a thuairisciú gur shocraigh an Gníomhaireacht i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2012, Cód Rialachais Corparáide 2010 na Ríochta Aontaithe (eisirthe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais), larscríbhinn Rialachais Chorporáidigh na hÉireann agus an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, a chomhlíonadh, ach amháin i gcás na nithe seo a leanas:

Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorparáidigh (ar lean)

Méid agus struchtúr an Bhoird Reatha

Ceapann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana. Féadfaidh an tAire, tar éis comhairliúcháin leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh, agus dá thoradh, níl forálacha seo an Chóid infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht. Tugann an próiseas ceapacháin seo aghaidh freisin ar riachtanas na Gníomhaireachta déanamh amach cén chaoi a mbreathnaítear ar Stiúrthóir mar dhuine neamhspleách nó mar dhuine nach bhfuil neamhspleách. Níl aon athruithe beartaithe ar mhéid ná ar struchtúir an Bhoird agus níltear ag súil le haon athruithe dá leithéid.

Tá an Rialtas tar éis socrúithe nua a thabhairt isteach chun ceapacháin a dhéanamh ar bhoird agus ar chomhlachtaí Stáit. Agus Bord nua na Gníomhaireachta á cheapadh, d'iarr an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar dhaoine a raibh suim acu ann, iarratas a chur isteach ar a láithreán gréasáin d'fhóilúntais ar bhoird chomhlachtaí faoina coimirce. Ní gá d'Airí a bheith teoranta dóibh siúd a léiríonn spéis, ach cinnteoidh siad go mbeidh na cáilíochtaí cuí ag gach duine a cheapfar.

Shocraigh an Rialtas freisin go gceanglaítear orthu siúd atá á moladh lena gceapadh mar chathaoirleach ar bhoird Stáit, a bheith ar fáil don choiste Oireachtais cuí leis an gcur chuige a nglacfaidh siad mar chathaoirleach agus a ndearcadh ar a ndéanfaidh an comhlacht nó an bord atá i gceist, a phlé. Tar éis an phlé sin, glacfaidh an tAire nó an Rialtas, de réir mar is cuí, cinneadh leis an nduine ceaptha a dheimhniú mar chathaoirleach. Chuaigh Michelle Norris i láthair an Chomhchoiste Oireachtais um Chomhshaoil, Iompar, Chultúr agus an Ghaeltacht an 25 Aibreán chun na críche sin.

Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin neamhspleách sinsearach

Breithníodh an cheist ar chóir comhalta sinsearach aitheanta den Bhord, seachas an Cathaoirleach, a ainmniú le go bhféadfaí buairimh a chur faoina b(h)ráid, agus i bhfianaise an bealach a cheaptar Stiúrthóirí, an struchtúr scairsheibhe agus nósanna imeachta reatha an Bhoird, thángthas ar an gconclúid nach bhfuil a leithéid oiriúnach agus cúrsaí mar atá faoi láthair.

Neamhspleáchas Stiúrthóra

Tá tréimhse breis is naoi mbliana, an treoirtréimhse a fhoráiltear leis an gComhchód, curtha isteach ag duine de na Stiúrthóirí ar an mBord. Tá an Bord tar éis na himpleachtaí ó thaobh neamhspleáchais a bhaineann leis seo a bhreithniú agus tá siad tagtha ar an gconclúid nach bhfuil tréimhse an Stiúrthóra seo ar mBord ag teacht salach ar a neamhspleáchas.

Coiste na nAinmniúcháin agus nósanna imeachta le haghaidh toghcháin agus atoghcháin

Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus bíonn siad sa phost ar feadh cibé tréimhse a shainíonn an tAire agus an ceapachán á dheanamh ach ní ar feadh tréimhse is faide ná cúig bliana, ach amháin sa chás gur cuí leis an Aire Stiúrthóir a athcheapadh don dara téarma, agus dá thoradh sin, níl feidhm ag na forálacha sin den Chód leis an nGníomhaireacht.

Luach saothair na Stiúrthóirí

Cinneann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh de réir na dtreoirlínte reatha le haghaidh pá sa tSeirbhís Phoiblí. Ní bhíonn luach saothair Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht agus nochtaítear thuas é do gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar leith mar tháillí i Nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déanann an Coiste um Luach Saothair moltaí i ndáil le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh go mbreithneoidh an Bord iad, ach níor tionóladh an Coiste um Luach Saothair sa bhliain reatha.

Iniúcháireacht inmheánach

Mar gheall ar mhéid na Gníomhaireachta agus ar a bhfuil i gceist léi, níl feidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí saor ó fhreagracht oibriúcháin; ach tá na Stiúrthóirí sásta go dtugtar leibhéal leordhóthaineach neamhspleáchais d'fheidhm na hiniúcháireachta inmheánaí chun ligean di a cuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach oibiachtúil atá sách neamhspleách.

Nochtadh maidir leis an scéim shochair shainithe do Stiúrthóirí

Chomhlíon na Stiúrthóirí na treoirlínte maidir le nochtheadh a leagtar amach sa Chód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit, in ionad déanamh de réir an Chomhchóid ina leith seo, mar go meastar gur oiriúnaí sin do chás na Gníomhaireachta.

Thar cheann an Bhoird,



An Dr Michelle Norris
Cathaoirleach

4 Aibreán 2013



Philip Nugent
Stiúrthóir

4 Aibreán 2013





Ráiteas um Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin roghnaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn, ina gcuimsítear an dlí is infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairisceoireachta Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

De réir an dlí, ní foláir do ráitis airgeadais na Gníomhaireachta léargas fíor cóthrom a thabhairt ar ghnóthaí na cuideachta agus ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas don bhliain sin.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus ansin iad a fheidhmiú ar bhealach comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bheidh réasúnach críonna; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Gníomhaireacht ar aghaidh i mbun gnó.



Bíonn na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtáíonn le cruinneas réasúnach ag am ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann a ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Bíonn siad freagrach freisin as gach beart is féidir leo a dhéanamh le réasún a dhéanamh chun sócmhainní na cuideachta a chosaint agus chun teacht roimh chalaois agus mhírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach freisin as Tuarascáil Stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonfaidh ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 to 2012.

Thar cheann an Bhoird,

An Dr Michelle Norris
Cathaoirleach

4 Aibreán 2013

Philip Nugent
Stiúrthóir

4 Aibreán 2013

Tuairisc an Iniúcháir Neamhspleáigh do Chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt

Tá iniúcháireacht déanta againn ar ráitis airgeadais (ráitis airgeadais) na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt (an 'Gníomhaireacht') don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 lena n-áirítear an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, ráiteas i leith iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é dlí na hÉireann an creat tuairisceoireachta airgeadais a feidhmíodh agus na ráitis á n-ullmhú agus na caighdeáin chuntasaíochta a d'eisigh an Chomhairle Tuairisceoireachta Airgeadais agus a d'fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (An Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn).

Tá an tuairisc seo á déanamh do chomhaltaí na Gníomhaireachta amháin, mar chomhlacht, de réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Rinneadh ár n-obair iniúcháireachta ionas go mbeimis in ann a rá le comhaltaí na Gníomhaireachta na nithe sin is gá dúinn a rá leo i dtuairisc iniúcháir agus ní chun aon chríoch ar bith eile. A mhéid is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn féin freagracht d'aon duine eile seachas an Gníomhaireacht agus comhaltaí na Gníomhaireachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuairisc seo nó as na na tuairimí atá déanta againn.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus an iniúcháir faoi seach

Faoi mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas um Freagrachtaí na Stiúrthóirí mar atá leagtha amach ar leathanach 28, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus léargas fíor agus cothrom a thabhairt. Tá de fhreagracht orainne iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a chur in iúl faoi na ráitis airgeadais de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn na Caighdeáin Eitice d'Iniúcháirí, arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta a chomhlíonadh.

Scóip na hiniúcháireachta ar na ráitis airgeadais

Is éard a bhaineann le hiniúcháireacht leordhóthain fianaise a fháil faoi na suimeanna agus an méid a nochtar sna ráitis airgeadais chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhartha, cibé calaois nó earráid is cúis leis. Leis seo, áirítear measúnacht: ar cibé acu an n-oireann na bearta chuntasaíochta do

chúinsí na Gníomhaireachta agus ar feidhmíodh iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh iad go leordhóthaineach; réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach arna ndéanamh ag na stiúrthóirí; agus mar a cuireadh na ráitis airgeadais i láthair ar an iomlán. Lena chois sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagaimid ar an eolas faoi aon nithe is cosúil le mí-ráitis ábhartha nó míréireachtaí, déanaimid machnamh ar na himpleachtaí dár dtuairisc.

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom, de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leo in Éirinn, ar an staid ina raibh gnóthaí na Gníomhaireachta ar 31 Nollaig 2012 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

Gnóthaí ar a bhfuil ceangal orainn tuairisciú ina dtaobh de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

Fuaireamar an fhaisnéis ar fad agus gach míniúchán a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúcháireachta.

Tá na ráitis airgeadais ag teacht le leabhair na gcuntas agus, dar linn, choinnigh an Gníomhaireacht leabhair chuntas chearta.

Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus go bhfuil an cur síos a thugtar sa Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach faoi phríomhghnéithe na gcóras inmheánach rialaithe agus bainistíochta rioscaí i ndáil leis an bpróiseas leis na ráitis airgeadais a ullmhú, ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Mar a deirtear sa chlár comhardaithe, is mó glansócmhainní na Gníomhaireachta ná leath shuim a scairchaipitil ghlaote, agus is í ár dtuairim, ar an mbonn sin, nach raibh ar 31 Nollaig 2012 staid airgeadais ann a d'fhágfadh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, go gcaithfí cruinniú ginearálta urghnách den Gníomhaireacht a ghairm.

Gnóthaí ar a bhfuil ceangal orainn tuairisciú ina dtaobh trí eisceacht

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith an mhéid seo a leanas:

Faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012, ceanglaítear orainn tuairisciú duit, mura ndéantar luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta a shonraítear leis an dlí, a nochtadh dar linne.

Faoi gCód Cleachtais maidir le *Rialachas Comhlachtaí Stáit* ("an Cód") ceanglaítear orainn tuairisciú duit mura léirítear leis an ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach, a éilítear faoi gCód mar a áirítear ar leathanach 7 de Ráiteas an Chathaoirligh, mar a chomhlíon an grúpa mír 13.1 (iii) den Chód nó mura bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis is eol dúinne de bharr ár n oibre iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscímid murab amhlaidh sin.

Déanaimid athbhreithniú freisin, mar a d'iarr an Bord, ar na codanna den Ráiteas deonach um Rialachas Corparáideach ar na leathanach 18 a bhaineann leis an mbealach a chomhlíon an chuideachta naoi bhforáil Chód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe agus dhá fhoráil larscríbhinn Rialachais Chorporáidigh na hÉireann atá sonraithe faoi Rialacha Liostaithe Stocmhlartán na hÉireann go bhfuil siad le hathbhreithniú ag an iniúcháir.



Jonathan Lew
le haghaidh agus thar ceann
KPMG

Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
1 Plás Mháistir an Chuain,
Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSC),
Baile Átha Cliath 1,
Éire



Ráiteas um beartais chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach i dtaca le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.

An bonn ar ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin go sonraítear, ag luach cothrom i leith an riosca atá fálaíthe, sócmhainní airgeadais aitheanta agus dliteanais airgeadais aitheanta atá fálaíthe. Déantar gach ionstraim dhíorthach a thomhas ar luach cothrom.

Comhlíonann na ráitis airgeadais an cleachtas cuntasáíochta a ngactar leis go coitianta in Éirinn, lena n-áirítear dlíthe na hÉireann a chomhlíonadh chomh maith le Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais (“FRS”) na Comhairle Tuairisceoireachta Airgeadais, faoi mar a d’fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn iad. Na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos, cuireadh i bhfeidhm iad ar bhealach comhleanúnach i leith gach tréimhse dá gcuirtear i láthair sna ráitis airgeadais seo.

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú. Agus an measúnú seo á dhéanamh ag Bord na Stiúrthóirí faoi acmhainn na Gníomhaireachta leanacht ar aghaidh mar ghnóthas leantach, cuireadh san áireamh na rioscaí suntasacha agus éiginnteacht shuntasach atá ag dul i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht faoi láthair, go háirithe maidir leis an deacracht a bhaineann le teacht ar mhaoiniú.

Tugtar de chumhacht don Gníomhaireacht faoi alt 17 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 agus faoi alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002 a iarraidh ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) tabhairt faoi iasachtaí a fháil agus fiachas a bhainistiú thar ceann na Gníomhaireachta. Faoi réir na dtéarmaí i gcomhaontú foirmiúil idir an NTMA agus an Gníomhaireacht, is í an Gníomhaireacht a shocraíonn an beartas ginearálta ar dá réir a tharlaíonn an maoiniú a dhéanann an NTMA maraon leis na hionstraimí fiachais cuí. Is i gcomhar go dlúth le NTMA, agus ar chomhairle NTMA, a oibríonn an Gníomhaireacht maidir leis na cláir i ndáil le páipéar eurothrachtála [ECP] agus Nótaí faoi Rátháíocht [GN]. Bhí luach €3.98 billiún i bhfoirm Nótaí faoi Rátháíocht ceannaithe ag NTMA faoin 31 Nollaig 2012 (2011: €3.8bn).

Bhí rochtain na hÉireann ar mhargaí fiachais cheannasaigh srianta i gcónaí i rith na bliana agus bhí tionchar suntasach aige seo ar rochtain na Gníomhaireachta ar mhaoiniú tríd an gclár ECP atá dírithe ar an margadh. Mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012, soláthraíodh €18 milliún de mhaoiniú na Gníomhaireachta faoin gclár seo (2011: €Nialas). Ba é €317 milliún iomlán an mhaoinithe ECP a tarraingíodh síos le linn na bliana, agus meántionacht 38 lá ag baint leis. Tá an Roinn Airgeadais tar éis riocht leachtachta agus cistíochta HFA a

bhreithniú go ceann 12 mí agus d’iarr an Roinn go leanfadh NTMA ag cur maoiniú GN ar fáil don HFA. Aontaíodh go gcuirfeadh maoiniú ar rátaí foluaine tríd an gclár cúnamh airgeadais ar fáil ina thráinsí, agus tréimhse aibíochta 3 mhí i gceist le gach ceann. Bíonn na bannaí faoi rátháíocht ag Aire Airgeadais na hÉireann.

Cé go bhféadfadh an tráth a fhillfidh an Gníomhaireacht ar a bheith ag fáil maoinithe go neamhspleách ar na margaí idirnáisiúnta a bheith níos déanaí ná an tráth a fhillfidh Éire féin ar na margaí, tá an Gníomhaireacht réidh dá aineoinn sin lena clár ECP a athsheoladh chun éascú léi filleadh ar staid féinmhaoinithe. Is deacair an tionchar ar chostas cistí na Gníomhaireachta a mheas faoi láthair, ach tá an Bord sása go bhfuil raon leordhóthaineach de roghanna maoinithe ar fáil di, rud a ligfidh dúinn leanúint ar aghaidh le bheith ag soláthar airgeadais leanúnaigh dár gcustaiméirí.

Mar chuid de mheasúnacht na Stiúrthóirí ar an gceist maidir lena oiriúnaí a bheadh na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, rinneadh athbhreithniú ar phleananna gnó agus ar phleananna maoinithe na Gníomhaireachta, ag cur cumas leanúnach na Gníomhaireachta maidir le rochtain a fháil ar leachtacht agus ar mhaoiniú trí rannpháirtíocht na hÉireann i gClár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF tríd an gclár GN, san áireamh.

Tá rochtain na hÉireann ar mhaoiniú trí Chlár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF (“An Clár”) bunaithe ar an tuiscint go gcomhlíonfaidh sí coinníollacha an Chláir. Luann an Litir Rúin ón Roinn Airgeadais le déanaí go bhfuil Éire tiomanta go daingean i gcónaí don Chlár, rud a léirítear leis an bhfeidhmíocht láidir ó thaobh mar atá na creataí beartais comhaontaithe agus bearta comhaontaithe á gcur i ngníomh.

Tá na Stiúrthóirí sásta, i bhfianaise iarratas na Roinne Airgeadais ar NTMA, go mbeidh teacht ag an nGníomhaireacht ar mhaoiniú dóthanach go ceann 12 mí ar a laghad; agus gur cuí i gcónaí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus go leanfaidh an Gníomhaireacht i mbun gnó chomh fada agus is féidir a thuar.

Airgeadra feidhmiúil agus láithreoireachta

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in Euro, airgeadra feidhmiúil na Gníomhaireachta. Ach amháin sa chás go dtugtar a mhalairt le fios, rinneadh an fhaisnéis airgeadais a chuirtear i láthair in euro a shlánú go dtí an an míle ba chóngaraí.

Úsáid as meastacháin agus breitheanna

Bíonn ar an lucht bainistíochta, le linn ráitis airgeadais a ullmhú, teacht ar mheastacháin, ar bhreithiúnais agus ar thoirimh a mbíonn tionchar acu ar an mbealach a gcuirtear beartais chuntasaíochta i bhfeidhm agus ar an luach a luaitear le sócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais.

Bíonn athbhreithniú á dhéanamh go leanúnach ar mheastacháin agus ar thoirimh bunúsacha. Luaitear leasú a dhéantar ar mheastacháin chuntasaíochta i ndáil leis an tréimhse ina ndéantar an meastachán a leasú agus i ndáil le haon tréimhsí as sin amach a dtéann an leasú i bhfeidhm ina leith.

Is iad na meastacháin a bhaineann le réimse chaillteanais lagaithe a d'fhéadfadh a theacht i gceist maidir le hiasachtaí agus airleacain, le sochair d'fhostaithe agus leis an ríomh ar an luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh, na meastacháin a théann i bhfeidhm go mór ar na ráitis airgeadais agus iad sin a mbeadh baol ann go dteastódh coigeartú suntasach uathu an bhliain dar gcionn.

Caillteanas lagaithe ar iasachtaí agus ar airleacain

Tugann an Ghníomhaireacht iasachtaí do údaráis áitiúla agus chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (AHBanna). Tá próifíl riosca creidmheasa éagsúil ag na hiasachtaithe seo. Leagtar na próifíleanna difriúla rioscaí ó thaobh creidmheasa amach thíos. Is féidir míniú níos mionsonraithe ina leith seo a fháil i Nóta 15(a).

Tugann an Ghníomhaireacht iasachtaí d'údaráis áitiúla. I gcomhthéacs (a) gur comhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus faoi achtacháin eile na húdaráis áitiúla, agus (b) go bhfuil teacht isteach nó cistí na n-údarás áitiúil ina n-urrús i leith gach suim atá dlite don Ghníomhaireacht a íoc go cuí léi ag údaráis áitiúla (mar a leagtar síos sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil faoi seach agus an Ghníomhaireacht), (c) gach iasacht a thugtar ar airleacan do na húdráis áitiúla a bheith á fhaomhadh ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus (d) tuiscint an Bhoird go dtacaíonn Rialtas láir le húdaráis áitiúla agus a n-oibleagáidí don Ghníomhaireacht á gcomhlíonadh; tá an Bord den tuairim nach dtagann aon bhaol go substaintiúil maidir le riosca creidmheasa ábhartha i gceist i ndáil le hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla ar an Bealtaine 1986 ná tráth ar bith ó shin i leith agus níor taifeadadh aon soláthar caillteanais iasachta i leith na n-iasachtaí sin.

Dlítear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as an €11.3 milliún (2011: €11.6 milliún) atá fós dlite do na húdaráis áitiúla ó na hiasachtaithe bunúsacha ar mhorgáistí a ceadáíodh roimh an 27 Bealtaine 1986 agus a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste mar urrús leo, a chur ar an nGníomhaireacht. Tá comhsholáthar de €1.41 milliún aitheanta i leith na gcuntas sin. Tagair do Nóta 15 (a) le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Tosaíodh ar iasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe go díreach i 2012, rud a thugann leibhéal níos airde rioscaí le tuiscint, agus éilíonn sé seo leibhéal difriúil measúnaithe agus díchill chuí. Fostaíodh seirbhísí gnólachta measúnaithe airgeadais neamhspleáiche, agus bunaíodh Coiste Creidmheasa. Leis an riosca a mhaolú, bíonn ar AHBanna ar mian leo iasacht a fháil ón nGníomhaireacht measúnú airgeadais ginearálta a chur isteach chun stádas Comhlachta Deimhnithe a fháil, faoi mar atá molta leis an measúnú airgeadais neamhspleách, ag an gCoiste Creidmheasa agus ag an mBord de réir mar is gá. Ní féidir iarratais a dhéanamh ar airleacain le haghaidh iasachtaí go mbíonn an stádas sin deimhnithe, agus déantar measúnú ar na hiarratais sin ina dhiaidh sin le fáil amach an bhfuil lagú i gceist. Aithnítear caillteanais de thoradh iasachta ar na hiasachtaí seo sa mhéid go dtagann caillteanais chun cinn.

Sochair d'fhostaithe

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht scéim pinsin le sochair shainithe a dtagann gach ball buan den fhoireann faoina scáth; déantar luach margaidh sócmhainní agus luach achtúireachta dhliteanais na scéime a ríomh. Baineann leis sin go ndéanadh an lucht Bainistíochta, i gcomhairle le hachtúire seachtrach, toimhdí maidir le boilsciú ar phraghasanna, ardú ar thuarastail agus ar phinsin, fáiltas ar infheistíocht agus ré saolach na bhfostaithe sa todhchaí. Bíonn raon inghlactha i gceist inar féidir le meastacháin den chineál sin a theacht go dlisteanach. D'fhéadfadh gur tionchar eile ar fad a bheadh ar na torthaí i leith na tréimhse agus ar an riocht airgeadais dá réir, dá mbainfí úsáid as malairt toimhdí. Foilsítear breis sonraí ina leith seo i Nóta 22.

Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Aitheantas

Tugann an Ghníomhaireacht aitheantas ar dtús, ar luach cóir, d'iasachtaí agus do shuimeanna ar airleacan, d'éarlaisí, d'urrúis fiachais ar eisiúint agus do bhannaí innéacsnaasctha ar an dáta a gcuirtear tús leo.

Dí-aitheantas

Stadann Ghníomhaireacht ó aitheantas a thabhairt do shócmhainn airgeadais nuair a théann na cearta faoi chonradh ar shreabhadh airgid ón tsócmhainn in éag, nó nuair a aistrítear na cearta faoi chonradh ar shreabhadh airgid an tsócmhainn airgeadais a fháil trí idirbheartaíocht lena n-aistrítear an riosca ar fad agus an gnóthachan uile a bheag nó a mhór a ghabhann le húinéireacht ar an tsócmhainn airgeadais. Aithnítear mar shócmhainn nó dliteanas ar leith d'aon leas i sócmhainní airgeadais aistrithe, ar leas é a chruthaigh nó a choimeád an Ghníomhaireacht.

Stadann an Ghníomhaireacht ó dhliteanas airgeadais a aithint nuair a bhíonn na dualgais a leagtar uirthi faoin gconradh curtha di aici nó ar sin a chur ar ceal nó a dhul in éag.

Ráiteas um beartais chuntasaíochta (ar lean)

D'fhéadfadh an Ghníomhaireacht idirbhearta a dhéanamh trína n-aistrítear sócmhainní atá aitheanta ar a clár comhardaithe ach go gcoinníonn sí gach riosca agus gach gnóthachan araon a bhaineann leis na sócmhainní aistrithe nó sciar áirithe díobh. Sa chás go gcoinnítear na rioscaí agus an gnóthachan ar fad, a bheag nó a mhór, ní stadtar sa chás sin ó na sócmhainní aistrithe a aithint ar an gclár comhardaithe.

Fritháireamh

Déantar fritháireamh maidir le sócmhainní agus dliteanais airgeadais agus cuirtear an tsuim ghlan i láthair sa chlár comhardaithe nuair atá de cheart ag an nGníomhaireacht faoin dlí, agus sa chás sin amháin, na suimeanna a fhritháireamh agus nuair atá de rún ag an nGníomhaireacht réiteach maidir leis an tsócmhainn ar bhonn glansuime nó an tsócmhainn a réadú agus réiteach maidir leis an dliteanas an tráth céanna.

Luaitear ioncam agus speansais ar bhonn glansuime nuair a bhíonn de rún agus d'acmhainn ag an nGníomhaireacht na suimeanna a fhritháireamh.

Costas amúchta a thomhas

Is ionann costas amúchta sócmhainne nó dliteanais airgeadais agus an tsuim a luaitear leis an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais nuair a aithnítear ar dtús é, lúide aisíocaíochtaí i leith na príomhshuime, móide nó lúide an amúchadh carnach, agus modh an ráta éifeachtaigh úis á chur in úsáid maidir le haon difríocht idir an tsuim a aithníodh ar dtús agus an tsuim aibíochta, lúide aon laghdú maidir le lagú.

An luach cóir a mheas

Bíonn an próiseas maidir le luach cóir a lua le sócmhainní airgeadais agus le dliteanais airgeadais bunaithe ar phraghasanna foilsithe an mhargaidh nó ar thairiscintí praghasanna ó dhéileálaithe i ndáil le hionstraimí airgeadais arna dtrádáil ar mhargaí beo. Maidir le luach foilsithe an mhargaidh, is ar an bpraghas tairisceana a bhunaítear é ach sa bheith ar fáil. I gcás na n-ionstraimí airgeadais eile ar fad, socraítear an luach cóir trí mhodhanna luachála a chur in úsáid. I gcás urrús nach mbíonn luach foilsithe an mhargaidh ar fáil lena aghaidh, baineann an Ghníomhaireacht leas as teicnící meastacháin chun an luach cóir a shocrú. Áirítear ar na modhanna meastúcháin a úsáidtear, sreabhadh airgid lascainithe, samhaltacha inmheánacha lena mbaintear leas as sonraí soiléire an mhargaidh nó as comparáidí le hurrúis eile atá ar aon dul, a bheag nó a mhór, leis na cinn faoi chaibidil.

Iasachtaí agus suimeanna infhaighte

Is sócmhainní airgeadais nach díorthaigh iad iasachtaí agus suimeanna infhaighte, a mbíonn íocaíochtaí seasta nó íocaíochtaí indeimhnithe ag gabháil leo agus nach luaitear

ar mhargadh beo agus nach bhfuil i gceist ag an nGníomhaireacht iad a dhíol láithreach ná sa ghearrthéarma.

Déantar iasachtaí agus suimeanna infhaighte a mheas ar dtús ar an luach cóir maidir leis an gcomaoin a fuarthas agus coinnítear ina dhiaidh sin iad arna lua de réir an chostais amúchta lúide soláthar maidir le lagú. Is ar bhonn an ráta úis éifeachtaigh a thugtar aitheantas don ioncam ó iasachtaí agus ó shuimeanna infhaighte.

Lagú a aithint agus a mheas

Déanann an Ghníomhaireacht, tráth an chláir chomhardaithe i ngach tréimhse airgeadais, an cheist a mheas cé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tarlaithe maidir le sócmhainní airgeadais nach ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas a iompraítear iad. Áirítear lagú tarlaithe maidir le sócmhainní airgeadais sa chás gur léir ó fhianaise oibiachtúil gur tharla eachtra caillteanais ó rinneadh an tsócmhainn a aithint ar dtús agus go bhfuil tionchar, ar féidir é a mheas go hiontaofa, ag an eachtra caillteanais sin ar shreabhadh airgid na sócmhainne sin san am atá le teacht.

Déanann an Ghníomhaireacht fianaise maidir le lagú a mheas ag leibhéal sócmhainne amháin faoi leith agus ag an leibhéal tiomsaithe chomh maith. Déantar measúnú maidir le gach sócmhainn airgeadais a bhfuil suntas léi aisti féin i ndáil le lagú faoi leith maidir leis an tsócmhainn sin.

Déantar gach sócmhainn shuntasach ansin nach meastar gur tharla lagú faoi leith i ndáil leo, a mheas mar thiomsú d'fhonn aon lagú a fulaingtóidh ach nár tuairiscíodh go fóill a thabhairt chun aire. Sócmhainní nach bhfuil suntasach astu féin, déantar an measúnú maidir le lagú ina leith arna dtabhairt ina dtiomsú de shócmhainní airgeadais (arna n-iompar de réir an chostais amúchta) a bhfuil tréithe riosca den chineál céanna ag baint leo. Déantar caillteanas mar gheall ar lagú ar shócmhainní arna n-iompar de réir an chostais amúchta a thomhas de réir an difríocht atá idir luach iompair na sócmhainní airgeadais agus luach reatha an tsreafa airgid measta arna lascainiú de réir an ráta úis éifeachtach a bhain leis na sócmhainní ar dtús. Déantar caillteanais a aithint i mbrabús agus i gcaillteanais agus léirítear iad i gcuntas liúntais maidir le hiasachtaí agus airleadan.

Leantar den aitheantas maidir le hús ar an tsócmhainn lagaithe agus déantar díscríobh sa chás go meastar maidir le hiasacht nach féidir bailiúchán a dhéanamh i leith cuid de nó an iomláin, nó go bhfuil cuid de nó an t-iomlán maite. Cuirtear suimeanna díscríofa de mhuirear in aghaidh soláthairtí a rinneadh roimhe sin maidir le lagú nó luaitear sa chuntas ioncaim agus caiteachais go díreach iad.

Airgead tirim agus coibhéis airgid

Is é atá i gceist le hairgead tirim agus a choibhéis ná airgead tirim sa bhanc agus ar láimh agus infheistíocht ghearrthéarmach, i bhfoirm nótaí gealltanais nó páipéar tráchtála den chuid is mó lena mbaineann aibíocht faoi cheann trí mhí nó tráth is luaithe ná sin, atá so-aistrithe go dtí suim airgid thirim atá ar eolas, agus ar fíorbheag an baol go dtiocfadh athrú ar a luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí den sórt sin ar bhonn úis éifeachtaigh ar feadh na tréimhse go dtarlaíonn aibíocht.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus cúrsaí dímheasa

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir an chostais lúide dímheas carntha agus aon lagú.

Déantar an muirear maidir le dímheas a ríomh ar an mbonn seo a leanas sa chaoi is go ndéantar díscríobh ar chostas tosaigh gach sócmhainne seasta lúide an luach iarmharach i rith ré measta fiúntais na sócmhainne:

Trealamh ríomhaireachta	Líne dhíreach thar 3 bliana
Trealamh eile	Líne dhíreach thar 5 bliana

Déantar athbhreithniú go tráthrialta maidir le meastacháin i ndáil leis an ré measta fiúntais. Déantar soláthar freisin, nuair is gá sin, do lagú ar bith ar shócmhainní seasta inláimhsithe. Déantar athbhreithniú ar luach iompair na sócmhainní seasta inláimhsithe ar an dáta tuairiscithe d'fhonn a dhéanamh amach cé acu an bhfuil aon chomhartha go bhfuil lagú i gceist. Má tá comhartha den sórt sin ann, déantar an tsócmhainn a thástáil maidir le lagú trí chomparáid a dhéanamh idir an luach iompair agus an luach a d'fhéadfaí a aisghabháil, luach is ionann agus cibé acu is airde idir an tsuim a gheofaí ón tsócmhainn a dhíol nó an luach atá leis an tsócmhainn in úsáid. Aithnítear caillteanais ó lagú sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Ús infhaighte agus iníoctha

Aithnítear ús atá infhaighte agus iníoctha maidir le hionstraimí airgeadais arna rangú mar iasachtaí agus airgead ar airleacan, agus mar dhliteanais airgeadais de réir an chostais amúchta, ar bhonn ráta éifeachtach úis. Cuirtear san áireamh leis an ríomh sin ús a fuarthas nó a íocadh, táillí agus coimisiúin a íocadh nó a fuarthas atá ina ndlúthchuid den toradh chomh maith le costais incriminteacha na n-idirbheart. Nuair a bunaíodh an banna innéacsnaascha, measadh go raibh dlúthbhaint ag gné an bhoilscithe leis an toradh agus nár ghá dá réir sin cuntasáíocht faoi leith i ndáil leis mar dhíorthach neadaithe. Déantar dá bharr sin toradh réamh-mheasta an bhoilscithe a chur san áireamh sa ríomh ar an ráta éifeachtach úis freisin agus déantar athmheasúnú air sin gach leathbhliain. Is ionann an ráta éifeachtach úis

agus an ráta trína ndéantar lascainiú ar an sreabhadh airgid measta san am atá le teacht, ar feadh ré ionchais na hionstraime airgeadais nó, tréimhse níos giorra ná sin sa chás gur cuí sin, i ndáil le luach iompair glan na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais ar a aithint den chéad uair.

Airgeadra iasachta

Déantar idirbhearta ainmnithe in airgeadra seachas an euro a lua de réir na rátaí a bhí i réim tráth na beartaíochta féin. Aistrítear sócmhainní airgid agus dliteanais in airgeadra eachtrach de réir na rátaí atá i réim ar dháta an chláir chomhardaithe. Déileáiltear leis na difríochtaí malairte sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Léas oibriúcháin

Áirítear costais maidir le léasanna oibriúcháin i gcaiteachas indíreach agus sin ar bhonn fabhrúithe ar feadh théarma an léasa agus modh na líne díri i bhfeidhm. Aithnítear dreasachtaí maidir leis an léas oibriúcháin ar an gclár comhardaithe agus scaoiltear iad ar bhonn dronnlíneach thar an tréimhse chomh fada leis an chéad athbhreithniú de réir ráta an mhargaidh atá ina chuid den léas.

Ioncam airgeadais

Cuimsíonn ioncam airgeadais an t-ioncam ó ús ar chistí infheistithe. Aithnítear ioncam ó ús de réir mar a fhabhraíonn sé agus modh an ráta éifeachtaigh úis á úsáid.

Cúrsaí Pinsin

Is ionann easnamh nó barrachas glan na Gníomhaireachta maidir leis an bplean pinsin le sochair shainithe agus an t-easnamh nó an barrachas dá réir i ndáil le luach cóir shócmhainní an phlean i gcomórtas le luach reatha na sochar a bheidh dlite do na fostaithe san am atá le teacht i gcúiteamh ar a gcuid fónaimh le linn na tréimhse reatha agus tréimhsí roimhe seo. Is ionann an ráta lascaine a chuirtear i bhfeidhm agus toradh an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta ag dáta an chláir chomhardaithe a bhfuil dátaí aibíochta ag dul leo a thagann a bheag nó a mhór leis na téarmaí maidir le dualgais na Gníomhaireachta. Achtúire cáilithe neamhspleách a dhéanann an t-áireamh agus is é modh chostas réamh-mheasta an aonaid a chuirtear i bhfeidhm. Cuirtear gnóthachain agus caillteanais achtúireachta go díreach ar an ráiteas faoi ghnóthachain agus caillteanais aitheanta sa tréimhse chéanna ina dtabhaítear iad.

Ar an tionchar ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais áirítear an costas seirbhíse reatha, an costas seirbhíse roimhe seo, an costas úis maidir le dliteanais na scéime, agus an toradh measta maidir le sócmhainní an phlean.

Cuntas ioncaim agus caiteachais

	Nóta	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011
		€'000	€'000
Ioncam – gníomhaíochtaí leantacha	3	107,508	116,790
Caiteachas díreach	4	(91,218)	(111,709)
Barrachas ioncaim thar chaiteachas díreach		16,290	5,081
Caiteachas indíreach	5	(1,450)	(1,603)
Barrachas oibriúcháin don bhliain airgeadais – gníomhaíochtaí leantacha		14,840	3,478
Ioncam airgeadais (glan)	7	264	149
Barrachas don bhliain airgeadais		15,104	3,627

Thar cheann an Bhoird,



An Dr Michelle Norris
Cathaoirleach

4 Aibreán 2013



Philip Nugent
Stiúrthóir

4 Aibreán 2013

Ráiteas faoi iomlán an ghnóthachain agus an chailteanais aitheanta

	<i>Nóta</i>	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011
		€'000	€'000
Barrachas don bhliain airgeadais		15,104	3,627
Caillteanas achtúireachta	22	(1,381)	(152)
Glanathrú i sreabhadh airgid chúlchiste fálaithe	16	-	19
Gnóthachain aitheanta iomlána don bhliain airgeadais		13,723	3,494

Clár comhardaithe

	Nóta	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Sócmhainní in úsáid			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	9	41	39
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe (airleacain dlite tar éis níos mó ná bliain: €3,809,318 [2011:€3,776,651])	8	4,553,304	4,471,575
Airgead tirim agus a choibhéis in airgead tirim	10	20,881	493
		4,574,185	4,472,068
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	11	(4,134,596)	(4,046,957)
Glansócmhainní reatha			
		439,589	425,111
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha			
		439,630	425,150
Glansócmhainní roimh bharrachas pinsin			
Creidiúnaithe (suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	12	(74,319)	(79,966)
Urrúis fiachais in eisiúint bannaí innéacsnaasctha	13	(198,388)	(193,674)
8.75% de stoc na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta 2018	14	(93,360)	(92,998)
Glansócmhainn roimh bharrachas pinsin			
Barrachas/(easnamh) Pinsin	22	(679)	649
Glansócmhainní			
		72,884	59,161
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	18	39	39
Barrachas coinnithe	19	72,845	59,122
Cistí scairshealbhóirí			
	20	72,884	59,161

Thar cheann an Bhoird,



An Dr Michelle Norris
Cathaoirleach

4 Aibreán 2013



Philip Nugent
Stiúrthóir

4 Aibreán 2013

Ráiteas ar Shreabhadh airgid

	Nóta	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Insreabhadh (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17(a)	(66,024)	92,866
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar sheirbhísíú airgeadais	17(b)	-	-
Caiteachas caipitil	17(b)	(26)	(17)
<i>Gníomhaíochtaí Maoinithe</i>			
Méadú / (Laghdú) ar iasachtaí bainc agus nótaí iníoctha	17(b)	86,438	(109,551)
Méadú / (Laghdú) ar airgead tirim i rith na bliana		20,388	(16,702)

Réiteach idir an sreabhadh airgid glan agus an ghluaiseacht i nglanfhiachas

	<i>Nóta</i>	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011
		€'000	€'000
Méadú / (Laghdú) ar airgead tirim i rith na bliana		20,388	(16,702)
(Eis-sreabhadh) / Insreabhadh airgid thirim ó laghdú ar mhaoiniú fiachais	17(b)	(86,438)	109,551
Gluaiseachtaí neamhairgid	17(c)	(5,076)	(5,012)
Gluaiseacht i bhfiachas glan i rith na bliana		(71,126)	87,837
Fiachas glan ag tús na bliana	17(c)	(4,398,371)	(4,486,208)
Fiachas glan ag deireadh na bliana	17(c)	4,469,497	(4,398,371)

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad

1. Stádas na Gníomhaireachta agus idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna í An Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe cpt arna cur ar bun ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um An Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981. Is é an tAire Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe úinéir tairbhíúil scairchaipiteal eisithe na Gníomhaireachta. Bunaíodh an Gníomhaireacht ina cuideachta theoranta phríobháideach ar an 8 Feabhra 1982 agus rinneadh cuideachta theoranta phoiblí di ar an 13 Eanáir 1983.

Maidir le gnáthchúrsaí gnó, is é Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ('NTMA'), ar comhlacht Rialtais freisin é agus a meastar dá bharr sin gur páirtí gaolmhar atá ann, a chuireann maoiniú ar fáil don Gníomhaireacht. Tugtar sonraí i Nóta 15 faoi na méideanna a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2012 faoin gclár Nótaí faoi Ráthaíocht arb é NTMA a chuireann ar fáil é. B'ionann iomlán an chaiteachais ar ús i ndáil leis na háiseanna sin, NTMA agus údaráis áitiúla san áireamh, i rith na bliana airgeadais agus €67.8m (2011: €86.7 milliún).

I ngnáthchúrsaí gnó, tugann an Gníomhaireacht cistí ar iasacht d'údaráis áitiúla, ar comhlachtaí Rialtais atá iontu agus a meastar dá bharr sin gur páirtithe gaolmhara iad. Tugtar sonraí i Nóta 3 leis na ráitis airgeadais faoin ús a saothraíodh ar na cistí ar airleacan sin. Is é atá i gceist leis na méideanna a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2012 'larmhéideanna dlite i ndáil le ciste ar airleacan' agus 'larmhéideanna dlite ó údaráis áitiúla' faoi mar a nochtar i Nóta 8. Aistríodh bainistíocht/frithghealladh scéim Phinsin na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe (féach Nóta 22) go *Irish Life Corporate Business* (atá faoi úinéireacht stáit ó 31 Nollaig 2012), le héifeacht ó 1 Eanáir 2012.

I ngnáthchúrsaí gnó, cuireann an Gníomhaireacht cistí i dtaisce ó bharrachais ghearrthéarmacha a thagann chun cinn le Bainc-Aontas Éireann cpt, (atá i seilbh an stáit faoi láthair), ar chuntais na Gníomhaireachta a bhaineann leis an státhchiste nó a bhaineann le speansais. Ba ionann €0.27 milliún an t-ús a tuilleadh ar na taiscí seo le linn 2012 (2011: €0.10 milliún) agus b'ionann €20.88 milliún (2011: €0.49 milliún) na suimeanna i dtaisce an bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012.

Idirbhearta le príomhphearsanra bainistíochta

Áirítear ar phríomhphearsanra an lucht bainistíochta na daoine sin a bhfuil d'údarás acu agus de fhreagracht orthu gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a rialú, agus áireofaí orthu seo Bord na Stiúrthóirí agus daoine ar leibhéal áirithe den bhainistíocht feidhmiúcháin. Chomh maith lena gcuid tuarastal, íocann an Gníomhaireacht ranníocaíochtaí le plean sochair shainithe iarfhostaíochta ar son príomhphearsanra den lucht bainistíochta. Is mar seo mar a leanas a cuimsíodh iomlán an chúitimh do phríomhphearsanra den lucht bainistíochta:

	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
Táillí *	217	294
Táillí Stiúrthóirí	34	48
Ranníocaíochtaí Pinsin	73	108
	324	450

* Tá san áireamh leis na tuarastail an luach saothair don Stiúrthóir Feidhmiúcháin/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a dtugtar sonraí i ngeall air i Nóta 6, chomh maith le príomhphearsanra bainistíochta atá ar tuarastal.

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

2. Stádas na Gníomhaireachta maidir le cúrsaí cánach

Faoi Alt 218 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, tá ioncam a thuilleann an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe cpt. de thoradh an ghnó maidir le hiasachtaí agus airleacain a dhéanamh faoi Alt 5 d'Acht na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe, 1981, saor ó Cháin Corparáide. Bíonn díolúine maidir le Cáin Chorporáide i gceist freisin maidir le hioncam atá inmhuirearaithe faoi Chás III, Sceideal D.

Faoi Alt 172 (A) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1999, tá de cheart ag an nGníomhaireacht díbhinní a íoc gan Cáin Iarchoimeáda Dúbhinne bainte as.

3. Ioncam – gníomhaíochtaí leantacha

	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Ús ar airleacain d'údaráis áitiúla a faomhadh:		
Tar éis 27 Bealtaine 1986	106,355	115,274
Roimh 27 Bealtaine 1986	1,038	1,486
Ús ar airleacain d'údaráis áitiúla a faomhadh:	115	-
Ús ar airleacain don Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta	-	30
	107,508	116,790

B'ionann luach iomlán an ioncaim ó ús ar shócmhainní airgeadais nach ar a luach cóir a iompraítear iad maidir leis an gcuntas ioncaim agus caiteachais agus €107.8 milliún, agus tá san áireamh leis sin €0.3 milliún d'ioncam ó infheistíocht, (féach Nóta 7) i ndáil leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 (2011: €116.9 milliún a bhfuil €0.1 milliún d'ioncam ó infheistíocht i gceist leis).

4. Caiteachas díreach

	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Bannaí innéacsnaasctha – ús éifeachtach		
Ús ar bhannaí	7,791	7,624
Préimh ar fhuascailt bannaí (Nóta 13)	4,866	4,804
	12,657	12,428
Costais stoic agus iasachtaí		
Ús is iníochta ar iasachtaí bainc, ar pháipéar tráchtála, ar nótaí faoi ráthaíocht agus ar stoc	77,918	99,012
Táillí ECP	244	229
Iasachtaí díreacha do speansais chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	71	-
	78,233	99,241
Caillteanais tabhaithe ach nár tuairiscíodh		
Iasachtaí roimh Bhealtaine 1986 *	328	40
	91,218	111,709

*Tagair do Nóta 15 le haghaidh tuilleadh mionsonraithe ar riosca creidmheasa.

5. Caiteachas indíreach

	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Caiteachas eile		
Caiteachas riaracháin (Nóta 6)	1,348	1,499
Táillí riaracháin d'údaráis áitiúla	102	104
	1,450	1,603

6. Caiteachas riaracháin

Thángthas ar an gcaiteachas riaracháin tar éis muirir:

	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Luach saothair an iniúcháir		
Iniúchadh ar ráitis airgeadais	29	33
Seirbhísí ráthaithe eile	8	-
Seirbhísí comhairleacha cánach	3	-
Seirbhísí eile nach iniúchadh iad	-	-
Dímheas (Nóta 9)	24	29
Íocaíochtaí cíosa faoi léas oibriúcháin	153	150
Luach saothair Stiúrthóirí		
Táillí – an Cathaoirleach	-*	10
Táillí – Stiúrthóirí eile	34	39
Luach saothair an Stiúrthóra Feidhmiúcháin/an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin	123	119
Ranníocaíochtaí pinsin	44	48
	201	216
Costais fostaithe (gan Stiúrthóirí san áireamh)		
Tuarastail	448	523
Costais leasa shóisialaigh	41	42
Costais seirbhíse – pinsean – faoi láthair	90	97
Costais seirbhíse – pinsean – san am atá caite	-	59
An tIomlán san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais	579	721
(Gnóthachan)/caillteanas achrúireach ar scéim shochair shainithe atá san áireamh sa ráiteas faoi ghnóthachain agus caillteanas aitheanta	(1,381)	(152)

* Fabhraíodh €2,591 i 2012 le hóc do Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath mar chúiteamh in uaireanta oibre a chaill Michealle Norris mar gheall ar am a chaith sí i mbun a cuid dualgas mar chathaoirleach ar an nGníomhaireacht.

Ba é meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana, agus an Stiúrthóir feidhmiúcháin san áireamh, ná 10 (2011: 11).

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

7. Ioncam airgeadais (glan)

	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Ioncam infheistíochta ar thaiscí gearrthéarmacha	1	17
Ús a fuarthas ar iarmhéideanna airgid	271	100
Toradh measta ar shócmhainní pinsin	104	134
Costas úis ar dhliteanais phinsin	(112)	(102)
Glanioncam airgid	264	149

8. Féichiúnaithe

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Iasachtaí agus Infháltais		
<i>Dlite ó údaráis áitiúla</i>	4,431,900	4,359,128
<i>Dlite ó chomhlachtaí tithíochta ceadaithe</i>	8,748	-
Iomlán na n-iarmhéideanna dlite ar airleacain	4,440,648	4,359,128
Dlite ó údaráis áitiúla *	113,736	113,504
Dlite ó chomhlachtaí tithíochta ceadaithe*	115	-
Féichiúnaithe eile agus réamhíocaíochtaí	217	28
	4,554,716	4,472,660
Lúide: Caillteanais tabhaithe ach nár tuairiscíodh	(1,412)	(1,085)
	4,553,304	4,471,575

**Is ionann é seo agus iasachtaí agus infháltais a raibh bille seolta ina leith an 31 Nollaig 2012 ar aon dul le conarthaí na n-iasachtaí is bonn leo.*

8. Féichiúnaithe (ar lean)

Déantar anailís mar a leanas ar an iarmhéid atá dlite ar na hairleacain:

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
(i) Iasachtaí go údaráis áitiúla a ceadaiódh tar éis 27 Bealtaine 1986		
Iarmhéid ag tús na bliana	4,338,882	4,428,123
Iasachtaí a tugadh ar airleacan	318,615	292,580
Lúide: iasachtaí a aisíocadh	(257,025)	(397,970)
Ús a gearradh	106,354	115,305
Ús a fuarthas	(94,833)	(99,156)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	4,411,993	4,338,882
(ii) Iasachtaí go údaráis áitiúla a ceadaiódh roimh 27 Bealtaine 1986		
Iarmhéid ag tús na bliana	20,246	20,814
Lúide: iasachtaí a aisíocadh	(378)	(590)
Ús a gearradh	1,038	1,486
Ús a fuarthas	(999)	(1,464)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	19,907	20,246
(iii) Iasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe		
Iarmhéid ag tús na bliana	-	-
Iasachtaí tugtha ar airleacan	8,748	-
Lúide: iasachtaí a aisíocadh	-	-
Ús a gearradh	115	-
Ús a fuarthas	(115)	-
Iarmhéid ag deireadh Iarmhéid ag deireadh na bliana na bliana	8,748	-
Iarmhéid ag deireadh na bliana	4,440,648	4,359,128
Solathar Tiomsaithe		
Iarmhéid ag tús na bliana	1,085	1,045
Soláthar i rith na bliana	327	40
Iarmhéid ag deireadh na bliana	1,412	1,085

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

8. Féichiúnaithe (ar lean)

Déantar idirdhealú i gcás iasachtaí le húdaráis áitiúla idir na hiasachtaí a ceadáíodh roimh an 27 Bealtaine 1986 agus ón dáta sin i leith (mar a shonraítear in (i) agus (ii) thuas), toisc go gcuirtear riosca creidmheasa éagsúil i leith gach ceann den dá aicme. Ba é €8.75 milliún (2011: Nialas) suim na n-iasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012.

Is leis an nGníomhaireacht a bhaineann dliteanais maidir le haon chaillteanais chreidmheasa a thioctadh chun cinn maidir leis an €11.3 milliún (2011: €11.6 milliún) atá fós dlite do na húdaráis áitiúla ó na hiasachtaithe bunúsacha ar mhorgáistí a ceadáíodh roimh an Bealtaine 1986 a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste mar urrús leo. Tá soláthar tiomsaithe dar luach €1.41 milliún aitheanta i leith na gcuntas sin. Tá breis sonraí ina leith sin le fáil i Nóta 15 (a). Tá an soláthar seo bunaithe ar an meastachán is fearr de chuid na Gníomhaireachta, agus é faoi réir ag athruithe sna toimhdí bunúsacha agus d'fhéadfadh go méadófaí nó go laghdófaí é sa todhchaí.

I gcomhthéacs (a) gur comhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus faoi achtacháin eile iad na húdaráis áitiúla, (b) go bhfuil teacht isteach nó cistí na n-údarás áitiúil ina n-urrús i leith gach suim atá dlite don Gníomhaireacht a íoc go cuí léi ag údaráis áitiúla (mar a leagtar síos sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil faoi seach agus an Gníomhaireacht), agus (c) go gceadaíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gach iasacht a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla, agus (d) tuiscint an Bhoird go dtacaíonn Rialtas láir le húdaráis áitiúla chun a n-oibleagáidí i leith na Gníomhaireachta a chomhlíonadh; tá an Bord den tuairim nach dtagann aon riosca creidmheasa i gceist go substaintiúil i ndáil le hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla ar an 27 Bealtaine 1986 ná tráth ar bith ó shin i leith. Tagair le do thoil do Nóta 15 (a) le haghaidh breis sonraí.

Faoi mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012, bhí luach €8.75 milliún (2011: Nialas) d'airleacain fós amuigh le comhlachtaí tithíochta ceadaithe (AHBanna). Is aistriú bunúsach é an t-iasachtú díreach chuig comhlachtaí dá leithéid ó oibríochtaí agus ó phróifíl riosca na Gníomhaireachta atá ann cheana. Go dtí seo, bhí neamhchosaint na Gníomhaireachta dírithe ar údaráis áitiúla. Tugann an t-iasachtú d'eintitis eile leibhéal rioscaí níos mó le fios. De réir mar a nochtáítear an Gníomhaireacht do rioscaí ó thaobh creidmheasa mar gheall ar na hiasachtaí seo, aithneofar soláthar maidir le lagú más gá.

9. Sócmhainní seasta inláimhsithe – Trealamh ríomhaireachta agus trealamh eile

	31 Nollaig 2012
	€'000
Costas	
Ag tús na bliana	173
Breisiúcháin	26
Diúscairtí	(12)
Ag deireadh na bliana	187
Dímheas	
Ag tús na bliana	134
Gearrtha i leith na bliana	24
Diúscairtí	(12)
Ag deireadh na bliana	146
Leabharluach glan	
31 Nollaig 2012	41
31 Nollaig 2011	39

Rinneadh diúscairt maidir le sócmhainní seasta inláimhsithe ar luach iomlán €12,084 i rith na bliana ar fháltais ar luach nialais agus rinneadh dímheas ortha cheana go glanluach leabhair de nialas. Ní úsáidtear na sócmhainní sin feasta i mbun an ghnó.

10. Airgead tirim agus cóibhéisí airgid

	31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	20,881	493
	20,881	493

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

11. Creidiúnaithe (suimeanna a bheidh dlite laistigh d'aon bhliain amháin)

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Páipéar Tráchtála	17,962	-
Áiseanna eisiúna nótaí	-	2,794
Nótaí faoi Ráthaíocht		
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	3,982,178	3,847,950
Údaráis áitiúla	119,243	178,654
Ciste Comhshaoil	4,928	2,828
	4,124,311	4,032,226
Ús is iníoctha ar pháipéar tráchtála, ar áiseanna eisiúna nótaí agus ar nótaí faoi ráthaíocht	4,682	9,237
Ús dlite ar stoc agus ar bhannaí	5,138	5,096
Fabhruithe	465	398
	4,134,596	4,046,957
Creidiúnaithe cánach (san áireamh i bhfabhruithe)		
ÍMAT	27	32
CBL	13	2

Tagann an páipéar tráchtála, na háiseanna maidir le nótaí a eisiúint agus na nótaí faoi ráthaíocht faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais.

12. Creidiúnaithe (suimeanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Iasachtaí bainc agus áiseanna eisiúna nótaí		
Idir bliain amháin agus dhá bhliain	-	-
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	1,438	1,797
Tráth is faide ná cúig bliana	72,881	78,169
	74,319	79,966

Tagann na hiasachtaí agus na nótaí iníoctha faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais ach amháin dhá áis maidir le €25 milliún an ceann le Banc Infheistíochta na hEorpa agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa le haghaidh iasachtaí gan ráthaíocht le haghaidh tionscadal uisce, dramhaíola agus comhshaoil. Tá cur síos breise ar aibíocht na suimeanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin i Nóta 15(c).

13. Úrrús fiachais ar eisiúint – bannaí innéacsnaasctha

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Eisiúint bannaí de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta		
Bannaí Innéacsnaasctha 4% 2015	95,230	95,230
Luach ainmniúil bannaí ar eisiúint	95,230	95,230
Glanspeansais neamhamúchta agus préimh/lascaine ar eisiúint	418	570
	95,648	95,800
Soláthar do phréimh ar fhuascailt bannaí	102,740	97,874
	198,388	193,674

Leagtar amach aibíochtaí na n-urrús fiachais ar eisiúint i Nóta 15 (c).

Soláthar do phréimh ar fhuascailt bannaí innéacsnaasctha

	lomlán €'000	larchurtha €'000	Soláthraithe €'000
31 Nollaig 2012			
Ag tús na bliana	100,245	(2,371)	97,874
A d'eascair i rith na bliana	4,111	755	4,866
Ag deireadh na bliana	104,356	(1,616)	102,740
31 Nollaig 2011			
Ag tús na bliana	96,261	(3,192)	93,069
A d'eascair i rith na bliana	3,984	821	4,805
Ag deireadh na bliana	100,245	(2,371)	97,874

Is trí thagairt don chéatadán d'ardú ar an Innéacs Praghasanna Tomhaltais ó bhonnáta gach eisiúint den bhanna go dtí an t-innéacs is infheidhme sé mhí roimh dháta an chúpóin a bhaineann le hábhar a shocraítear an phréimh a bhíonn le híoc tráth na fuascailte. Tagann an banna faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais.

14. Stoc na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe 8.75% 2018

	31 Nollaig 2012 €'000	31 Nollaig 2011 €'000
Ag parluach	95,230	95,230
Lúide: Lascaine neamhamúchta ar eisiúint	(1,870)	(2,232)
	93,360	92,998

Tagann an parluach atá dlite ar fhuascailt an stoic seo agus an t-ús ar an stoc seo faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais. Leagtar amach sonraí faoi aibíocht na n-urrús fiachais atá ar eisiúint i Nóta 15 (c).

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais

Réamhrá agus léargas ginearálta

Tharlódh nochtadh i gcás na Gníomhaireachta do rioscaí mar seo a leanas ón úsáid a bhaineann sí as ionstraimí airgeadais:

- riosca creidmheasa
- riosca leachtachta
- rioscaí margaidh (lena n-áirítear ráta úis, boilsciú agus airgeadra).

Cuirtear eolas i láthair sa nóta seo faoin nochtadh a bhaineann don Ghníomhaireacht maidir le gach ceann de na rioscaí thuas chomh maith le heolas faoi chuspóirí, faoi bheartais agus faoi nósanna imeachta na Gníomhaireachta chun an baol ó rioscaí a mheas agus a bhainistiú.

Creat bainistíochta rioscaí

Is ar Bhord na Stiúrthóirí atá an fhreagracht ginearálta maidir le creat bainistíochta i ndáil le rioscaí a chur ar bun don Ghníomhaireacht agus maoirseacht a dhéanamh ina leith. Tá beartais bainistíocht riosca na Gníomhaireachta leagtha amach chun an baol ó rioscaí don Ghníomhaireacht a shonrú agus anailís a dhéanamh air, chun teorainneacha agus rialuithe cuí a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus ar chloí le teorainneacha. Déantar athbhreithniú rialta ar bheartais agus ar chórais bhainistíochta rioscaí d'fhonn athruithe ar riocht an mhargaidh, ar tháirgí agus ar na seirbhísí a tháirgtear a léiriú. Áirítear beartais ar úsáid hionstraimí díorthaigh cisteáin ar bheartais agus ar nósanna imeachta na Gníomhaireachta. Tacaíonn siad seo leis an nGníomhaireacht agus cinntíonn go gcomhlíonann sí a ceanglais faoi Shonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais arna n-eisiúint faoi fhorálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Chomhlachtaí Eile, 1992 agus cuireann siad sárchleachtas maidir le húsáid ionstraimí díorthaigh cisteáin san áireamh. Is í an phríomhaidhm a bhíonn le hionstaimí díorthaigh airgeadais a úsáid comhréir a dhéanamh maidir le riosca nó riosca maidir le hathruithe ionchais ar rátaí malairte eachtraí i ndáil le sócmhainní agus dliteanais na Gníomhaireachta a chur ar neamhní.

Ceadaítear faoin 'Sonraíocht agus Ceanglais' reatha (atá bailí go 31 Nollaig 2013), atá de réir beartas a d'aontaigh an Bord, conarthaí maidir le hiomlaoid rátaí úis (€400 milliún), réamhchonarthaí malairte eachtraí (€6.0 billiún), réamh-chomhaontuithe rátaí (€80 milliún), agus caidhpeanna rátaí úis (€300 milliún). Leagtar amach mionsonraí sa 'Sonraíocht agus Ceanglais' faoi na cineálacha frithpháirtithe agus faoi fhreagrachtaí an Bhoird i ndáil le bainistíocht díorthaigh.

Ní féidir idirbhearta a dhéanamh ach amháin le ceadú Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta nó le ceadú an Rialtóir Airgeadais (i gcás na n-idirbheart sin a bhfuil Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ag feidhmiú mar ghníomhaire/frithpháirtí, tá tugtha d'údarás do Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta feidhmiú thar ceann na Gníomhaireachta, cé nach gá ceadú foirmiúil le haon idirbheart a dhéantar, ní mór a nótaíl ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó ag an Rialtóir Airgeadais) agus cuirtear na hidirbhearta seo faoi phróiseas seiceála maidir le hiniúcháireacht inmheánach go tráthrialta a fhaid agus a bhíonn feidhm leo.

Déanann an Ghníomhaireacht faoina clár páipéir eurothrachtála (ECP), ECP a eisiúint in airgeadra seachas an euro. D'fhonn maolú fálaithe in aghaidh an riosca airgeadra sin, ceanglaíonn an Ghníomhaireacht réamhchomhaontuithe rátaí maidir le hairgeadra iasachta. Bhí €18 milliún (2011: €Nialas) de mhargaí ECP gan íoc ag an nGníomhaireacht ag deireadh na bliana. Tá sonraí breise maidir le riosca airgeadra san áireamh i nóta (c) thíos.

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(a) Riosca creidmheasa

	31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
Sócmhainní airgeadais		
Iasachtaí agus Infháiltais d'údaráis áitiúla	4,431,900	4,359,128
Iasachtaí agus Infháiltais do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta	8,748	-
Lúide soláthar tiomsaithe	(1,412)	(1,085)
	4,439,236	4,358,043
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	20,881	493
Dlite ó údaráis áitiúla	113,851	113,504
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	-
	4,573,968	4,472,040

Is éard is riosca creidmheasa ann ná riosca caillteanais airgeadais don Ghníomhaireacht sa chás go dteipeann ar chustaiméir nó ar fhrithphairtí le hionstraim airgeadais na dualgaisí faoin gconradh a chomhlíonadh agus is i ndáil le hiasachtaí agus airgead a thugann an Ghníomhaireacht ar airleacan dá cuid custaiméirí, údaráis áitiúla na hÉireann, is mó a thagann sé i gceist. Leagtar uasnochtadh na Gníomhaireachta do riosca creidmheasa amach sa tábla thuas. Is é tuairim Bhord na Stiúrthóirí nach bhfuil creidmheas ar bith ar luach €4.41 billiún (2011: €4.34 billiún) d'iasachtaí agus infháiltais d'údaráis áitiúla (arna bhfaomhadh tar éis 27 Bealtaine 1986) arb ionann é sin agus 96% (2011: 97%) den iomlán a leagadh amach sa tábla thuas.

Ceadaítear don Ghníomhaireacht airgead a thabhairt ar airleacan dóibh seo a leanas faoi láthair:

- Údaráis áitiúla agus an earnáil dheonach tithíochta d'fhonn a úsáid acusan chun críche ar bith a bhfuil údarás leis faoi Achtanna na dTithe 1966 go dtí 2009.
- Údaráis áitiúla do thionscadail chaipitil arna n-údarú faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002.

Déantar iarmhéideanna dlite ó údaráis áitiúla agus ó chomhlachtaí tithíochta ceadaithe a chatagóiriú mar a leanas:

	31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
Iarmhéid dlite ar airleacain		
<i>Airleacain dlite ó údaráis áitiúla</i>		
Iasachtaí bainteach le Morgáiste Tithíochta	1,364,841	1,425,213
Fóirdheontas Caipitil agus Cíosa	1,174,124	1,200,259
Maoiniú Idirlinne	492,666	485,055
Ceannach Talún	464,609	499,581
Iasachtaí eile Tithíochta nach mbaineann le Morgáistí	599,057	422,274
Tionscadail Uisce, Dramhaíola agus Comhshaoil	336,603	326,746
	4,431,900	4,359,128
<i>Airleacain atá dlite ó chomhlachtaí tithíochta ceadaithe</i>	8,748	-
Olliomlán na n-iarmhéideanna dlite ar airleacain	4,440,648	4,359,128

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(a) Riosca creidmheasa (ar lean)

Cé go leagan an tábla thuas amach cuspóir na hiasachta a cuireadh ar fáil d'údaráis áitiúla, measann an Ghníomhaireacht go bhfuil dhá chatagóir iasachtaí go príomha aici le húdaráis áitiúla, iad sin a ceadáíodh roimh an 27 Bealtaine 1986 agus iasachtaí a ceadáíodh ina dhiaidh sin. Ní hionann an phróifíl maidir le riosca creidmheasa i ndáil leis an dá chatagóir.

Comhthaobhacht

Tá dliteanas ar an nGníomhaireacht maidir le haon chaillteanas creidmheasa a eascraíonn ar mhorgáistí a tugadh roimh Bhealtaine 1986 agus a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste agus árachas cosanta morgáiste mar urrús leo. Bíonn comhthaobhacht ar láimh ag na húdaráis áitiúla i bhfoirm leasanna morgáistí maidir leis an maoín agus bhíonn árachas cosanta morgáiste ag iasachtaithe aonair. Ní thagann an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas lagaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn ach amháin sa chás nach leor luach na comhthaobhachta sin chun an fiachas a scaoileadh.

Tá urrús ag an nGníomhaireacht ar iasachtaí tar éis Bealtaine 1986, nuair a urscaoileadh muirir agus íocaíochtaí tosaíochta, ar ioncaim nó ar chistí na n-údarás áitiúla d'íocaíocht dlite don Ghníomhaireacht de na suimeanna dlite uile. Níor cuireadh aon luach leis an muirear sin sa tábla maidir le huasnochtadh riosca creidmheasa thuas, mar gheall ar an rangú íseal atá aige.

Maidir le hiasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (AHBanna), ceadáítear don Ghníomhaireacht faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Foráil Ilghnéitheach) 2002 iasachtaí a thabhairt do AHBanna.

Faoi Thionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, faigheann an Roinn sin, trí údaráis áitiúla, aonaid tithíochta cuí ar leas ó AHBanna, a thugtar ar cíós do thionóntaí tithíochta sóisialta atá ainmnithe ag údaráis áitiúla. Ceannaíonn nó tógann na comhlachtaí réadmhaoín agus maoínítear sin trí airgeadas i bhfoirm iasachtaí a thiomsaíonn an AHB (ón nGníomhaireacht nó ón earnáil phríobháideach). Maoineoidh ioncam a gheobhaidh na AHBanna ó léas, a thóg an Roinn sin amach ar feadh tréimhse chomh fada le 30 bliain, aisiocaíocht iasacht na Gníomhaireachta.

Tá Beartas Creidmheasa á fhorbairt ag an nGníomhaireacht faoi láthair agus is é an Bord a cheadóidh é maidir le hiasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (AHBanna). Coinníonn an Coiste Creidmheasa rioscaí creidmheasa laistigh de theorainneacha an Bhoird agus tuairiscíonn faoi chreidiúnacht AHBanna.

Lena chois sin, cinntíonn an Coiste Creidmheasa gach iasacht dá dtugtar ar airleacan faoi chuimsiú théarmaí Bheartas Creidmheasa na Gníomhaireachta agus go mbíonn cáipéisí ábhartha i bhfeidhm sula dtéitear ar aghaidh le hairgead dá leithéid a thabhairt ar airleacan do AHBanna. I gcás go sáraítear tairseacha áirithe i ndáil le hiasachtaí do AHBanna, lorgaítear ceadú Bhord na Stiúrthóirí freisin. Bíonn an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar iasachtaí a thugtar ar airleacan do AHBanna, tógann an Ghníomhaireacht comhthaobhacht i bhfoirm muirir ar shócmhainní/chuntas bainc an AHB i ndáil le hidirbhearta iasachtaithe chun réadmhaoín chónaithe a cheannach.

Iasachtaithe lagaithe agus dlite thar téarma

Ní dhéantar leasú ar mheastacháin maidir le luach cóir ach amháin sa chás go meastar iasacht faoi leith a bheith dlite thar téarma nó lagaithe. Seo mar leanas sainmhíniúchán maidir le dlite thar téarma agus lagaithe:

Is ionann iasacht lagaithe agus iasacht a gcinneann an Ghníomhaireacht gur dócha nach mbeifear in ann an príomhshuim agus an t-ús ar fad atá dlite a bhailiú de réir théarmaí an chonradh a ghabhann leis an iasacht. Iasachtaí a bhfuil íocaíochtaí úis nó íocaíochtaí príomhshuime faoin gconradh i ndáil leo dlite thar a dtéarma. Ní raibh aon iasachtaí de chuid na Gníomhaireachta ná airgead ar airleacan dlite thar a dtéarma ar an 31 Nollaig 2012 (2011: €nialas). Tá sonraí iasachtaí a bhí faoi réir athchaibidlíochta i rith na bliana i gcuid na n-iasachtaí athchaibidlíochta den nóta seo.

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(a) Riosca creidmheasa (ar lean)

	31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
Anailís ar iasachtaí d'údaráis áitiúla	€'000	€'000
lasachtaí roimh 1986	19,907	20,246
lasachtaí tar éis 1986	4,411,993	4,338,882
lasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	8,748	-
	4,440,648	4,359,128
Soláthairti tiomsaithe		
lasachtaí roimh 1986	1,412	1,085
lasachtaí tar éis 1986	-	-
	1,412	1,085

Ní eascraíonn aon riosca ábhartha creidmheasa ar iasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó tar éis 27 Bealtaine 1986 agus níl aon soláthar caillteanais iasachta taifeadta i leith na n-iasachtaí seo. Is comhlachtaí iad údaráis áitiúla atá comhdhéanta faoi reacht. Tá gach iasacht a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is é tuairim láidir an Bhoird nach n-eascraíonn riosca creidmheasa, sa chomhthéacs seo.

Tá Bord na Stiúrthóirí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa na Gníomhaireachta lena n-áirítear:

- beartais chreidmheasa a chur le chéile i gcomhar leis an mBainistíocht maidir le coinníollacha comhthaobhachta, nósanna tuairiscíochta agus nósanna imeachta maidir le cúrsaí dlí de réir mar a oireann taobh istigh de na ceanglais reachtúla;
- an córas údaráis agus faofa maidir le frithpháirtithe nua (comhlachtaí nach údaráis áitiúla iad) agus rialacha maidir leis an gcomhchruinniú iasachta ina leith a leagan síos;
- athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcomhlíontas i gcás beartas agus nósanna imeachta inmheánacha;
- monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a nochtar an beartas maidir le hiasachtaí;
- aon iasachtaí a thugtar do AHBanna faoi théarma alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 a cheadú agus a chinntiú go mbíonn gach iasacht a thugtar ag teacht le Beartas Creidmheasa na Gníomhaireachta;
- acmhainneacht chreidmheasa gach AHB a mheas agus a cheadú a thabhairt dá réir sin sula gceanglaíonn an Gníomhaireacht aon Mháistir-chomhaontú;
- cinntiú go mbíonn an cháipéisíocht ar fad a bhaineann le hábhar cruinnithe i gcás iarratas ar chreidmheas; agus
- an riosca creidmheasa a choinneáil laistigh de theorainneacha ceadaithe an Bhoird.

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(a) Riosca creidmheasa (ar lean)

Iasachtaí Ath-idirbheartaithe

Is ionann iasachtaí faoi théarmaí ath-idirbheartaithe agus iasachtaí a ndearnadh athstruchtúrú ina leith mar gheall ar chúinsí buiséid agus i gcás go bhfuil lamháltas déanta ag an nGníomhaireacht nach mbeadh san áireamh murach sin. Ón uair a dhéantar athstruchtúrú ar iasacht, bíonn sí sa chatagóir seo beag beann ar fheidhmiú sásúil na hiasachta tar éis a hathstruchtúraithe nó a mhalairt.

Gníomhaíonn iarraidh ar ath-idirbheartaíocht mar rud a spreagfaidh tástáil maidir le lagú faoi FRS 26, toisc go bhféadfaidh sin a dhearbhu go bhfuil lagú tarlaithe. Déantar gach iasacht a mheasúnaítear le haghaidh ath-idirbheartaíochta a thástáil ó thaobh lagaithe faoi FRS 26 agus i gcás go measfar iasacht a bheith lagaithe, tiomsaítear soláthar cuí chun clúdach a dhéanamh ar an difríocht idir luach iompair na hiasachta, agus luach reatha shreabhadh an airgid thirim a mheasfar a bheidh ann amach anseo, agus é lascainithe de réir ráta úis bhunaidh éifeachtaigh na hiasachta.

I gcás go mbeidh na téarmaí a bhaineann le hiasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith agus a cuireadh faoi réir fhoráil maidir le lagú, difriúil go maith ó théarmaí bunaidh na hiasachta, de réir anailíse cainníochtúla nó cáilíochtúla, déantar an iasacht bhunaidh a dhí-aithint agus aithnítear iasacht nua ar luach cothrom. Aithnítear aon difríocht idir luach iompair na hiasachta agus luach cothrom théarmaí nua na hiasachta tar éis ath-idirbheartaíochta sa ráiteas ioncaim.

Féachann an Gníomhaireacht le bheith ag obair leis na húdaráis áitiúla le struchtúir chuí iasachtaí a fhorbairt dóibh gur fearr a bheidh siad ag teacht le cúinsí airgeadais na n-údarás féin. Maidir leis seo, féadfaidh an Gníomhaireacht téarmaí sínta a sholáthar le haghaidh iasachtaí, nó tréimhsí saor ó ús nó ath-idirbheartaíocht eile a thairiscint de réir mar is cuí.

I rith 2012, rinne an Gníomhaireacht ath-idirbheartaíocht i leith luach €33 milliún d'iasachtaí nár bhain le tithíocht. Go dtí seo in 2013, tá an Gníomhaireacht tar éis aontú leis go ndéanfaí ath-idirbheartaíocht i leith luach €68 milliún eile d'iasachtaí.

Tráth 1 Iúil 2012, aistríodh €162 milliún d'iasachtaí le haghaidh éadail talún, i rith gnáthchúrsa na hiasachta, le bheith ina n-iasachtaí blianachta a bheadh le híoc ar ais thar tréimhse suas le 30 bliain. An 1 Eanáir 2013, aistríodh €54 milliún eile ó iasachtaí éadála talún le bheith ina n-iasachtaí blianachta.

Tharla an ath-idirbheartaíocht seo i gcomhthéacs €4.4 billiún d'iasachtaí a tugadh ar airleacain d'údaráis áitiúla faoi mar a bhí 31 Nollaig 2012 agus mar sin, is ionann é agus gníomhaíocht ath-idirbheartaíochta circa. 4.40% i 2012 agus 2.73% eile go dtí seo in 2013.

Níor lagaíodh ná níor dí-aithníodh sócmhainní bunaidh na n-iasachtaí de bharr na hath-idirbheartaíochta seo. Scoireann an Gníomhaireacht de bheith ag meas go bhfuil ath-idirbheartaíocht déanta i leith na n-iasachtaí seo nuair a bheidh 1 bhliain amháin d'aisíocaíochtaí sceidealaithe suas chun dáta, dulta in éag tar éis na hath-idirbheartaíochta. Maidir leis seo, measann an Gníomhaireacht go ndearnadh ath-idirbheartaíocht i leith luach €195m d'iasachtaí (2011: €0 milliún) mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012 agus aithníodh €2 milliún (2011: €0milliún) d'ioncam úis ar na sócmhainní sin.

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(a) Riosca creidmheasa (ar lean)

	Líon na n-iasachtaí	Luach Iompair €'000
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid tosaigh	-	-
Ús fabhraithe	135	€2,070
Ath-idirbheartaíocht ina leith i rith na bliana	135	€196,055
Aisíochta i rith na bliana	40	€616
Lúide iasachtaí nach meastar ath-idirbheartaíocht a bheith déanta ina leith a thuilleadh	-	-
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid deiridh	135	€195,439

Comhchruinniúcháin

Is le húdaráis áitiúla (d'fhaomh ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil) agus le comhlachtail tithíochta ceadaithe (d'fhaomh an coiste creidmheasa) a bhaineann gach iasacht agus airgead ar airleacan.

Gné eile den riosca creidmheasa maidir leis an nGníomhaireacht oiread agus atá an Gníomhaireacht nochtaithe d'institiúidí (Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta go háirithe), a bhfuil infheistíochtaí gearrthéarmacha aici léi. Déanann an Bord beartas maidir leis an nochtacht i gcás infheistíochta agus frithpháirtithe a aontú go tráthrialta. Ní thagann infheistíocht i gceist faoi láthair ach amháin i gcomhthéacs na bainistíochta ó lá go lá ar chúrsaí leachtachta. Ag deireadh na bliana, bhí nialas infheistithe ag an nGníomhaireacht (2011: €nialas) i Nótaí Státchiste le Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Is é Banc Aontais Éireann cpt an fhrithpháirtí maidir le hairgead tirim faoi láthair, agus suim de €20.878 milliún ina seilbh an 31 Nollaig 2012 (2011: €0.493 milliún). Ar an 31 Nollaig 2012, ba é BB (2011: CCC) an rátáil do Bhanc Aontais Éireann ag Standard and Poor's.

(b) Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca go mbeadh deacracht ag an nGníomhaireacht maidir le dliteanais airgeadais a shásamh. Is le ciste ó áis Nótaí faoi Ráthaíocht na Gníomhaireachta, agus sin faoi ráthaíocht Aire Airgeadais na hÉireann, a thugtar mórchuid iasachtaí na Gníomhaireachta- ar blianachtaí 30 bliain is mó atá i gceist leo. Bíonn éirim idir aon lá amháin agus trí mhí ag dul le Nótaí faoin áis sin, agus tréimhse 3 mhí leis an gcuid is mó de na Nótaí. I gcodarsnacht leis seo, bíonn meántearma iasachta bunaidh 23 bliain ag iasachtaí agus infháltais (2011: 22 bliain). I bhfianaise an dearbhúcháin a fuarthas ón Roinn Airgeadais agus ón NTMA maidir le leanúnachas agus oiread na cistíochta ar ráta comhlúthach, is é tuairim an Bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun freastal d'aon riosca leachtachta a eascródh as seo go ceann 12 mí. Tá Nótaí faoi Ráthaíocht ag an nGníomhaireacht le húdaráis áitiúla agus líon beag acu leis an gCiste Comhshaoil (féach Nóta 11).

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(b) Riosca Leachtachta (ar lean)

Léiríonn an tábla seo a leanas an anailís aibíochta dhliteanas airgeadais ar bhonn neamhlascainithe de réir aibíochta an chonarta atá fanta ag deiridh na bliana.

	Suim ghlanluacha	Ollsreabhadh ainmniúil isteach (amach)	Níos lú ná 1 mí amháin	1-3 Mhí	3 Mhí go 1 bhliain amháin	1-5 bliana	Níos mó ná 5 bliana
31 Nollaig 2012	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Dliteanais neamhdhíorthaigh							
Clár ECP	17,962	(18,000)	(5,000)	(13,000)	-	-	-
Áis nótaí faoi ráthaíocht	4,106,349	(4,117,968)	(1,600,121)	(2,517,847)	-	-	-
lasacht inathraitheach 20 bliain	74,320	(78,398)	-	(83)	(6,041)	(23,816)	(48,458)
Bannaí innéacsnaasctha	198,388	(225,400)	-	-	(7,942)	(217,458)	-
Stoc ar Ráta Seasta 8.75%	93,360	(137,946)	-	(4,167)	(4,167)	(33,332)	(96,280)
	4,490,379	(4,577,712)	(1,605,121)	(2,535,097)	(18,150)	(274,606)	(144,738)

	Suim ghlanluacha	Ollsreabhadh ainmniúil isteach (amach)	Níos lú ná 1 mí amháin	1-3 Mhí	3 Mhí go 1 bhliain amháin	1-5 bliana	Níos mó ná 5 bliana
31 Nollaig 2011	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Dliteanais neamhdhíorthaigh							
Clár ECP	-	-	-	-	-	-	-
Áis nótaí faoi ráthaíocht	4,029,432	(4,052,364)	(1,529,970)	(2,522,087)	(306)	-	-
Nóta meántéarmach ar ráta seasta	2,294	(2,335)	(2,335)	-	-	-	-
Áis Eisiúna Nótaí	500	(500)	(500)	-	-	-	-
lasacht inathraitheach 20 bliain	79,966	(93,366)	-	(235)	(6,961)	(27,708)	(58,462)
Bannaí innéacsnaasctha	193,674	(227,581)	-	-	(10,418)	(217,163)	-
Stoc ar Ráta Seasta 8.75%	92,998	(146,278)	-	(4,167)	(4,167)	(33,332)	(104,613)
	4,398,864	(4,522,424)	(1,532,805)	(2,526,489)	(21,852)	(278,203)	(163,075)

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(b) Riosca Leachtachta (ar lean)

Bainistíocht an riosca leachtachta

Is é beartas na Gníomhaireachta i ndáil leis an riosca leachtachta a chinntiú, trí athbhreithniú go tráthrialta ar an riachtanas maidir le sreabhadh airgid, gur féidir léi a cuid dualgaisí maoinithe a shásamh go ceann tréimhse cuí.

Aontaíonn an Bord leasú síor-rialta ar an bPlean Corparáide cúig bliana sa chéad leath de gach bliain. Cuirtear i gcuntas lena linn sin ríomh inmheánach na Gníomhaireachta féin i ndáil le meastacháin faoi iasachtaí ar airleacan, iasachtaí a bheidh ag aibiú i rith na bliana agus roghanna ó thaobh maoinithe.

Cuirtear athbhreithniú rialta maidir le riocht airgeadais na Gníomhaireachta i láthair an Bhoird chomh maith le cuntais bhainistíochta míosúla.

Déanann an Bord athbhreithniú go rialta ar an gclár fiachais reatha, lena n-áirítear tuairisc gach ráithe ar chistí comhoiriúnacha, ar shuimeanna a fuarthas ar iasacht agus suimeanna ar airleacan de réir chineál na n-iasachtaí agus an tráth aibíochta, chomh maith le mionchuntas ar chaipiteal, struchtúr rátaí úis, comhdhéanamh an airgeadra, costais iasachta, agus próifíl aibíochta.

Déanann an Ghníomhaireacht maoiniú ar a cuid oibriúcháin trí mheascán d'eisiúintí bannaí, páipéar tráchtála (neamhcheangailte, agus le háiseanna taca tiomanta), rótharraingtí bainc agus brabús coinnithe. B'ionann eisiúintí bannaí agus áiseanna tiomanta agus 4% de na háiseanna iasachta a bhí ar fáil ag an nGníomhaireacht ar 31 Nollaig 2012. Maidir le háiseanna tiomanta na Gníomhaireachta, eisiúintí bannaí agus an clár ECP €6 billiún (a síníodh ar 22 Deireadh Fómhair 2002, le heisiúintí in airgeadraí éagsúla á ndéanamh ag Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ón 26 Feabhra 2003 i leith), úsáidtear iad chun na hiasachtaí d'údaráis áitiúla faoi théarmaí Achtanna na dTithe a mhaoiniú. Úsáidtear áiseanna neamhthiomanta eile maidir le cúrsaí idirlinne agus cúrsaí leachtachta den chuid is mó.

Fágann oibríochtaí maoinithe na Gníomhaireachta go mbíonn uirthi fiachas nua a chruinniú agus iasachtaí atá ag aibiú a athmhaoiniú. Bíonn áiseanna rótharraingte na Gníomhaireachta (€51 milliún ar fáil ar 31 Nollaig 2012) faoi réir ag athbhreithniú bliantúil ag baincéirí na Gníomhaireachta. Is féidir leis an nGníomhaireacht teacht ar chlár páipéar ECP €6.0 billiún. Bhí rochtain na hÉireann agus dá bhrí sin rochtain na Gníomhaireachta ar mhaoiniú ECP srianta i gcaitheamh na bliana. Ba é meánchostas fhiachas na Gníomhaireachta sa bhliain 2012 arna thabhairt de réir na bliana 1.70% i gcomparáid le 2.2% sa bhliain 2011 mar gheall ar laghdú ar rátaí EURIBOR i rith 2012. Tá teacht ag an nGníomhaireacht ar Chlár Nótaí faoi Ráthaíocht freisin.

Le hAlt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 agus alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002, tugtar de chumhacht don Ghníomhaireacht iarraidh ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) tabhairt faoi obair maidir le hiasachtaí a fháil agus fiachas a bhainistiú thar ceann na Gníomhaireachta. Faoi théarmaí comhaontú foirmiúil idir an NTMA agus an Ghníomhaireacht, cinneann an Ghníomhaireacht an beartas ginearálta trína ndéanann an NTMA maoiniú in éineacht leis na hionstraimí fiachais cuí. Gníomhaíonn an Ghníomhaireacht i ndlúthchomhairle leis, agus ar chomhairle an NTMA maidir lena cláir pháipéar eurothrachtála [ECP] agus Nótaí faoi Ráthaíocht [GN]. Bhí €3.98bn de GNannna ceannaithe ag an NTMA mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012 (2011: €3.8bn).

Bhí teacht na hÉireann ar mhargaí fiachais fós srianta i rith na bliana agus bhí tionchar suntasach dá bharr sin ar an teacht a bhí ag an nGníomhaireacht ar mhaoiniú tríd an gclár ECP atá dírithe ar an margadh. Mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012 soláthraíodh €18 milliún de mhaoiniú na Gníomhaireachta faoin gclár seo (2011: €Nialas). Ba é €317 milliún iomlán an mhaoinithe ECP a tarraingíodh i rith na bliana, lena bhain tionacht 38 lá ar an meán. Rinne an Roinn Airgeadais riocht leachtachta agus maoinithe na Gníomhaireachta, go ceann 12 mhí ón dáta a cheadófar na ráitis airgeadais seo, a thabhairt faoi bhreithniú agus d'iarr an Roinn go leanfadh NTMA ag cur maoiniú GN ar fáil don Ghníomhaireacht. Aontaíodh go gcuirfeadh maoiniú ar ráta comhlúthach tríd an gclár cúnamh airgid ar fáil ina thráinsí, agus tréimhse aibíochta 3 mhí i gceist le gach ceann. Tagann na nótaí GN faoi ráthaíocht Aire Airgeadais na hÉireann.

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(b) Riosca Leachtachta (ar lean)

Tá roinnt iasachtaí meántearma ar ráta seasta eistithe ag an nGníomhaireacht d'údaráis áitiúla ar mhaithe le tithíocht agus cúrsaí a bhaineann le tithíocht agus rinne an Gníomhaireacht maoiniú i ndáil leis na hiasachtaí sin le Nótaí Meántearma ar ráta seasta comhoiriúnach. Mar gheall air sin, tá comhoiriúnú iomlán déanta ar na hiasachtaí ó thaobh téarma agus ráta úis agus níl aon riosca leachtachta i gceist leo.

Déantar maoiniú maidir le mórchuid na n-iasachtaí ón nGníomhaireacht – ar blianachtaí 30 bliain iad den chuid is mó – tríd an áis Nótaí faoi Ráthaíocht. (féach Nóta 15 (b)). Tá tréimhse 90 lá ag formhór na n-aibíochtaí reatha gan íoc do Nótaí faoi Ráthaíocht ag deireadh na bliana, an 31 Nollaig 2012. Is ionann é sin agus mímhéaitseáil shuntasach sa phunann aibíochta.

Bhí tionchar suntasach i rith na bliana ag an íslíú céime maidir le rátaí creidmheasa an stáit, agus dá réir sin rátaí creidmheasa na Gníomhaireachta, agus ag tarraingt siar na hÉireann ó na margaí maoinithe, ar an teacht a bheadh ag an nGníomhaireacht ar mhaoiniú tríd an gclár ECP atá dírithe ar an margadh. Tar éis chlár cúnamh airgid an AE/IMF, rinne an Roinn Airgeadais riocht leachtachta agus maoinithe na Gníomhaireachta, go ceann 12 mhí ón dáta a cheadófar na ráitis airgeadais seo, a thabhairt faoi bhreithniú agus d'iarr an Roinn go leanfadh NTMA ag cur maoiniú GN ar fáil don Gníomhaireacht. Aontaíodh go gcuirfear maoiniú ar ráta comhlúthach tríd an gclár cúnamh airgid ar fáil ina thráinsí, agus tréimhse aibíochta 3 mhí i gceist le gach ceann. Tagann na nótaí GN faoi ráthaíocht Aire Airgeadais.

(c) Rioscaí margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an baol go rachadh athrú ar phraghsanna an mhargaidh, mar shampla rátaí úis agus rátaí malairte eachtraí, i bhfeidhm ar ioncam na Gníomhaireachta nó ar luach na n-ionstraimí airgeadais atá ina seilbh. Is é cuspóir na bainistíochta rioscaí margaidh go laghdófar oiread agus is féidir nó go bhfaighfear réidh go hiomlán le nochtacht do rioscaí an mhargaidh.

Bainistíocht rioscaí margaidh

Dealaíonn an Gníomhaireacht rioscaí margaidh ina rioscaí a bhaineann le hathrú ar rátaí athraitheacha úis, i rátaí malairte eachtraí agus i mboilsciú. Déantar bainistíocht ar nochtadh do riosca maidir le rátaí úis trí neamhréir idir a bhfuil faighte ar iasacht agus a bhfuil tugtha ar airleacan ag an nGníomhaireacht faoi scáth gach clár faoi leith – ráta seasta agus ráta athraitheach innéacsnaasctha, a chúngú oiread agus is féidir sin.

Déantar anailís ar na sócmhainní airgeadais thíos:	31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
Ráta seasta	97,204	129,235
Ráta comhlúthach:		
EURIBOR®	4,344,440	4,208,814
Innéacsnaasctha	133,735	135,042
	4,575,379	4,473,091

Thug an Gníomhaireacht airleacain nua ar ráta seasta agus ráta comhlúthach i rith na bliana airgeadais. (Ráta seasta €1.41 milliún; ráta comhlúthach €325.95 milliún. 2011: Ráta seasta €0.55 milliún; Ráta comhlúthach €292.03 milliún). Rangaítear airleacain innéacsnaasctha na Gníomhaireachta mar shócmhainní ar ráta comhlúthach.

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(c) Rioscaí margaidh (ar lean)

Próifíl riosca maidir le ráta úis ar shócmhainní airgeadais mar a bhí ag:

	31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
Meánráta úis seasta ualaithe	5.76%	5.76%
Meánráta úis comhlúthach ualaithe	2.30%	2.40%
Meántréimhse ualaithe a bhaineann le sócmhainní ar ráta úis seasta	16.9 bliana	19.6 bliana

Is iasachtaí ar feadh 30 bliain a eisíodh sa bhliain 1986 cuid mhór de na hiasachtaí ar ráta seasta ón nGníomhaireacht. Is ar feadh tréimhsí i bhfad níos giorra ná sin, téarmaí iasachta idir cúig agus deich mbliana ar an meán, a shocraítear iasachtaí nua a tugadh ar airleacan ón 27 Bealtaine 1986 ar aghaidh. Iasachtaí d'údaráis áitiúla ar feadh tréimhsí idir aon bhliain amháin agus caoga bliain atá i gceist leis na hiasachtaí ar ráta comhlúthach.

Bunaithe ar iarmhéideanna iasachta bunaidh ar airleacan, is téarma 23 bliain (2011: 22 bliain) an meán téarma bunaidh ualaithe.

Áirítear ar dhliteanais ar ráta comhlúthach Nótaí faoi Ráthaíocht na Gníomhaireachta, agus fiachas Bhanc Infheistíochta na hEorpa agus Comhairle Bhanc Forbartha na hEorpa. Fiachas gearrthéarma arna phraghsáil de réir innéacs athraithe (EURIBOR®) atá san fhiachas sin. Déantar iasachtaithe innéacsnaasctha, a phraghastar lasmuigh de Phraghas Innéacs Tomhaltóirí, a rangú ar dhliteanais ar ráta comhlúthach freisin. Is é tuairim na Stiúrthóirí go ndéantar an fiachas a rangú go cuí mar fhiachas ar ráta comhlúthach.

Déantar anailís ar na dliteanais airgeadais thíos:

	31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
Ráta seasta	93,360	95,293
Ráta Comhlúthach:		
EURIBOR®	4,198,631	4,109,897
Príomhsuim	-	-
Innéacsnaasctha	198,388	193,674
	4,490,379	4,398,864

Próifíl riosca ráta úis na ndliteanais airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2012:

	31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
Meánráta úis seasta ualaithe	8.93%	8.83%
Meánráta úis comhlúthach ualaithe	1.25%	2.38%
Meántréimhse ualaithe a bhaineann le sócmhainní ar ráta úis seasta	5.1 bliana	6.0 bliana

Cuimsíonn na dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach iasachtaí bainc lena ngabhann ús ar rátaí a shocraítear roimh ré ar feadh tréimhsí idir trí mhí agus sé mhí trína gcur i gcomórtas le EURIBOR® trí mhí agus sé mhí agus dliteanais innéacsnaasctha lena ngabhann ús ar rátaí a ríomhtar i gcomórtas leis an Innéacs Praghsanna Tomhaltaithe in Éirinn.

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(c) Rioscaí margaidh (ar lean)

Cuirtear na neamhchinnteachtaí seo a leanas san áireamh agus an beartas á shocrú i leith:

- cásanna in ar féidir le iasachtaithe iasacht a fhuascailt gan phionós;
- cásanna ina bhféadfadh nach mbeadh glacadh i gcónaí ag margaí speisialaithe (e.g. innéacsnaosctha) le heisiúintí agus le fuascailtí; agus
- cásanna ina bhfuil gnó na Gníomhaireachta faoi réir athruithe i mbeartas rialtais.

Is é cur chuige ginearálta na Gníomhaireachta i ndáil le bainistiú nochtadh riosca ó thaobh rátaí úis ná corrlaigh a shaothrú chun cur leis an mbrabúsacht agus beart a dhéanamh chomh maith trí rátaí úis a shocrú lena gcosnaítear an Gníomhaireacht ar rioscaí iarmhairte, de réir mar a fheictear sin, trí thagairt a dhéanamh do chásanna agus do thiomhdí éagsúla. Déanann an Bord measúnú ar an gcás go rialta agus socraíonn leibhéal na gcúlchistí atá de dhíth uair sa bhliain.

Léiríonn an tábla seo a leanas aibíocht agus athphraghsáil sócmhainní airgeadais ag dáta deireadh na bliana:

	Aibíocht 31 Nollaig 2012 €'000	Athphraghsáil 31 Nollaig 2012 €'000
Aibíocht agus athphraghsáil ráta úis sócmhainní airgeadais		
Suimeanna dlite i mí amháin nó níos lú	430,336	4,373,112
Suimeanna dlite idir aon mhí agus trí mhí	-	125
Suimeanna dlite idir trí mhí agus dhá mhí déag	335,725	114,597
Suimeanna dlite idir bliain amháin agus dhá bhliain	90,319	31
Suimeanna dlite idir dhá bhliain agus trí bliana	80,461	48
Suimeanna dlite idir trí bliana agus ceithre bliana	34,855	533
Suimeanna dlite idir ceithre bliana agus cúig bliana	36,141	11,375
Suimeanna dlite tar éis níos mó ná cúig bliana	3,567,542	75,558
	4,575,379	4.575,379

	Aibíocht 31 Nollaig 2011 €'000	Athphraghsáil 31 Nollaig 2011 €'000
Aibíocht agus athphraghsáil ráta úis sócmhainní airgeadais		
Suimeanna dlite i mí amháin nó níos lú	349,499	4,167,887
Suimeanna dlite idir mí amháin agus trí mhí	-	152,383
Suimeanna dlite idir trí mhí agus dhá mhí déag	346,973	-
Suimeanna dlite idir bliain amháin agus dhá bhliain	64,422	-
Suimeanna dlite idir dhá bhliain agus trí bliana	92,196	-
Suimeanna dlite idir trí bliana agus ceithre bliana	80,547	1,051
Suimeanna dlite idir ceithre bliana agus cúig bliana	37,207	3,634
Suimeanna dlite tar éis níos mó ná cúig bliana	3,502,280	148,169
	4,473,124	4,473,124

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(c) Rioscaí margaidh (ar lean)

Léiríonn an tábla seo a leanas aibíocht agus athphraghsáil dliteanas airgeadais ag dáta deireadh na bliana:

	Aibíocht €'000	Athphraghsáil €'000
Aibíocht, bearta leachtachta agus athphraghsáil ar ráta úis dliteanas airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2012		
In aibíocht i mí amháin nó níos lú	1,601,475	1,601,475
In aibíocht idir mí amháin agus trí mhí	2,522,836	2,565,336
In aibíocht idir trí mhí agus dhá mhí déag	-	230,207
In aibíocht i níos mó ná 1 bhliain agus níos lú ná 2 bhliain	-	-
In aibíocht i níos mó ná 2 bhliain agus níos lú ná 3 bliana	198,388	-
In aibíocht i níos mó ná 3 bliana agus níos lú ná 4 bliana	1,437	-
In aibíocht i níos mó ná 4 bliana agus níos lú ná 5 bliana	4,931	-
In aibíocht i níos mó ná 5 bliana	161,310	93,359
	4,490,377	4,490,377

Aibíocht, bearta leachtachta agus athphraghsáil ar ráta úis dliteanas airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2011

	Aibíocht €'000	Athphraghsáil €'000
In aibíocht i mí amháin nó níos lú	1,525,764	1,525,764
In aibíocht idir mí amháin agus trí mhí	2,506,158	2,551,158
In aibíocht idir trí mhí agus dhá mhí déag	304	228,943
In aibíocht i níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná 2 bhliain	-	-
In aibíocht i níos mó ná dhá bhliain agus níos lú ná 3 bliana	-	-
In aibíocht i níos mó ná trí bliana agus níos lú ná 4 bliana	193,673	-
In aibíocht i níos mó ná 4 bliana agus níos lú ná 5 bliana	1,797	-
In aibíocht i níos mó ná 5 bliana	171,168	92,999
	4,398,864	4,398,864

Áiseanna tiomanta neamhtharraingte

Bhí luach €75.68 milliún (2011: €167.24 milliún) d'áiseanna tiomanta neamhtharraingte ag an nGníomhaireacht mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2012, is iad seo na suimeanna seo atá fós le tarraingt ar áiseanna tiomanta ceadaithe.

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(c) Rioscaí margaidh (ar lean)

Íogaireacht i leith riosca ráta úis

Bheadh tionchar ag anailís ar íogaireacht na Gníomhaireachta i leith ardú nó laghdú i rátaí úis margaidh (ag glacadh leis go mbíonn seasamh cláir chomhordaithe seasta ann) ar ghnóthachain / (caillteanas) don bhliain airgeadais mar seo a leanas:

	100 bp d'ardú comhthreormhar €'000 Gnóthachan	100 bp de laghdú comhthreormhar €'000 (Caillteanas)	50 bp d'ardú comhthreormhar €'000 Gnóthachan	50 bp de laghdú comhthreormhar €'000 (Caillteanas)
Mar a bhí an 31 Nollaig 2012	11,727	(11,898)	5,863	(5,949)
Mar a bhí an 31 Nollaig 2011	11,267	(11,267)	5,633	(5,633)

Rinneadh na figiúirí thuas a ríomh trí mhaoiniú ECP ar ráta athraitheach ar na dátaí thuas leis na hiarmhéideanna gan íoc ar iasachtaí ar airleacan ar ráta athraitheach a fhritháireamh. Glactar le meánfhigiúr lárphointe don bhliain de réir an fhéilire, ó thaobh méaduithe ar rátaí úis thuas. Ní bhíonn suimeanna ar airleacan ar ráta seasta ná maoiniú ar ráta seasta íogair maidir le hathruithe i rátaí úis an mhargaidh agus, dá bhrí sin, ní chuirtear san áireamh san anailís seo iad.

Nochtadh do rioscaí maidir le ráta malairte eachtraí

Baineann an riosca maidir le hathrú ar rátaí malairte eachtraí leis na hidirbhearta seo a leanas:

Féadfaidh an Gníomhaireacht páipéar tráchtála fiachais le cúpón nialasach in airgeadraí seachas an t-airgeadra feidhmeach a eisiúint. Féadfaidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, ag feidhmiú di mar ghníomhaire, fálú a dhéanamh maidir leis an nochtadh i ndáil le hairgeadra eachtrach a bhainfeadh le haisíoc an fhiachais sin trí réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh a aontú maidir le suim sheasta euro a mhalartú ar shuim sheasta den airgeadra eachtrach. Faoi mar a bhí cúrsaí ar an 31 Nollaig sa bhliain 2012, ag cur san áireamh nach raibh aon fhiachas páipéir thráchtála ag an nGníomhaireacht in airgeadra seachas an euro, ní raibh aon nochtadh i gceist maidir le cúrsaí airgeadra.

Nochtadh do rioscaí eile margaidh – punainn neamhthrádala

Déanann lucht Riosca an Mhargaidh de chuid na Gníomhaireachta monatóireacht go rialta ar an riosca a bhainfeadh le praghasanna cothromais ach níl aon suntas leis sin faoi láthair i ndáil le torthaí agus riocht airgeadais na Gníomhaireachta go ginearálta.

Féadfaidh an Gníomhaireacht nótaí ECP in airgeadraí seachas an Euro a eisiúint. Ach féadfaidh an Gníomhaireacht an nochtadh i ndáil le hairgeadra eachtrach a fhálú trí réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh a aontú chun aon bhaol maidir le hairgeadra a thabhairt ar neamhní. Mar a bhí an 31 Nollaig 2012 ní raibh aon nochtadh airgeadra ná airgeadra eachtrach gan íoc nó bearta clár páipéir eurothráchtála (ECP) gan íoc.

Nochtadh do riosca maidir le ráta boilscithe

Eascaíonn riosca a bhaineann le boilsciú mar gheall ar neamhréir idir suimeanna iasachta agus airleacain innéacsna, a bhaineann go dlúth leis na conarthaí is ábhar don dá thaobh de leabhar na Gníomhaireachta. Déanann an Gníomhaireacht bainistíocht i leith an riosca sin, nuair nach bhfuil ionstraimí fálaithe ar fáil go réidh, trí phunainn na suimeanna a fuarthas ar iasacht agus na suimeanna a tugadh ar iasacht a chur i gcomhréir lena chéile a oiread is féidir agus corrlaigh a shocrú sa bhreis ar an gcostas agus sin á cheadú ag an mBord. Is é beartas na Gníomhaireachta a chinntiú go gcuirtear cúlchistí leordhóthanacha de leataobh chun soláthar do na rioscaí ionchais aitheanta sa tréimhse lena mbaineann nochtadh dá leithéid.

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(c) Rioscaí margaidh (ar lean)

Amhail an 31 Nollaig 2012, ba é €69.26 milliún (2011: €62.14 milliún) an neamhréir boilscthe-is ionann an mhímheaitseáil seo agus luach na mbannaí mar a bhí an 31 Nollaig 2012 lúide airleacain d'iasachtaí innéacsnaasctha a bhí amuigh ag deireadh na bliana. I ndáil le neamhréir boilscthe agus athraitheacht maidir le corrlaigh, socraíonn an Bord figiúr cúlchiste don bhliain reatha, arna bhunú ar phátrúin san am roimhe sin. Maidir le réimsí eile (e.g. an costas ionchais a d'fhéadfadh baint le neamhréir idir sócmhainní ar ráta fadtéarmach seasta (airleacan le húdaráis áitiúla) agus dliteanais (bannaí), cuireann an Bord cúlchistí i leataobh arna mbunú ar luach glan reatha na gcaillteanas ionchais de réir rátaí lascaire reatha an mhargaidh.

Bhí luach cóir na sócmhainní innéacsnaasctha níos airde ná an luach iompair mar gheall go ngearrtar an ráta ioncaim ar na hiasachtaí innéacsnaasctha ar chorrach infheidhme ar ráta seasta móide boilsctí. Téann sin i bhfeidhm freisin ar an ráta torthaí banna ábharta de chuid Rialtas na hÉireann mar a bhí ar an dháta an chlár chomhardaithe.

Seo mar a leanas an anailís ar íogaireacht na Gníomhaireachta maidir le hardú nó ísliú ar na rátaí boilscthe a chuirtear san áireamh leis an innéacs praghasanna tomhaltais (ar an tuiscint go leanann staid an chlár chomhardaithe mar atá).

	100 bp d'ardú comhthreormhar €'000 (Caillteanas)	100 bp de laghdú comhthreormhar €'000 Gnóthachan	50 bp d'ardú comhthreormhar €'000 (Caillteanas)	50 bp de laghdú comhthreormhar €'000 Gnóthachan
An 31 Nollaig 2012	(346)	346	(173)	173
An 31 Nollaig 2011	(317)	317	(159)	159

Luach Cóir

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2012 agus an 31 Nollaig 2011:

	Luach Anonn €'000	Luach Cóir €'000
<i>31 Nollaig 2012</i>		
Sócmhainní airgeadais		
Iasachtaí agus Infháltais		
Ráta seasta	97,204	104,509
Ráta comhlúthach	4,344,440	4,344,440
Innéacsnaasctha	133,735	137,962
	4,575,379	4,586,911
Dlíteanais airgeadais		
Ráta seasta	93,360	117,068
Ráta comhlúthach	4,198,631	4,198,631
Innéacsnaasctha	198,388	209,474
	4,490,379	4,525,173

Táthar den tuairim gur meastachán réasúnta ar an luach cóir an tsuim ghlanluacha a luaitear le gach sócmhainn nó dlíteanas nach ar a luach cóir atá sé á iompar.

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

15. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

(c) Rioscaí margaidh (ar lean)

31 Nollaig 2011

	Luach Anonn	Luach Cóir
	€'000	€'000
Sócmhainní airgeadais		
Ráta seasta	129,235	107,596
Ráta comhlúthach	4,208,847	4,208,847
Innéacsnaasctha	135,042	131,621
	4,473,124	4,448,064
Dlíteanais airgeadais	95,293	95,868
Ráta comhlúthach	4,109,897	4,109,897
Innéacsnaasctha	193,674	160,968
	4,398,864	4,366,733

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht i margadh sách speisialta lena bhfreastalaítear ar riachtanas le maoiniú d'údarais áitiúla agus don tithíocht shóisialta. Is deacair mar sin faisnéis mhargaidh a fháil ar a ríomhaí luach cothrom dá sócmhainní agus dlíteanas innéacsnaasctha agus ar ráta seasta. Táthar tar éis luachanna cothroma sócmhainní agus dlíteanas ar ráta seasta a lascaíniú agus úsáid á baint as torthaí bhannaí Rialtas na hÉireann mar a bhí ar dháta an chláir chomhardaithe. Tá seo bunaithe ar a nochtaithe is atá an Ghníomhaireacht do rioscaí Ceannasacha faoi mar a phléitear sa chuid den nóta seo a bhaineann le rioscaí ó thaobh leachtachta. Is ionann é sin agus athrú ar an gcur chuige a bhí i réim sa bhliain roimhe. Mar sin, tá comparáidí na bliana roimhe coigeartaithe go mbeidís ailínithe le modheolaíocht na bliana reatha. Faoi mar a bhí amhlaidh sa bhliain roimhe, taispeántar sócmhainní agus dlíteanais ar ráta comhlúthaigh ar luach par atá dlite dóibh toisc gur téarma gearrthéarmach a n-aibíochtaí.

Is ionann luach cóir shócmhainní na Gníomhaireachta arna ríomh agus €4.6 billiún (2011: €4.4 billiún) agus tá luach cothrom a cuid dlíteanas measta ag €4.5 billiún (2011: €4.4 billiún). D'fhéadfadh suim difriúil go maith teacht chun cinn dá mbeadh duine le húsáid a bhaint as modhanna malartacha le luach cothrom a ríomh.

Agus sin á roghnú mar mhodheolaíocht, shocraigh an Ghníomhaireacht gan leas a bhaint as an bpraghas a luaitear ar an margadh leis na bannaí innéacsnaasctha ó tharla gur beag é líon na stocshealbhóirí agus gur annamh a dhéantar trádáil ar na bannaí. Measadh gur chruinne an léiriú atá ar an gcás ón luach a lua i gcomórtas leis na rátaí athraitheacha agus ligeann sin do na sócmhainní agus na dlíteanais araon a mheasúnú ar bhonn den chineál céanna.

16. Cúlchiste fálaithe/ fálú sreabhadh airgid

	2012	2011
	€'000	€'000
Iarmhéid ag tús na bliana	-	(19)
Cion éifeachtach athruithe ar luach cóir fáluithe sreabhadh airgid	-	-
Glanathruithe ar luach cóir fáluithe sreabhadh airgid athmhuipearaithe go gnóthachan agus caillteanas	-	19
Iarmhéid ag deireadh na bliana	-	-

17. Ráiteas faoi shreabhadh airgid thirim

	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
(a) Réiteach idir barrachas oibriúcháin/(easnamh) agus eis-sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas oibriúcháin don bhliain airgeadais	14,840	3,478
Caiteachas díreach (Nóta 4)	91,218	111,709
Táillí Airgeadais	(316)	(229)
Dímheas (Nóta 9)	24	29
Amúchadh speansais eisiúint páipéir eurothráchtala	-	(115)
Ús a fuarthas	272	117
Ús a íocadh	(85,500)	(99,643)
Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre:		
Laghdú ar shuimeanna dlite ó údaráis áitiúla agus ó chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (Nóta 8)	(81,867)	89,848
Méadú ar fhéichiúnaithe agus ar réamhíocaíochtaí eile	(189)	(19,300)
(Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe	(4,446)	(57)
Barrachas na ranníocaíochtaí thar costas	(60)	(53)
Laghdú ar dhíorthaigh	-	7,082
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid thirim/ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(66,024)	92,866

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

17. Ráiteas faoi shreabhadh airgid thirim (ar lean)

	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
(b) Ollshreabhadh airgid thirim		
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh a dhéanamh ar airgeadas		
Caiteachas caipitil		
Íocaíochtaí chun socmhainní seasta inláimhsithe a fháil	(26)	(17)
Eis-sreabhadh glan airgid thirim ó chaiteachas caipitil agus ó dhiúscairtí	(26)	(17)
Maoiniú fiachais		
Méadú / (laghdú) ar iasachtaí bainc agus ar nótaí iníoctha	86,438*	(109,551)
Glan-insreabhadh airgid thirim ó athrú ar fhiachas	86,438	(109,551)

* B'ionann na fáltais ó iasachtaí a eisíodh le linn 2012 na €32.06 billiún (2011: €126.20 billiún) agus b'ionann aisíocaíocht iasachtaí le linn 2012 na €31.97 billiún (2011: €126.31 billiún).

	An 31 Nollaig 2012 €'000	Sreafaí airgid €'000	Gluaiseachtaí neamh-airgid €'000	An 31 Nollaig 2011 €'000
(c) Anailís ar athruithe ar ghlanfhiachas				
Airgead tirim agus a choibhéisí	20,881	20,388	-	493
Rótharraingt	-	-	-	-
	20,881	20,388	-	493
Iasachtaí bainc, ECP agus nótaí iníoctha laistigh d'aon bhliain amháin	(4,124,311)	(92,085)	-	(4,032,226)
Iasachtaí bainc agus nótaí iníoctha tar éis bliana	(74,319)	5,647	-	(79,966)
Bannaí innéacsnaasctha	(95,648)	-	152	(95,800)
Soláthar don phréimh ar fhuascailt bhannaí	(102,740)	-	(4,866)	(97,874)
Stoc 8.75% na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta 2018	(93,360)	-	(362)	(92,998)
	(4,469,497)	(66,050)	(5,076)	(4,398,371)

18. Scairchaipiteal

Tá 30,000 gnáthscair ann ar luach €1.30, iad údaraithe, leithroinnte, glaoite agus láníoctha sa chaoi agus go mb'ionann a luach iomlán agus €39,000 ar an 31 Nollaig 2012 agus 2011.

19. Réiteach maidir le barrachas coinnithe

	31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
Barrachas coinnithe ag tús na bliana	59,122	55,647
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain airgeadais	13,723	3,475
Barrachas coinnithe ag deireadh na bliana	72,845	59,122

20. Réiteach maidir le cistí na scairshealbhóirí

	31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
Cistí scairshealbhóirí ag tús na bliana	59,161	55,667
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain airgeadais	13,723	3,494
Cistí scairshealbhóirí ag deireadh na bliana	72,884	59,161

21. Ceangaltais

Ceangaltais lasachta

Maidir le hiasachtú ionchais de chuid na Gníomhaireachta, ceadaíodh iarratais ar iasachtaí de €13.81 milliún nár tarraingíodh síos an 31 Nollaig 2012. (2011: € 8.47 milliún)

Ceangaltas Léas Oibriúcháin

Tá ceangaltas ar an nGníomhaireacht faoi léas oibriúcháin (áitribh oifige) íocaíochtaí bliantúla mar a leanas a dhéanamh:

Léas ag dul in éag	Foirgnimh
	€'000
Tréimhse is giorra ná aon bhliain amháin	-
Tar éis bliana ach níos giorra ná cúig bliana	153
Tar éis cúig bliana	-

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

22. Barrachas/(easnamh) pinsin

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht scéim pinsin le sochair shainithe a chlúdaíonn gach fostaí buan.

Ar an 31 Nollaig 2010 a rinneadh an luacháil iomlán achtúireachta is deireanaí agus úsáid á bhaint as an Modh Comhiomláin. Ba é an toimhde ba shuntasáí a bhí mar bhonn faoin luacháil achtúireachta go sáródh an ráta fadtéarma fáltais ar infheistíochtaí an boillsciú maidir le tuarastail le 2% in aghaidh na bliana.

Ar an 31 Nollaig 2012 b'ionann luach an mhargaidh ar shócmhainní an chiste ná €3.38 milliún (2011: €2.77 milliún). Tá ardú déanta ar na ranníocaíochtaí isteach sa chiste de réir moladh an achtúire. Tá an tuarascáil achtúireachta ar fáil lena grinnschrúdú ag comhaltaí na scéime.

Chun críche FRS 17 Sochair Scoir, tá na sonraí luachála is deireanaí tugtha i leith go dtí an 31 Nollaig 2012 ag achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil ar bhonn mhodh chostas réamh-mheasta an aonaid. Seo a leanas na gnéithe is tábhachtaí den bhonn tuisceana achtúireachta a úsáideadh:

	2012	2011	2010
	%	%	%
Ráta ardaithe ar thuarastail	3.50	3.75	3.75
Ráta ardaithe ar íocaíochtaí pinsin	2.00	2.00	2.00
Ráta lascaine	3.25	5.10	5.10
Toimhde boillscithe	2.00	2.00	2.00
Ráta básmhaireachta	2012	2011	2010
Tar éis dul ar scor – fear in aois a 65	24.1 bliain	23.5 bliain	23.5 bliain
Tar éis dul ar scor – bean in aois a 65	27.8 bliain	25.3 bliain	25.3 bliain

22. Barrachas/(easnamh) pinsin (ar lean)

Arna bhunú ar na toimhdí sin, leagtar amach sa tábla seo a leanas margadhluach shócmhainní na scéime le sochair shainithe chomh maith le mionsonraí na rátaí fáltais fadtéarmacha ionchais a mbaintear leas astu chun an tsuim a luaitear sa chuntas ioncaim agus caiteachais a ríomh. Léirítear freisin an luacháil is deireanaí maidir le dliteanais na scéime arna leasú i ndáil le gluaiseachtaí sna toimhdí airgeadais:

	An ráta fáltais fadtéarmach a raibh súil leis ar 31 Nollaig 2012		An ráta fáltais fadtéarmach a raibh súil leis ar 31 Nollaig 2011		An ráta fáltais fadtéarmach a raibh súil leis ar 31 Nollaig 2010	
	An luach ar 31 Nollaig 2012	An luach ar 31 Nollaig 2012	An luach ar 31 Nollaig 2011	An luach ar 31 Nollaig 2011	An luach ar 31 Nollaig 2010	An luach ar 31 Nollaig 2010
	%	€'000	%	€'000	%	€'000
Cothromais	5.70	2,691	7.00	1,335	7.00	1,279
Bannaí	2.70	644	4.00	1,258	4.00	1,189
Maoin	3.70	46	6.50	83	6.50	71
Airgead tirim agus sócmhainní eile	1.00	-	2.00	97	2.00	92
Iomlán mhargadhluach shócmhainní na scéime pinsin		3,381		2,773		2,631
Luach láithreach dliteanais na scéime pinsin		(4,060)		(2,124)		(1,894)
Barrachas/(easnamh) scoir glan iomlán sa scéim		(679)		649		737
Barrachas/(easnamh) glan iomlán pinsin aitheanta ar an gclár comhardaithe		(679)		649		737

Rinneadh an fáltas ionchais a ríomh trí theacht ar mheán ualaithe na bhfáltas fadtéarmacha ionchais ó gach ceann de na príomhaicmí sócmhainní atá sa scéim – glactar le hualach de réir an sciar den scéim a bhaineann le gach ceann de na príomhaicmí sócmhainní sin. Léiríodh tionchar an tobhaigh pinsin sa toradh ionchais freisin. I gcás na gcothromas, glactar le toradh ionchais is ionann agus 5.7% p.a., 3.7% i gcás réadmhaoine agus 2.7% i gcás na mbannaí. Maidir le hairgead tirim, is ionann an fáltas a bhfuil súil leis agus 1.0%.

Féadtar anailís a dhéanamh ar bharrachais agus ar chaillteanas na scéime mar seo a leanas:

	31 Nol 2012	31 Nol 2011	31 Nol 2010	31 Nol 2009	31 Nol 2008
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Pinsin	3,381	2,773	2,631	2,823	1,948
Dlíteanais Phinsin	(4,060)	(2,124)	(1,894)	(2,344)	(2,025)
Barrachas/Easnamh	(679)	649	737	479	(77)

Tá an costas seo aitheanta sa líne costas riaracháin den chuntas ioncaim agus caiteachais.

Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad (ar lean)

22. Barrachas/(easnamh) pinsin (ar lean)

Stair an ghnóthachain agus an chaillteanais achtúireachta

	31 Nol 2012	31 Nol 2011	31 Nol 2010	31 Nol 2009	31 Nol 2008
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
An difríocht idir toradh ionchais agus toradh iarbhír ar shócmhainní	344	(190)	75	152	(661)
Arna lua mar chéatadán de shócmhainní scéime	10.17%	6.86%	2.85%	5.38%	(33.9%)
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime	(1,725)	38	34	(89)	(159)
Arna lua mar chéatadán de dhliteanas na scéime	42.49%	1.79%	1.8%	3.80%	7.85%
Iomlán ghnóthachain agus chaillteanais achtúireachta	(1,381)	(152)	109	63	(820)
Arna lua mar chéatadán de dhliteanais na scéime	34.01%	7.16%	5.76%	2.69%	40.5%

Gnóthachain agus caillteanais achtúireachta charnacha aitheanta in ioncam cuimsitheach eile:

	2012	2011
Suim charnach ar 1 Eanáir	(1,119)	(967)
Aithníodh i rith na tréimhse	(1,381)	(152)
Suim charnach ar 31 Nollaig 2012	(2,500)	(1,119)

Athruithe i luach reatha na hoibleagáide sa tsochar sainithe mar a leanas:

	2012	2011
	€'000	€'000
Easnamh ar 1 Eanáir	(2,124)	(1,895)
Costas seirbhíse reatha agus roimhe seo	(90)	(97)
Costas Úis	(112)	(102)
Ranníocaíocht fostaithe	(20)	(24)
(Caillteanais) agus gnóthachain/achtúireachta	(1,725)	38
Costais seirbhíse roimhe seo	-	(59)
Sochair íoctha	11	15
Easnamh ar 31 Nollaig	(4,060)	(2,124)

22. Barrachas/(easnamh) pinsin (ar lean)

Mar seo a leanas na hathruithe i luach cóir na sócmhainní sa phlean:

	2012 €'000	2011 €'000
Luach cóir ar shócmhainní an phlean ar 1 Eanáir	2,773	2,631
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean	104	134
Ranníocaíochtaí ó fhostóirí	150	189
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	20	24
Gnóthachain achtúireachta	344	(190)
Sochair íoctha	(10)	(15)
Luach cóir ar shócmhainní an phlean ar 31 Nollaig	3,381	2,773

Eolas breise

	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Ranníocaíochtaí Fostóirí ionchais	130	167

23. Imeachtaí tar éis an chláir chomhardaithe

Níor tharla aon imeacht suntasach tar éis dheireadh na bliana a d'fhágadh go dteastódh nochtadh nó coigeartú ar na cuntais.

24. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'aontaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais iniúchta, atá de réir an leagan amach atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar an 4 Aibreán 2013.

Aguisín 1: Iarmhéid gan íoc ag údaráis áitiúla agus ag comhlachtaí tithíochta ceadaithe (neamhiniúchta)

Údarás Áitiúil	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
Comhairle Baile Bhaile Átha Luain	6,830	2,320
Comhairle Baile Bhaile Átha Í	4,160	4,161
Comhairle Baile Bhré	7,474	7,444
Comhairle Baile Bhun Dóráin	2,023	1,977
Comhairle Chontae Cheatharlach	46,070	46,475
Comhairle Baile Cheatharlach	2,750	2,750
Comhairle Baile Charraig na Siúire	418	413
Comhairle Baile Chaisleán an Bharraigh	6,000	6,001
Comhairle Baile Bhaile na Lorgan	54	61
Comhairle Chontae an Chabháin	23,574	22,863
Comhairle Chontae an Chláir	65,945	51,583
Comhairle Baile Chluain Eois	166	173
Comhairle Bhuirg Chluain Meala	4,635	4,837
Comhairle Cathrach Chorcaí	142,804	144,796
Comhairle Chontae Chorcaí	411,030	391,454
Comhairle Chontae Dhún na nGall	141,126	124,291
Comhairle Bhuirg Dhroichead Átha	68,043	67,206
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	882,757	898,917
Comhairle Baile Dhún Dealgan	53,342	51,780
Comhairle Baile Dhún Garbháin	1,075	2,124
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	151,541	155,037
Comhairle Baile Inis	2,041	2,125
Comhairle Baile Mhainistir Fhear Maí	349	345
Comhairle Chontae Fhine Gall	368,260	387,838
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	102,923	103,120
Comhairle Chontae na Gaillimhe	96,559	97,485
Comhairle Chontae Chiarraí	85,969	85,962
Comhairle Chontae Chill Dara	123,256	127,009
Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh	836	606
Comhairle Chontae Chill Chainnigh	49,281	51,039
Comhairle Chontae Laoise	129,641	132,079
Comhairle Chontae Liatroma	12,613	13,429
Comhairle Baile Leitir Ceanainn	9,970	3,838
Comhairle Cathrach Luimnigh	14,111	15,247

Údarás Áitiúil	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Comhairle Chontae Luimnigh	45,586	43,640
Comhairle Baile Lios Tuathail	847	831
Comhairle Chontae an Loingfoirt	43,864	43,113
Comhairle Baile an Loingfoirt	732	845
Comhairle Chontae Lú	28,530	28,714
Comhairle Chontae Mhaigh Eo	108,858	85,889
Comhairle Chontae na Mí	83,656	84,343
Comhairle Chontae Mhuineacháin	31,412	33,642
Comhairle Baile an Nás	-	620
Comhairle Baile na hUaimhe	5,662	5,902
Comhairle Baile an Aonaigh	2,750	2,750
Comhairle Baile Ros Mhic Thríúin	3,175	1,057
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh	48,172	49,087
Comhairle Chontae Uíbh Fáilí	37,435	38,697
Comhairle Chontae Ros Comáin	23,521	9,707
Comhairle Baile an Sciobairín	1,457	1,424
Comhairle Bhuirg Shligigh	42,761	43,057
Comhairle Chontae Shligigh	72,800	65,816
Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	245,426	247,455
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Theas	62,484	60,041
Comhairle Baile Thrá Lí	14,606	14,273
Comhairle Baile Thulach Mhór	4,837	4,727
Comhairle Cathrach Phort Láirge	95,069	98,453
Comhairle Chontae Phort Láirge	47,364	42,202
Comhairle Chontae na hIarmhí	100,071	101,515
Comhairle Baile Chathair na Mart	3,770	3,895
Comhairle Bhuirg Loch Garman	7,390	4,646
Comhairle Chontae Loch Garman	145,335	149,322
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	103,701	80,623
Comhairle Baile Chill Mhantáin	3,003	6,056
Fo-iomlán	4,431,900	4,359,128
Cumann Tithíochta Clúid	7,970	-
Iontaobhas Tithíochta Oaklee	778	-
Iomlán	4,440,648	4,359,128

Aguisín 2: Iasachtaí arna dtabhairt ar airleacan ag údaráis áitiúla agus comhlacht tithíochta ceadaithe (neamhiniúchta)


Údarás Áitiúil	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011
	€'000	€'000
Comhairle Baile Bhaile Átha Luain	4,500	-
Comhairle Chontae Cheatharlach	849	9,500
Comhairle Chontae an Chabháin	1,879	4,335
Comhairle Chontae an Chláir	16,585	509
Comhairle Cathrach Chorcaí	-	3,376
Comhairle Chontae Chorcaí	48,923	49,441
Comhairle Chontae Dhún na nGall	23,614	33,679
Comhairle Bhuirg Dhroichead Átha	1,075	702
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	44,362	63,637
Comhairle Baile Dhún Dealgan	2,650	1,701
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	1,274	13,310
Comhairle Baile Inis	-	2,125
Comhairle Chontae Fhine Gall	2,650	13,835
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	9,854	1,000
Comhairle Chontae na Gaillimhe	5,577	12,712
Comhairle Chontae Chiarraí	4,750	3,264
Comhairle Chontae Chill Dara	104	725
Comhairle Chontae Chill Chainnigh	1,689	2,309
Comhairle Bhuirg Chill Chainnigh	291	-
Comhairle Chontae Laoise	2,839	1,458
Comhairle Baile Leitir Ceanainn	6,300	-
Comhairle Cathrach Luimnigh	10,000	-
Comhairle Chontae Luimnigh	4,675	1,255
Comhairle Chontae an Longfoirt	2,549	1,697
Comhairle Chontae Lú	267	446
Comhairle Chontae Mhaigh Eo	32,829	10,800
Comhairle Chontae na Mí	1,101	-
Comhairle Chontae Mhuineacháin	464	75
Comhairle Baile na hUaimhe	-	3,500
Comhairle Baile an Aonaigh	-	1,000
Comhairle Baile Ros Mhic Thriúin	3,200	-
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh	996	670
Comhairle Chontae Uíbh Fáilí	798	-

Údarás Áitiúil	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 €'000	An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011 €'000
Comhairle Chontae Ros Comáin	14,170	2,710
Comhairle Chontae Shligigh	11,709	3,626
Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	7,844	13,691
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Theas	5,298	4,151
Comhairle Cathrach Phort Láirge	2,893	6,200
Comhairle Chontae Phort Láirge	6,764	4,137
Comhairle Chontae na hIarmhí	1,555	504
Comhairle Bhuirg Loch Garman	3,000	-
Comhairle Chontae Loch Garman	950	10,000
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	27,788	10,500
	318,615	292,580
Cumann Tithíochta Clúid	7,970	-
Iontaobhas Tithíochta Oaklee	778	-
Iomlán	327,363	292,580

Aguisín 3: Iarmhéid gan íoc ar an leabhar iasachta ó thaobh ráta, cinéal agus téarma na hiasachta (neamhiniúchta)

	Ráta Seasta €'000	Ráta Athraitheach €'000	Innéacsnaicthe Tar eis Bealtaine 1986 €'000	Iomlán Réamh Bealtaine 1986 €'000	€'000
0 go 5 bliana	16,044	853,042	40	3,980	873,106
6 go 10 mbliana	6,720	159,266	-	27,323	193,309
11 go 15 bliana	11,787	396,302	-	79,321	487,410
16 go 20 bliain	15,432	1,061,050	-	-	1,076,482
21 go 25 bliain	30,741	887,742	-	-	918,483
26 go 30 bliain	10,879	674,512	-	-	685,391
31 go 40 bliain	-	186,589	19,878	-	206,467
Iomlán	91,603	4,218,503	19,918	110,624	4,440,648

Aguisín 4: Struchtúr Foirne na Gníomhaireachta



* Roinnt oibre

... Chun críocha iniúcháireachta inmheánaigh amháin.



